


# Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh

Imleabhar 1

Uimh 2

Samhradh 2007



## Leanaí ar an Imeall: Fócas ar Chúram Leanaí



COURTS SERVICE  
An tSeirbhís Chúirteanna

# Clár Ábhar

## Réamhrá

Spotsolas ar chúram leanaí leis an Dr Carol Coulter . . . . . 1

## Tuairim

Leanaí ar an imeall: Cúirt Dúiche 20 leis an mBreitheamh Conal Gibbons . . . 2

## Tuairiscí / Cúram Leanaí

Tógann fear céile coimhthithe pas a mhná . . . . . 8

Ordú maoirseachta de bharr drochthinrimh ar scoil . . . . . 9

Téann bean chuig teach a máthar ar meisce . . . . . 10

Diúltaíonn athair do chomhairle síciteiripe . . . . . 11

Déagóir faoi chúram ag iarraidh dul ar coláiste . . . . . 12

## Tuairiscí / Caomhnú agus rochtain

‘Ní féidir leat a bheith ag bogadh leanaí thart an iomarca’ . . . . . 13

Cáineadh tuismitheoirí toisc drochshampla a thabhairt do leanaí . . . . . 16

Cuireann breitheamh cás ar atráth chun labhairt le leanbh . . . . . 18

Ní féidir le hathair a leanbh a thabhairt chuig an RA . . . . . 19

Ordú do mháthair rochtain a cheadú . . . . . 20

## Tuairiscí / Áras an teaghlaigh

Cás níos casta de bharr míchumas linbh . . . . . 22

‘Rinne mé soláthar maith dóibh...ansin d’imigh mé leis an ólachán’ . . . . . 24

## Tuairiscí / Iompar

Cúltortann straitéis ar fhear céile . . . . . 25

Éileamh adhaltranais tréigthe tar éis lá amháin fianaise . . . . . 27

## Tuairiscí / Moill

Ag glanadh an riaráiste ar Chuaird Lár na Tíre . . . . . 30

## Tuairiscí / Go hAchomair . . . . . 31

## Staitisticí agus Treochtaí

Gach rud réitithe i gCorcaigh . . . . . 34

## Breithiúnais / An Ard-Chúirt

D’fhéadfadh bean chéile filleadh chun na cúirte don dara greim . . . . . 38

## Breithiúnais / An Chúirt Chuarda / Neamhniú

Lánúin gan a bheith ábalta gnáthchaidreamh pósta a bheith acu . . . . . 40

Ní bunús pósta mí-úsáid drugaí agus fonn cabhrach . . . . . 41

## Tuairim / Pinsin

Pinsin? Níl gá le scaoll, leis an Ombudsman na bPinsean Paul Kenny . . . . . 43

## Admhálacha

Arna chur in eagar ag  
Carol Coulter

Arna fho-chur in eagar ag  
Therese Caherty

Léaráidí le Kevin  
McSherry

Cairteacha agus táblaí le  
[www.gsdc.net](http://www.gsdc.net)

Grianghraif le caoinchead  
ón tSeirbhís Chúirteanna  
agus The Irish Times

Obair ealaíne  
[www.gsdc.net](http://www.gsdc.net)

Arna chlóbhualadh ag  
Brunswick Press

Foilsíonn an tSeirbhís  
Chúirteanna *Cúrsaí an  
Dlí Teaghlaigh*, agus tá sé  
ar fáil ón Oifig Eolais, An  
tSeirbhís Chúirteanna, 6ú  
hUrlár, Teach an  
Fhionnuisce,  
Margadh na Feirme,  
Baile Átha Cliath 7.  
Bíonn sé ar fáil ó  
láithreán gréasáin na  
Seirbhíse Cúirteanna  
freisin, [www.courts.ie](http://www.courts.ie)

# Spotsolas ar chúram leanaí

Tá eagrú beagáinín difriúil ar an eagrán seo de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* ón gcéad cheann, a foilsíodh mí Feabhra seo caite. Mar a rinneadh leis an eagrán roimhe, tá an t-ábhar roinnte ar an gcaoi seo: tuarascálacha, breithiúnais, agus staitisticí agus treochtaí. Tá píosa roimh na Tuarascálacha ó Chúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath Uimhir 20 ón mBreitheamh Conal Gibbons, a shuíonn sa chúirt seo. Roinntear na tuarascálacha ó Chúirteanna Cuarda difriúla de réir téamaí, faoi na ceanteidil coimeád agus rochtain, áras an teaghlaigh, iompar agus moill. Tagann an anailís staitistiúil ó Chorcaigh san eagrán seo, tá trí bhreithiúnas ann, ina measc ceann ón Ard-Chúirt ar réiteach “iomlán deiridh”, agus píosa ón Ombudsman na bPinsean Paul Kenny.

Tarraingíodh aird faoi leith ar cheist leanaí i gcúram níos túisce i mbliana leis an gcás san Ard-Chúirt maidir le “D”, an cailín 17 mbliana d’aois a bhí ag iompar agus a bhí ag iarraidh taisteal chun na Breataine chun ginmhilleadh a fháil mar gheall nach mairfeadh an leanbh. Tharraing sé seo aird an phobail, chomh maith le haird na cúirte, ar leanaí a chuirtear faoi chúram an FSS, agus cumhachtaí an FSS sna cásanna seo.

Mar chomhtharlú, bhí *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* i láthair, sular tharla sé sin, ag an gCúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath ina reáchtáiltear go leor de na cásanna seo. Mar sin bhíomar in ann tuairisc a thabhairt ar go leor acu, ag taispeáint na gcúinsí ina dtógtar leanaí isteach i gcúram, nó nuair a chuirtear faoi ordú maoirseachta ina dteach féin iad.

Tá an t-ádh orainn freisin cead a bheith againn ón mBreitheamh Conal Gibbons, a d’éist go leor de na cásanna seo, sliocht as páipéar a thug sé don Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha a fhoilsiú faoin gcaoi a n-oibríonn an dlí sa réimse seo. Leagann sé béim ar leochaileacht na leanaí a dtagann a gcásanna roimhe, agus léiríonn sé na fáthanna a dtógtar faoi chúram iad. Is trasghearradh de na fáthanna sin iad na cásanna a fhoilsimid anseo. Taispeánann sé freisin nach gciallaíonn sé i gcónaí go dtógtar ón teaghlach go deo iad nuair atá baint ag an FSS le leas leanaí atá i mbaol. Malairt scéil atá ann, agus déantar léirmheas leanúnach ar a gcás.

Is é an réimse eile ina ndéanann na cúirteanna breithniú ar thodhchaí leanaí ná nuair a bhíonn díospóid idir na tuismitheoirí maidir lena gcoimeád, agus rochtain an tuismitheora nach bhfaigheann coimeád orthu. Is féidir na ceisteanna seo a réiteach sa Chúirt Dúiche, agus go minic déantar é seo, go háirithe nuair nach bhfuil an lánúin pósta. Beidh an chéad eagrán eile de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* ag díriú ar obair na Cúirte Dúiche, ach san eagrán seo rinneamar iniúchadh ar an gcaoi a ndéileálann na Cúirteanna Cuarda le coimeád agus rochtain, i gcomhthéacs an idirscartha agus an



cholscartha, nó nuair a dhéantar achomharc ar chinneadh na Cúirte Dúiche.

Is é an phríomhshócmhainn sa chuid is mó d’imeachtaí a bhaineann le hidirscaradh agus colscaradh ná áras an teaghlaigh, agus tá na hábhair is cúram do dhaoine maidir le fáil réidh leis léirithe sna cásanna a ndéantar tuairisc orthu anseo.

Ardaítear ceist iompar céile amháin nó an chéile eile in imeachtaí dlí teaghlaigh go minic, cé nach mbíonn tionchar aige ar an toradh ar deireadh, ach amháin má bhíonn sé “mór soiléir”. Go ginearálta, is fearr leis na cúirteanna féachaint chun cinn, ag iarraidh cabhrú leis na páirtithe dul ar aghaidh lena saol, seachas a bheith ag díriú ar an gcúis a bhí le briseadh suas an phósta. Uaireanta is féidir le hiompar tionchar a bheith aige ar an toradh áfach, go háirithe iompar i gcás a bhí fada tarraingthe amach.

Tá roinnt imní ann faoin mhoill le cásanna ag dul chomh fada leis an gcúirt. I gcúirt amháin ar an gCuaird Lár Tíre bhí seachtain speisialta dlí teaghlaigh mar thoradh air seo, faoi cheannas an bhreithimh Con Murphy, a rinne iarracht líon mór cásanna a phróiseáil. Tá cuntas againn ar an gcaoi ar éirigh leis.

Baineann an dá bhreithiúnas sa Chúirt Cuarda le hiarratais ar neamhniú. Bhí 39 iarratas ann in 2005, an bhliain dheireanach dá bhfuil figiúirí ar fáil. Nuair atá neamhniú deonaithe, tá impleachtaí tábhachtacha aige seo do na faoisimh atá ar fáil, má ghlactar leis nach raibh na páirtithe pósta riamh.

Ar deireadh, táimid an-sásta a bheith in ann píosa tábhachtach a fhoilsiú a chuireann leis an díospóireacht ar réimse thar a bheith casta dlí teaghlaigh, is é sin orduithe coigeartaithe pinsin, leis an Ombudsman na bPinsean Paul Kenny.

*Dr Carol Coulter*

# Leanaí ar an imeall: Cúirt Dúiche 20

Thug an **Breitheamh Conal Gibbons**, duine de na breithimh a shuíonn i gCúirt Dúiche 20 Chathrach Bhaile Átha Cliath ina n-éistear na cásanna cúraim leanaí, páipéar tábhachtach do chomhdháil náisiúnta 2006 an Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha. Foilsímid anseo sliocht, arna chur in eagar, ón bpáipéar sin

*Tá tionchar ar feadh an tsaoil ag na cinntí a dhéanaimid orthu siúd a bhfuilimid ag iarraidh cosaint agus cúram a thabhairt dóibh*

Is domhan ceilte é dlí cúraim leanaí sa mhéid is go n-éistear iarratais i gcúirt iata go ginearálta, cosúil le himeachtaí príobháideacha dlí teaghlaigh. Tá sé faoi cheilt sa mhéid is nach bhfuil saoránaigh ar an eolas faoi agus nach bhfuil an chaoi a n-oibríonn sé mar chuid de chomhfhiosacht an phobail mar atá i gcás roinnt de na cúirteanna eile. Díríonn na meáin go leor airde ar an mí-úsáid uafásach a tharla san am atá thart sna hionaid chónaithe éagsúla, agus ar an mí-úsáid mhillteanach ghnéis ar leanaí, ach is beag airde atá ar bhuaireamh agus crá teaghlach atá i ngéarchéim anois.

Dar leis an Ollamh Powell, sa Roinn Staidéir Shóisialta Fheidhmigh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, i litir chuig an *Irish Times*, d’eascair cumhachtaí na n-oibríthe sóisialta as

mí-úsáid leanaí a bhí forleathan ag deireadh an 19ú haois. Lean forálacha cúirte agus cosaint leanaí cás rathúil Mary Ellen i Nua-Eabhrac i 1875, nuair a tugadh leanbh ar ar imríodh drochíde faoi na cúirteanna faoi reachtaíocht leasa ainmhithe mar nach raibh aon dlíthe chun leanaí a chosaint i bhfeidhm ag an am. Dúirt sé gur tháinig gluaiseacht fhuinniúil cosaint leanaí chun cinn, lena n-áirítear eagraíochtaí ar nós Barnardos, an ISPPC (NSPCC ag an am) agus go leor eile, a rinne iarracht seasamh le cearta leanaí agus cinntiú go gcaithfí leo mar shaoránaigh leis an gceart cosaint agus cúram a fháil ón Stát. Chun píosa as leabhar Geoffrey Shannon, *Child Law*, a lua, rinne An tAcht um Chúram Leanaí 1991, a ghlac áit Acht 1908 “áit creat dlí a ghlacadh a bhí an-bhunúsach ar fad”. Shainmhínigh an tAcht nua leanbh mar dhuine faoi bhun 18 mbliana d’aois. Is ansin a thosaigh ré nua do chúram leanaí ceart in Éirinn. Is ábhar do na cúirteanna a bhí i gcur chun cinn leasa leanaí. Sa chás *An Stát (Kavanagh) v Sullivan* dúirt Kennedy CJ go gcaithfear leas a thógáil sa chiall is leithne, ní compord fisiceach amháin.

Tá freagracht ollmhór ar an gCúirt Dúiche. Tá cumhacht aici ar geall le pianbhreith saoil í, mar go mbeidh tionchar ag ár gcinntí ar feadh an tsaoil orthu siúd a bhfuilimid ag iarraidh a chosaint agus cúram a thabhairt dóibh.

## Céatadáin na leanaí faoi chúram FSS

Iar-Limistéar Boird Sláinte	Ordú Cúraim	Go deonach
Réigiún an Oirthir	40%	60%
Lár-Tíre	23%	77%
An tIarthar Láir	64%	36%
An tOirthuaisceart	53%	47%
An tIarthuaisceart	65%	35%
An tOirdheisceart	29%	71%
An Deisceart	43%	57%
An tIarthar	51%	49%
<b>Go Náisiúnta</b>	<b>43%</b>	<b>57%</b>

## Anailís FSS ar na cúiseanna go bhfuil leanaí faoi chúram

Iar-Limistéar Boird Sláinte	Mí-Úsáid				Fadhbanna Leanaí						
	Mí-úsáid Mhothúcháin	Failli	Mí-úsáid chorpártha	Mí-úsáid ghnéasach	Mí-úsáid drugaí / alcóil	Baint le coireacht	Toircheas	Fadhbanna mothúcháin / iompair	Fadhb mheabhair shláinte / míchumas intleachtúil	Eile	Tinneas / míchumas fisiceach
Réigiún an Oirthir	13	618	120	59	0	0	2	35	1	98	0
Lár-Tíre	36	59	13	9	3	4	0	19	0	0	0
An tIarthar Láir	16	80	23	15	0	0	0	11	2	5	1
An tOirthuaisceart	17	202	28	9	0	0	0	2	0	10	0
An tIarthuaisceart	6	28	18	12	2	0	0	4	0	0	2
An tOirdheisceart	11	117	23	29	0	0	4	39	14	27	4
An Deisceart	40	206	53	12	3	0	1	14	1	1	1
An tIarthar	8	76	12	14	1	0	0	10	1	5	0
<b>Go Náisiúnta</b>	<b>147</b>	<b>1,386</b>	<b>290</b>	<b>159</b>	<b>9</b>	<b>4</b>	<b>7</b>	<b>134</b>	<b>19</b>	<b>146</b>	<b>8</b>

### Faisnéis Staitistiúil

Bhí níos mó ná 5,000 leanbh i gcúram i bpoblacht na hÉireann, dar le halt san *Irish Times* ar an 16 Lúnasa, 2006. Luaigh sé go raibh seans níos mó go rachadh leanaí faoi chúram in oirthear na hÉireann seachas san iarthar. D'aimsigh sé freisin go raibh infheistíocht níos airde i seirbhísí tacaíochta teaghlaigh san iarthar ná mar a bhí san oirthear. I 1989 bhí 2,700 faoi chúram i gcomparáid leis na figiúirí reatha. Chuaigh mé i dteangmháil leis an FSS ag cuardach eolais agus chabhraigh John Smith ó oifig an phríomhfheidhmeannaigh go mór liom maidir leis seo.

Léiríonn na figiúirí ón tSeirbhís Chúirteanna maidir le horduithe cúraim an ghné uirbeach/thuaithe a thaispeáin figiúirí an FSS. Chuir sé iontas orm nach ndéileáil na cúirteanna ach le thart ar 43 faoin gcéad de na leanaí a chuirtear faoi chúram. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear leanaí faoi chúram ar bhonn deonach *simpliciter* nó faoi nós imeachta alt 4, gan baint ar bith a bheith ag na cúirteanna leis.

Is é an fáth a bhí leis an titim mhór i líon na n-orduithe eatramhacha cúraim (ICO) ó 2002 go 2003 ná, go simplí, mar gheall ar leasú a rinneadh ar Alt 17(2)(b) den Acht Cúram Leanaí trí Alt 267(1)(a) d'Acht na Leanaí 2001. D'ardaigh sé seo an t-uasmhéid ama d'ICO ó 8 lá go 28 lá. Le cead ó dhuine de na tuismitheoirí

is féidir fad a chur leis an tréimhse seo ach ní dhéantar é sin ach go hannamh.

Chuardaigh m'fhiosruithe leis an FSS tuilleadh anailíse ar na figiúirí, a léirítear anseo.

Is é an figiúr a sheasann amach anseo ná an ceann d'fhaillí agus an ceann eile ar chuir mé suim ar leith ann ná an ceanteideal a léiríonn go bhfuil ceathrar leanaí i gcúram toisc baint a bheith acu le coireanna.

### Leanaí ar an imeall

Is ábhar buartha é uaireanta smaoinemh ar na leanaí a thagann roimh Chúirt 20. Déanaim cur síos ar na leanaí seo mar leanaí ar an imeall; tá siad ar imeall na sochaí, ar imeall a dteaghlach, ar imeall an chórais cúraim agus go minic ar imeall a saoil. Ní theastaíonn ach brú beag go dtitfidís le haille. Tá sé deacair staitisticí Éireannacha a fháil, ach de réir figiúirí do leanaí i gcúram sa RA tá ag teip ar leath de na leanaí i gcúram cáilíocht ar bith a fháil ar scoil, agus gan ach seisear as céad ag dul chomh fada leis an ollscoil. Tá seans cúig huaire níos mó go mbeidh meabhairghalar indiagnóisithe orthu agus ní bheidh ionacluithe bunúsacha faighte ag aon trian acu. Téann go leor leanaí i gcúram go príosún ar deireadh, nó iompaíonn siad ar dhruaí agus striapachas, dar leis an mBanbharún Morris as Bolton, a luaitear i *Hansard*, 9 Deireadh Fómhair, 2006.

*Seasann an figiúr  
failli amach*

## Miondealú ar na huimhreacha i gcineálacha éagsúla cúraim

Iar-Limistéar Boird Sláinte	Cúram Altrama Ginearálta	Cúram Altrama Speisialta	Cúram Altrama Bunúsach	Socrúchán Réamh-Uchtaithe	Cónaitheach Ginearálta	Cúram Speisialta Cónaitheach	Ardtacaíocht Cónaitheach	Ordú Maoirseachta ag Baile	Eile	Iomlán
Réigiún an Oirthir	988	0	603	5	221	12	12	10	229	<b>2,080</b>
Lár-Tíre	199	0	74	2	18	4	2	0	1	<b>300</b>
An tIarthar Láir	266	13	121	3	4	1	12	10	8	<b>438</b>
An tOirthuaisceart	274	10	97	2	14	0	2	0	38	<b>437</b>
An tIarthuaisceart	126	0	47	0	16	1	1	7	6	<b>204</b>
An tOirdheisceart	367	2	121	9	48	5	16	2	5	<b>575</b>
An Deisceart	446	0	197	9	30	1	4	3	14	<b>704</b>
An tIarthar	203	0	89	8	14	3	1	0	4	<b>322</b>
<b>Go Náisiúnta</b>	<b>2,869</b>	<b>25</b>	<b>1,349</b>	<b>38</b>	<b>365</b>	<b>27</b>	<b>50</b>	<b>32</b>	<b>305</b>	<b>5,060</b>

Is iad na cásanna is mó buartha ná iad siúd ina ndéantar ionsaithe fisiciúla nó gnéis ar leanaí, leanaí a fhulaingíonn gortú neamhthimpisteach (NAI) agus na leanaí scartha a thagann anseo leo féin, beo bocht agus go minic gan a bheith i ndán dóibh ach saol sclábhaíocht teaghlaigh nó, níos measa fós, dul isteach sa tionscal gnéis.

Is orainne mar bhreithiúna atá an fhreagracht deiridh. Tá sé de dhualgas orainn na rudaí seo a fhiosrú agus go háirithe a chinntiú go bhfuil cúram ceart á fháil ag na leanaí. Is uafásach an scéal é leanaí ar chóir dóibh a bheith faoi chúram an FSS a bheith i gcóiríocht leapa agus bricfeasta, an tseirbhís chóiríochta éigeandála lasmuigh d'uaireanta oibre, in ainneoin fhorálacha alt 5 den Acht um Chúram Leanaí, nach bhféadfadh a bheith níos soiléire maidir le freagracht an FSS i leith leanaí gan dídean.

Leagann cásanna cosúil le *PS v EHB* amach an seasamh go soiléir. Rinne Geoghegan J, den Ard-Chúirt ag an am, an seasamh agus an dualgas atá ar an FSS a shoiléiriú maidir leis seo nuair atá leambh ag fanacht i gcóiríocht nach bhfuil oiriúnach. Glacaim leis go bhfuil post deacair ag oibríthe sóisialta agus ag an FSS agus nach mbíonn daoine ina n-oibríthe sóisialta ar mhaithe leis an airgead, is daoine dea-chroíocha iad.

Uaireanta, áfach, is beag an méid cumarsáide atá ann idir na hoibríthe sóisialta ar dualgas agus na foirne sannta in áiteanna difriúla. Anois is arís bíonn cásanna ann ina mbíonn forálacha éigeandála Alt 12 curtha ar bun ag garda ach de

bharr briseadh síos sa chumarsáid, cuirtear leanaí atá i mbaol ar ais chuig tuismitheoir atá i ngéarchéim gan plé ná comhairle idir an fhoireann oibre sóisialta agus an garda a chuir an próiseas ar bun ar an gcéad dul síos. Cuireann sé moladh de chuid Thuarascáil Laming i gcás Victoria Climbié i gcuimhne:

*Caithfidh bainisteoirí foirne dualgais teacht suas le córas agus é a chur i bhfeidhm a chuireann ar a gcumas fáil amach ar an bpointe cé mhéad leambh a cuireadh chuig a bhfoireann, cén gníomh is gá a thógáil do gach leambh, cé atá freagrach as an ngníomh sin a thógáil, agus cén uair a chaithfidh an gníomh sin a bheith críochnaithe. (Tuarscáil Laming, HMSO, 2003)*

Chomh fada agus is eol dom, níor tharla cás chomh tragóideach le Victoria Climbié anseo, ach tá córas againn nach bhfuil éagsúil ón gceann sa RA ina bhfuil oibríthe sóisialta ag déileáil le líon cásanna rómhór, in atmaisféar d'easpa acmhainní agus bainistiú géarchéime. Níl an teicneolaíocht a theastaíonn acu ná na córais a theastaíonn ó ghníomhaireacht nuaimseartha ar bith. Ar an drochuair, dúntar comhaid uaireanta ar na fáthanna míchearta. Rómhínic bíonn leanaí ag aistriú ó cheantar cúraim amháin go ceann eile gan tagairtí cearta ar aghaidh nó cumarsáid leo siúd ba chóir a bheith freagrach. Uaireanta, ní dhéantar measúnú ceart ar na leanaí agus níl sé ar chumas na ngníomhaireachtaí ná na ndaoine éagsúla déileáil leis na comhaid i gceart ar bhealach

córasach. Ar ndóigh, i bhformhór na gcásanna oibríonn na nósanna imeachta cearta, ach caithfidh a chinntiú go n-oibríonn siad i ngach cás a thagann os ár gcomhair.

Tá cur síos maith déanta ag gach leibhéal ar na cúinsí uafásacha nó an saol millteanach atá ag go leor leanaí ar fud an domhain, mar a rinneadh le déanaí ag Comhdháil Domhanda XVII Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna agus na nGiúistísí Óige agus Teaghlaigh i mBéal Feirste, a bhí ar bun i Meán Fómhair 2006, agus a leag amach roinnt de na huafáis atá roimh na leanaí.

I measc ceisteanna eile chuala toscairí na comhdhála faoi shárú cearta daonna leanaí, marú ag scuaid bháis, céasadh, coinneáil éagórach, milleadh ginitiúil le fórsa, sclábhaíocht, gáinneáil i mbaill daonna, dúnmharú agus mí-úsáid leanaí sráide, pósadh éigeantach agus coinscríobh éigeantach. An t-iontas ar bith é go mbíonn roinnt leanaí curtha i dtír leo féin, gan tionlacan agus scartha? Deirtear go mbíonn suas le 200 leanbh scartha faoi chúram an stáit ag aon nóiméad ar leith.

Is é an creat dlí a úsáideann an FSS le leanaí atá gan tionlacan nó scartha go hiondúil ná Alt 4 den Acht um Chúram Leanaí 1991, a mheastar mar ordú cúraim thoilíúil i gcásanna nach féidir

dul i dteangmháil leis na tuismitheoirí. Baintear úsáid as Alt 8 d'Acht na nDídeanaithe agus Ailt 3, 4 agus 5 den Acht um Chúram Leanaí 1991 freisin sna cásanna seo.

Cuireann an Straitéis Náisiúnta um Leanaí iachall ar an Rialtas déileáil le leanaí scartha ag úsáid na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Tá geallúint sa straitéis taighde a dhéanamh ar riachtanais leanaí atá ina dteifigh agus caomhnóir neamhspleách *ad litem* a chur ar fáil le bheith ag obair ar mhaithe leo.

Bhí fadhbanna cheana leis na brúnna ina bhfuil leanaí ina gcónaí agus go minic níl ach bunleibhéal foirne acu. Tá sé seo mar cheann de na fáthanna a dtéann cuid de na leanaí seo ar strae.

I gcás ar bith a thagann roimh Chúirt 20 anois maidir leis na leanaí seo, nó le leanbh ar bith atá á chur in institiúid chónaitheach, creidim gur chóir go ndéanfadh an chúirt na fiosrúcháin bhunúsacha seo a leanas leis an FSS lena dhéanamh cinnte gur áiteanna cearta do na leanaí iad na hinstitiúidí seo:

1. Cé leis an institiúid;
2. An le cuideachta faoi dhliteanas teoranta, cumann neamhchorpraithe, carthanacht, soláthróir príobháideach, nó leis an FSS é;

3. Ag brath ar na sonraí a thugtar, más cuideachta nó gníomhaireacht phríobháideach í, a chinntiú go bhfuil sí cláraithe, oiriúnach agus cothrom le dáta;
4. Sonraí faoi na stiúrthóirí nó na daoine atá i gceannas nó freagrach;
5. Cóip den tuarascáil is déanaí ó chigirí na seirbhísí sóisialta nó tuarascáil chigireachta an FSS mura bhfuil sí clúdaithe ag Cigirí na Seirbhísí Sóisialta;
6. Sonraí faoin bhfoireann agus a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus go bhfuil a ndóthain daoine ann de réir úsáid na geleachtas is fearr;
7. Maidir le daoine óga a théann ar iarraidh, cuirim an cheist céard iad na rialúcháin agus córais bhainistíochta atá i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mbaol seo.

### **Obair Chúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath**

Ní bhíonn Cúirt 20 ag déileáil ach le ceisteanna cúraim leanaí faoin Acht um Chúram Leanáí 1991 arna leasú agus rialacha na Cúirte Dúiche (Cúram Leanáí) 1995 ar bhonn laethúil agus bíonn na hiarratais seo a leanas idir lámha inti:

- (1) Orduithe Cúraim Éigeandála (ECO), in-aischurtha ar feadh ocht lá;
- (2) Orduithe Cúraim Eatramhacha (ICO), in-aischurtha ar feadh 28 lá gan toiliú, tréimhse gan teorainn le toiliú;
- (3) Orduithe Cúraim Eatramhacha (ICO), in-aischurtha ar feadh 28 lá gan toiliú, tréimhse gan teorainn le toiliú;



- (4) Gnóthaí le hathbhreithniú má tá ordú cúraim i bhfeidhm (go hiondúil lá nó leathlá le héisteacht);
- (5) Éisteacht Iomlán Ordú Cúraim (is féidir le tréimhse ar bith idir lá amháin agus 30 lá a bheith i gceist);
- (6) Gnóthaí nach mór tagairt a dhéanamh dóibh, a éistear gach maidin.
- (7) Aon iarratas cúram éigeandála *ex parte* ar féidir nach raibh fógra tugtha don chúirt faoi nuair a thosaigh sí.

Faoi láthair bíonn idir 5 agus 12 chás ICO le héisteacht agus ansin ó 11.30 r.n. go 4.00 i.n. déantar liosta de na héisteachtaí iomlána d'orduithe cúraim. Go dtí le gairid, bhí córas eile i bhfeidhm. Gach Máirt agus Déardaoin, d'éistí ICOanna, ECOanna agus Orduithe Maoirseachta (OM) ó 2-4 i.n. Thosaigh an córas ag éirí liobarnach agus chruthaigh sé fadhbanna don chúirt agus a lucht úsáidte.

Uaireanta bhí sé dodhéanta na cásanna ar fad a dhéanamh sna huairteanna a tugadh dóibh agus go minic bhí breithiúna ina suí go dtí a 5, 6 nó a 7 a chlog, nó níos déanaí fiú. Bhí dualgas ar an mbreitheamh tuarascálacha cuí a léamh, éisteacht le fianaise agus ansin aighneachtaí in go leor de na cásanna. Ag go leor éisteachtaí, toilíodh leis na hiarratais nó bhí siad neamhchonspóidithe. Má bhí siad neamhchonspóidithe, bhí ar an mbreitheamh éisteacht leis an bhfianaise agus an t-ábhar cuí a léamh. An t-aon difríocht atá idir éisteacht chonspóidithe agus éisteacht neamhchonspóidithe sa chomhthéacs seo ná nach bhfuil croscheistiú ann. Tá am agus aird tuillte ag na héisteachtaí seo, ach níos tábhachtaí fós tá na leanaí agus na tuismitheoirí i dteideal an t-am agus an aird sin a fháil.

Go minic rialaíonn iarratais ICO an chaoi a leanfaidh an cás ar aghaidh. Críochnaíonn tromlach mór na gcásanna a thagann roimh an gcúirt ag céim ordú eatramhach cúraim le hordú cúraim. Mar sin tá sé rithábhachtach go dtugtar liostú ceart dóibh agus go mbíonn deis ag tuismitheoirí déileáil le rudaí a ardaítear. Ar an drochuair ní dhéantar ionadú ar an bhformhór ag an gcéim rithábhachtach seo. Go simplí, seo mar gheall nach féidir leis an gcóras sibhialta cúnaimh dhlíthiúil gníomhú sách tapa chun ionadú a dhéanamh ar na cliaint seo agus go bhfuil riaráiste coinní aige. Níl anailís staitistiúil agam chun an pointe seo a léiriú, ach creidim go bhfuil tionchar mór aige ar chaighdeán an chirt sa chúirt.

Tá sé tábhachtach dom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag mo chomhghleacaithe a chruthaigh an córas a d'oibrigh chomh maith go dtí seo. Ní bheadh sé ceart dom ainmneacha a lua, ach creidim go dtugtar aitheantas dá gcuid oibre, mar a thugtar d'obair breithiúna i gcúirteanna eile, a bhí ag treabhadh iomaire in ithir chearta na leanaí a bhfuil cuma sheas uirthi. Mar shampla, aontaíodh go gcuirfeadh an FSS tuarascálacha ar fáil ag gach iarratas agus go gcuirfidís Leabhar Tuarascálacha, cosúil le Leabhar Fianaise, ar fáil ag éisteacht an iarratais ordaithe cúraim, agus é seo a thabhairt d'aturnaetha an fhreagróra roimh an éisteacht.

Chuir breithiúna sa Chúirt Dúiche forálacha an Achta um Chúram Leanaí i bhfeidhm go cúramach, agus nuair a tugadh dúshlán a gcinntí, nó nuair a rinneadh achomharc orthu i gcúirteanna níos airde, cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe dlí cúraim leanaí mar thoradh air seo, chun leas fhorbairt na dlí-eolaíochta. Ba

*Éistear idir 5 agus 12 chás gach lá*

## Orduithe Deonaithe ag Cúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath 2002-2005

	Orduithe Maoirseachta	Orduithe Cúraim	Orduithe Cúraim Eatramhacha
2005	78	35	212
2004	29	20	243
2003	22	28	205
2002	45	32	937

shampla den mhéid seo é cás bunúsach *EHB v an Breitheamh Dúiche McDonnell*.

Gach lá tagann ceisteanna agus dúshláin nua chun cinn ach creidim go bhfuilimidne sa Chúirt Dúiche thar a bheith dáiríre maidir leis na freagrachtaí atá orainn sa ghné thábhachtach seo dár gcuid oibre.

*Is féidir leagan iomlán den pháipéar seo a fháil ón Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha, Teach an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 7.*

*Is féidir an tAcht a íoslódáil ó [www.irishstatutebook.ie](http://www.irishstatutebook.ie)*

# Tógann fear céile coimhthithe pas a mhná

**D**'iarr an FSS ordú cúraim éigeandála i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath do leanbh a stop oifigigh inimirce agus í ag dul trí aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí an cailín 3 bliana go leith d'aois le fear a dúirt gurb é a hathair é agus le bean a bhí ag maíomh gurb í a bhean chéile í.

Dúirt garda leis an mBreitheamh Conal Gibbons gur ghabh sé an teaghlach mar gheall go raibh an chuma ar ghrianghraf na mná nár léi é. Dúirt sí gur pas a deirféar a bhí ann agus gurb í aintín an linbh í. Mar gheall nach raibh fianaise ar bith go raibh gaol ag an mbean leis an leanbh shocraigh an garda úsáid a bhaint as Alt 20 den Acht um Chúram Leanaí agus gabhadh an lánúin.

Bhí pas ó na Stáit Aontaithe agus pas óna thír dhúchais Afracach ag an bhfear, an péire acu dílis. Bhí €30,000 in airgead tirim aige freisin. Dúirt sé gurb é fear céile coimhthithe mháthair an linbh é.

Tar éis fiosruithe fuarthas amach go raibh máthair an linbh in Éirinn agus gur tháinig sí anseo i nDeireadh Fómhair 2003. Rugadh an leanbh i Samhain na bliana sin. Fuair an mháthair cónaitheacht in Éirinn mar mháthair linbh a rugadh in Éirinn.

Dúirt oibrí sóisialta an FSS go ndearna siad iarracht dul i dteagmháil le máthair an linbh ach nár éirigh leo. Cuireadh an leanbh i dteaghlach agus bhí riocht maith uirthi. Bhí Béarla maith aici agus bhí ainm a máthar ar eolas aici. Réitigh sé seo leis an ainm a thug an fear.

Rinne an Breitheamh Gibbons ordú cúraim éigeandála ar feadh seachtaine, agus d'ordaigh sé nach rachadh an leanbh taobh amuigh den dlínse nó cúram an FSS gan filleadh ar an gcúirt.

Nuair a thosaigh an cás arís seachtain níos déanaí bhí máthair an linbh sa chúirt. Dúirt sí go raibh a fear céile ina chónaí sna Stáit Aontaithe agus gur thug sé cuairteanna uirthi in Éirinn chun aithne a chur ar a iníon. Bhí iarratas déanta aige, mar shaoránach SAM, dul

i mbun cónaí anseo agus bhí roinnt seachtainí caite aige in Éirinn i mí Lúnasa. Bhí sí ag iompar arís agus bhí an leanbh le teacht i mí Aibreáin.

D'iarr sí air an leanbh a thógáil i mí an Mhárta mar gheall go raibh sí an-torrach agus in oideachas lánaimseartha. Thóg sé leis í ar thuras gnó go dtí tír eile san Afraic. Dúirt sí nach raibh a fhios aici gur thóg sé a pas freisin. Ag briseadh síos ar chlár na mionn, dúirt sí go raibh caidreamh suirí ar siúl ag a fear céile lena deirfiúr, nach raibh sí ar an eolas faoi.

“Nuair a d'iarr mé air an leanbh a thógáil ní raibh a fhios agam gur thóg sé an pas do mo dheirfiúr freisin,” a dúirt sí.

Ag labhairt le haturnae na mná, dúirt an Breitheamh Gibbons: “Is iad na rudaí a chaithfidh mé a dhearbhu ná: An iníon do chliant í an leanbh? Cén chaoi ar fhág an leanbh Éire, agus cén uair? Cé na cúinsí a bhí ann agus cé na socrúithe a rinne do chliant leis an athair?”

Dúirt an bhean gur iarr sí ar a fear céile an leanbh a thógáil agus nár thug sé dáta ar leith maidir le filleadh, seachas go mbeadh sé ar ais roimh bhreith an linbh.

“Is é an rud atá ag déanamh imní dom ná seo – Tuigim go mbeifeá ag iarraidh cúnaimh a fháil ó d'fhear céile ag an tráth seo. Ach cén fáth a dtabharfaí an leanbh go dtí [an tír san Afraic]? Tá sé i bhfad ar shiúl. Ansin chuaigh sé go dtí an t-aerfort le duine a bhí ag ligean uirthi gur tusa a bhí ann. Is údar mór imní dom é seo ó thaobh cosaint leanaí de. Tá leanbh imithe i bhfad ó bhaile agus ansin tagann sí abhaile faoi chúinsí thar a bheith aisteach. Bhí an leanbh imithe ó Éirinn ar feadh míosa. Níl a fhios againn cá raibh sí.”

Dúirt an bhean gur inis a fear céile di cá raibh sé ag dul. “Ach thóg sé do phas freisin gan é a rá leat,” a dúirt an breitheamh.

Dúirt aturnaie na máthar gur baineadh mí-úsáid as muinín na mná as a fear céile. Máthair mhaith a bhí inti. Bhí sí in oideachas lánaimseartha agus bhí sí díreach tar éis leanbh

*‘An iníon le do chliant í an leanbh? Cén chaoi ar fhág an leanbh Éire, agus cén uair? Cé na cúinsí a bhí ann agus cé na socrúithe a rinne do chliant leis an athair?’*

a thabhairt ar an saol. “Tarlaíonn sé gurb é a fear céile a chruthaigh an phraiseach seo. Feictear domsa gurb ise an páirtí neamhchiontach anseo,” arsa an t-arnae.

Dúirt Abhcóide an FSS go raibh sé buartha go raibh an leanbh in ann taisteal leis an athair ach go bhféadfaí réiteach a fháil ar an gceist seo gan an teaghlach a scoilt. Dúirt an Breitheamh Gibbons gurb é ordú maoirseachta an bealach ceart chun déileáil leis an gceist.

Cheadaigh sé an t-ordú seo ar feadh 12 mhí, le hathbhreithniú tar éis sé mhí.

Ba chóir pas an linbh a thabhairt isteach go dtí na Gardaí agus bheadh ar an mháthair geallúint a thabhairt nach rachadh an leanbh ag taisteal taobh amuigh den dlínse gan cead ón gcúirt. D’fhéadfaí an pas a scaoileadh leis an FSS dá mbeadh sé ag teastáil chun an leanbh a chlárú ar scoil.

## Ordú maoirseachta de bharr drochthinrimh ar scoil

I gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath, lean an Breitheamh Conal Gibbons le hordú maoirseachta maidir le cailín ocht mbliana d’aois. Is inní faoi dhrochthinreamh ar scoil a bhí mar bhunús leis an ordú.

Dúirt an t-oibrí sóisialta go raibh inní ar an FSS maidir le faillí a dhéanamh ar an leanbh agus mí-úsáid cannabais na dtuismitheoirí. Bhí seirbhísí tacaíochta teaghlaigh ar cuairt ar an teaghlach trí huairé in aghaidh na seachtaine ach is beag an méid comhoibrithe a bhí faighte acu ó na tuismitheoirí.

Bhí deacracht ag na hoibrithe sóisialta dul i mbun tascanna leo cosúil le buiséadú agus ní dheachaigh siad chomh fada le hullmhú bia fós. Bhí an FSS ag iarraidh measúnú síceolaíochta a dhéanamh ar na tuismitheoirí maidir lena gcumas cúram a thabhairt dá n-iníon.

Bhí ábaltacht ar an meán ag an leanbh, ach de bharr drochthinrimh ar scoil bhí sí i bhfad taobh thiar ó thaobh oideachais de. Bhí feabhas mór tagtha air seo, agus ní raibh ach lá amháin cailte aici ón éisteacht deiridh. Bhí sí ag freastal ar chlub bricfeasta na scoile, agus ag fanacht ar scoil chun a cuid oibre baile a dhéanamh. Eagraíodh teagasc breise di i rith laethanta saoire an tsamhraidh.

Ag léamh thuarascáil an oibrí shóisialta, thug an breitheamh faoi deara go ndúirt an *caomhnóir ad litem* a bhí ceaptha ag an gcúirt cheana gur cuireadh isteach ar chothromaíocht mothúcháin an linbh toisc go ndúirt a hathair léi go gcuirfí faoi chúram í.

“Tá sé sin scannalach,” a dúirt sé leis na tuismitheoirí. “Ní phléann sibh ceisteanna léi. Má bhíonn fadhb agaibh, ardaígí leis na hoibrithe sóisialta í nó leis an *gcaomhnóir ad litem*. Ná pléigí leis an leanbh é. Níl sé féaráilte uirthi.”

“Tháinig scaoll orm,” arsa an t-athair. “Cheap mé go dtógfaí ón mbaile í. Bhí mé ag iarraidh í a ullmhú. Bheadh athair ar bith ag iarraidh é sin a dhéanamh.”

“Glacaim leis go ndearna tú gan smaoinemh é. Ach is féidir leis an toradh ar an leanbh a bheith uafásach,” a dúirt an breitheamh.

“Tá feabhas tagtha ar chúrsaí ón lá deireanach,” a dúirt sé agus é ag leanúint ar aghaidh. “Molann an *caomhnóir ad litem* go leanfar leis an ordú maoirseachta agus ordáim duit cloí le téarmaí an ordaithe maoirseachta. Is ordú cúirte é ordú maoirseachta. Má bhíonn deacrachtaí agat leis, abair le d’arnae teacht chun na cúirte agus é a athrú. Go dtí sin caithfear cloí leis.

“Tá an FSS agus an chúirt ag iarraidh go bhfanadh [an leanbh] libh agus is í an aidhm atá leis seo ná cabhrú libh sa chaoi is go mbeidh rath uirthi agus go ndéanfaidh sí go maith ar scoil.

“Glacaim leis nach bhfuil sé go deas daoibh teacht isteach anseo agus éisteach liomsa ag pápaireacht. Ach is áis iontach é oibrí tacaíochta teaghlaigh. Féachaigí air mar dheis agus beirigí air le bhur dhá láimh. Ní mhairfidh sé i bhfad.”

*‘Is áis iontach é oibrí tacaíochta teaghlaigh. Ní mhairfidh sé i bhfad’*

# Téann bean chuig teach a máthar ar meisce

**D**'iarr an FSS astú agus cimiú ar bhean óg de bharr Ordú Cúraim Eatramhach a shárú.

Chuaigh sí go dtí teach a máthar agus í ar meisce, ag iarraidh a leanaí a fheiceáil, a bhí fágtha faoi chúram a máthar ag an FSS.

I gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath, d'fhiafraigh an Breitheamh Conal Gibbons den bhean óg an raibh sí ag tógáil substaintí ar bith. “Níor thóg mé tada inniu. Tá mé ar mheatadón. Bíonn tástáil fuail agam gach Aoine,” a dúirt sí.

“Táim ag iarraidh go mbeadh cóipeanna de na tástálacha sin ag an FSS. An dtóilíonn tú?” a d'fhiafraigh an breitheamh di.

“Toilím. Níl aon rud le ceilt agam,” a d'fhreagair sí. Dúirt sí leis an mbreitheamh go raibh sí ag tógáil meatadóin ar feadh 10 mbliana.

“Dúirt saineolaithe liom gur féidir leat gnáthshaol a chaitheamh ar bhunleibhéal meatadóin. Is féidir post a choinneáil agus aire a thabhairt do do theaghlach. An mar sin a thuigeann tú an cás?” a d'fhiafraigh an breitheamh di.

“Sea,” a dúirt sí. “Tá mé ag iarraidh é a laghdú [an dáileog]. Is rud é a phléigh mé le mo dochtúir. Tá mé i mo chónaí le m'athair. Is fear maith é.”

Nuair a fiafraíodh di an raibh sí ag ól an iomarca, dúirt sí: “Is dócha go bhfuil.” Dúirt sí nach mbíodh sí ag ól os comhair a hathar, nach n-ólann, ach go dtéadh sí go dtí a seomra san oíche, ina raibh teilifís, agus go n-óladh sí cannaí beorach.

“An dtéann tú go teach do mháthar tar éis roinnt cannaí?” a d'fhiafraigh an Breitheamh Gibbons di.

“Cúpla uair,” a d'fhreagair sí. “Braithim uaim mo leanaí. Tá siad imithe píosa fada.” Freisin, chuir sí i gcoinne na hoibríthe sóisialta a bheith thart an t-am ar fad le linn cuairteanna rochtana.

“Tar éis ar tharla caithfear maoirseacht a dhéanamh ar rochtain faoi láthair,” arsa an breitheamh.

“Ní dhéanfaidh na hoibríthe sóisialta iarracht cur isteach ort, mar sin is féidir leat idirghníomhú leis na leanaí saor ó bhac. Ach

níl tú i dteagmháil leis an oibrí sóisialta agus mar sin ní féidir rochtain a bheith ann. Ansin bíonn tú trína chéile agus téann tú go dtí teach do mháthar, leanann rud amháin rud eile, tarlaíonn eachtra agus bíonn ceann scaoilte le diabhairt ifrinn.

“Is é an fáth ar tháinig an tUasal [an t-oibrí sóisialta] anseo ná chun tú a chur i bpríosún. Is dlúthchuid é dár gcuid oibre [na cúirte].”

“Níl caidreamh maith againn. Ní maith liom an fear,” arsa an bhean, ag tagairt don oibrí sóisialta.

“Nílimid anseo chun taitneamh a thabhairt dá chéile. Ní gá go dtaitneoinn leat,” arsa an breitheamh.

“Tá tusa ceart go leor,” an bharúil a thug sí.

“Tá an tUasal [an t-oibrí sóisialta] i ndeireadh na péice,” arsa an Breitheamh Gibbons. “Tá freagracht air as na leanaí faoin dlí. Tá mé ag iarraidh ort geallúint a thabhairt nach rachaidh tú i dteagmháil leis na leanaí ná le do mháthair go dtí Dé Luain nó Dé Máirt seo chugainn. Labhair leis an Uasal ... agus eagraigh rochtain struchtúrtha. Téigh go dtí an t-ionad dlí agus faigh dlíodóir, agus beidh mé ag caint leat arís Dé Luain,” arsa an breitheamh, ag cur an iarratais ar atráth.

Nuair a thosaigh an cás ar an Luan ina dhiaidh sin sheas an bhean ag clár na mionn agus dúirt sí gur thuig sí go raibh ordú cúirte sáráithe aici agus ghabh sí leithscéal go hiomlán as. Rinne sí é toisc gur breithlá na leanaí a bhí ann. Nuair a d'fhiafraigh a haturnae di cé na pleananna a bhí aici don todhchaí, dúirt sí go ndéanfadh sí socrúithe rochtana in éineacht leis an oibrí sóisialta, go gcloífeadh sí leo agus nach mbrisfeadh sí an t-ordú arís.

“Is é an fhadhb atá agam má tá na leanaí le do mháthair agus má chuirtear é sin i mbaol beidh ar an FSS iad a thógáil agus iad a chur le strainséar. Is ábhar mór buartha a bheadh ansin agus bheadh tionchar aige ar na leanaí,” arsa an Breitheamh Gibbons.

“Is é an dara rud is fearr ná go mbeadh na leanaí le do mháthair go dtí go mbeidh tú ar ais ar do sheanléim. Ní chuirtear as an áireamh é sin riamh faoin gcóras atá againn, fiú má

*‘Is é an dara rud is fearr ná go mbeadh na leanaí le do mháthair go dtí go mbeidh tú ar do sheanléim arís. Is é an toradh is fearr do gach duine ná go mbeadh na leanaí ar ais leat féin’*

dhéantar ordú cúraim. Is é an toradh is fearr do gach duine ná go mbeadh na leanaí ar ais leat féin.”

“Adhmaim go bhfuil fadhb le halcól agam,” a dúirt an bhean. “Tá a fhios ag an mbreitheamh freisin go bhfuil mé ar mheatadón.

Tá dhá fhadhb ansin. Táim ag déileáil leo ceann i ndiaidh a chéile. Bheinn toilteanach dul áit éigin chun déileáil leis an alcól.”

Dúirt atur na FSS go raibh siad ag féachaint ar chláir chónaithe chun déileáil leis an mí-úsáid alcóil ach nach nglacann formhór na n-ionad chónaithe le daoine atá ag tógáil meatadóin.

Dúirt an bhean go raibh sí ag iarraidh déileáil le fadhb an alcóil. Chuir sí leis an méid sin á rá go bhfuair a seanmháthair bás an Nollaig seo caite, ansin fuair beirt uncailí léi bás, duine acu i dtimpiste bhóthair, agus tharla na básanna ar

fad taobh istigh de chúpla seachtain dá chéile. Bhí an teaghlach ar fad thar a bheith trína chéile ag an am sin. Bhí rochtain deacair toisc go raibh an t-oibrí sóisialta in aice léi an t-am ar fad.

“Inseoidh mé an fhírinne lom duit,” a dúirt an breitheamh. “Mar gheall ar do chuid iompair ní raibh muinín ar bith ann. Is é an jab atá acu ná na leanaí a chosaint. Is téarma scaoilte é rochtain faoi mhaoirseacht. Caithfidh tú muinín a atógáil agus cur suas le beagáinín scáthaithe, agus tabharfaidh tú faoi deara go n-ímíonn sé de réir mar a thógtar muinín.

“Ag am ar bith nuair atá leanbh i gcúram má sháraíonn na tuismitheoirí na deacrachtaí atá acu is féidir leo cúram a thógáil orthu féin arís. Is cuma céard a dhéanann tú, nuair atá tú ar rochtain leis na leanaí, ná bí ag ól.”

“Ní bheidh go brách,” a dúirt sí.

Scaoil an breitheamh an t-iarratas ar chimiú.

## Diúltaíonn athair do chomhairle sícíteiripe

**D**'aontaigh athair le hordú maoirseachta a rinne an Breitheamh Conal Gibbons i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath maidir lena chúigear leanaí cleithiúnacha ach chuir sé in aghaidh coinníoll amháin.

Fuair a bhean bás mí Dheireadh Fómhair roimhe sin, á fhágáil le seisear leanaí, an duine is sine 20 bliain d'aois. Bhí sé ag obair agus ag déanamh a dhíchill dóibh agus ghlac sé le cabhair ón FSS. Ach rinne sé agóid nuair a iarraidh air cóir sícíteiripe a fháil d'fhadhb le halcól. Dúirt a abhcóide leis an geúirt gur shéan sé go raibh a leithéid sin d'fhadhb aige.

Bhí sé sásta glacadh leis go dtiocfadh an t-oibrí sóisialta chuig a theach trí mhaidín agus dhá thráthnóna sa seachtain. Bhí sé sásta geallúint a thabhairt freisin nach mbainfeadh sé mí-úsáid as alcól. Ach shéan sé go raibh sícíteiripe ag teastáil uaidh.

“Motháim nach aon mhaith é ordú a thabhairt do dhuine dul chuig sícíteiripeoir,” a dúirt an Breitheamh Gibbons. “Más rud é nach bhfuil duine ag iarraidh dul ann an bhfuil sé úsáideach?”

“Bhí moltaí ann chun cabhrú leis,” a dúirt abhcóide an FSS. “Cuireadh isteach iad toisc go raibh an t-oibrí sóisialta den tuairim go raibh deacracht ann.”

“Is éard a theastaíonn ón Uasal ... ná cabhair phraiticiúil,” a dúirt an breitheamh. “Chuala mé é. Motháim go ndéanfadh sé é seo dá gceapfadh sé go mbainfeadh sé leas as.”

“Is í an fhadhb atá ann ná más ordú é agus mura gcloítear leis is féidir an tUasal ... a chur i bpríosún,” a dúirt abhcóide an fhir.

“Ní dhéanfaimid é sin sa chúirt seo,” a dúirt an breitheamh.

Thaispeáin sé don oibrí sóisialta go raibh an fear sásta gan mí-úsáid a bhaint as alcól agus gan drochíde béil a thabhairt do na leanaí. Bhí sé sásta freisin go bhféadfadh oibríthe sóisialta teacht gan choinne.

“B'fhéidir gurb iad sin na daoine deiridh a bheidh tú ag iarraidh a fheiceáil ag an am,” a dúirt sé leis an bhfear. “Ceapaim go n-oibreoidh rudaí amach duit agus do do theaghlach. Scríosfaidh mé coinníoll a dó [maidir le sícíteiripe] sna cúinsí seo.”

*‘Motháim nach aon mhaith é ordú a thabhairt do duine dul chuig sícíteiripeoir. Más rud é nach bhfuil duine ag iarraidh dul ann an bhfuil sé úsáideach?’*

# Déagóir faoi chúram ag iarraidh dul ar coláiste

**C**headaigh Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath plean iarchúraim do chailín 17 mbliana d’aois faoi chúram an FSS a bhí ag iarraidh dul chuig an ollscoil.

Dúirt an t-oibrí sóisialta go raibh an cailín ag déanamh an-mhaith ar scoil, go háirithe i gcomhthéacs ar tharla di, ina measc bás a máthar an bhliain roimhe sin.

Bhí sí ina cónaí le cúramóirí altrama agus bhí sí díreach ar tí a hArdteist a dhéanamh. Bhí sí ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar dhlí agus gnó ar an ollscoil.

“An mhlaith go dtacóidh an FSS léi má dhéanann sí é?” a d’fhiafraigh an Breitheamh Conal Gibbons. Dúirt abhcóide an FSS go dtacódh agus go dtabharfaí oibrí iarchúraim don chailín.

“Is cás liom a chinntiú go gclúdódh an plean iarchúraim seo na féidearthachtaí ar fad,” a dúirt an breitheamh. “Níl aon fhoráil reachtúil ann. Táim ag iarraidh go n-aontódh an FSS tacú leis [an gailín] ag an triú leibhéal, go n-úsáidfeadh sé a rogha chun cabhair a chur ar fáil, agus an tacaíocht a leagan amach sa phlean, lena n-áirítear go ndéanfadh sí cúrsa gairmiúil dá mba ghá. Táim ag iarraidh go mbeadh sé scríofa i bhfoirm éigin le go mbeadh sé infhorghníomhaithe.”

D’iarr sé go ndéanfaí athbhreithniú ar an bplean i Meán Fómhair, nuair a bheadh torthaí Ardteiste an chailín ar fáil.

Chuir sé leis an méid sin go raibh Alt 45 den Acht thar a bheith tábhachtach, alt a thugann rogha don FSS maidir le hiarchúram do leanaí a shroicheann 18 mbliana d’aois.

## Go hAchomair

### Bronntar cothabháil ar dhéagóir

Bhronn an Breitheamh Donagh McDonagh cothabháil ar chailín 18 mbliana d’aois i gcoinne a hathar i gCúirt Cuarda an Iarthair ar bhonn go raibh sí in oideachas lánaimseartha.

Bhí tuismitheoirí an chailín scartha, agus fuair a máthair bás dhá bhliain roimhe sin. Bhí caidreamh nua ag a hathair, ina raibh dhá leanbh aige. Bhí a hathair ag íoc cothabhála nuair a bhí sí faoi bhun 18 agus d’aontaigh sé €3,200 sa bhliain a íoc agus í in oideachas triú leibhéal.

Rinne sí a hArdteist i 2006 agus anois bhí sí ag déanamh cúrsa iar-Ardteistiméireachta. Rinne sí iarratas cúrsa a dhéanamh san ollscoil, ag tosú sa bhliain acadúil a bhí ag teacht. Dúirt a

habhcóide nár íoc a hathair cnapshuim de €5,000 a ghealladh don chúirt mí Iúil roimhe sin. Dúirt sí go raibh ceist freisin maidir le hoideachas triú leibhéal a bhí sa chúrsa iar-Ardteistiméireachta.

Dúirt abhcóide an athar nach cás dubh agus bán a bhí ann. Ní bheadh aon fhadhb ann an chothabháil a íoc ach ní bheadh a cliant in ann é seo a íoc chomh maith leis an gcnapshuim.

Bhí sé i gcaidreamh nua agus bhí beirt leanaí óga aige. Bhí ceist ann freisin an raibh an cailín i mbun oideachas lánaimseartha i láthair na huaire.

Dúirt an Breitheamh McDonagh gur sheas an t-ordú don chnapshuim fós agus gur chóir é a íoc mí Mheán Fómhair seo chugainn má dhearbhaítear go raibh áit in institiúid triú leibhéal aici.

# ‘Ní féidir leat a bheith ag bogadh leanaí thart an iomarca’

I gCúirt Chuarda Chorcaí laghdaigh an Breitheamh Harvey Kenny rochtain athar neamhphósta ar a bheirt leanaí nuair a rinne an fear achomharc i gcoinne ordú na Cúirte Dúiche maidir leis an rochtain reatha a bhí aige.

Dúirt abhcóide an fhir go raibh beirt leanaí ag an lánúin, ocht mbliana agus ceithre bliana d’aois. Bhídís ina gcónaí le chéile ar feadh 12 bhliain agus scar siad in 2003. I mí Bealtaine 2006 d’aontaigh siad sceideal rochtana ina raibh rochtain thar oíche ag an athair ón Luan go dtí an Chéadaoin seachtain amháin, agus ón gCéadaoin go dtí an Aoine an tseachtain eile, chomh maith le gach dara deireadh seachtaine. Bhí sé in ann a bheith solúbtha maidir lena uaireanta oibre áit nach bhféadfadh a iarpháirtí a bheith. Thug feighlí leanaí aire do na leanaí tar éis na scoile cé gur thóg an t-athair amach iad ar na laethanta a bhí aige. Rinneadh ordú Cúirte Dúiche den chomhaontú i mí Bealtaine seo caite.

Tar éis seo, d’aistrigh an máthair go baile thart ar 60 míle ón gcathair gan comhairle a chur ar an athair agus d’athraigh sí scoil na leanaí. Rinne an t-athair agóid faoi seo sa Chúirt Dúiche áit a ar ordaigh an breitheamh go mbeadh rochtain aige trí dheireadh seachtaine as ceithre, le rochtain lár na seachtaine ar dhá lá sa bhaile tuaithe. Rinne an máthair achomharc air seo agus laghdaíodh rochtain an athar go dhá dheireadh seachtaine, chomh maith lena theangmháil lár na seachtaine.

Dúirt an t-athair go raibh sé pósta roimhe sin agus go raibh beirt leanaí aige ón bpósadh sin. I 1990 bronnadh coimeád aonarach ar na leanaí seo air a thóg sé leis féin. Bhíodar fássta suas anois agus ag obair.

Bhí sé ina chónaí le máthair na leanaí níos óige sa chathair ó 1996 go 2003, nuair a bhris an caidreamh suas. Ag an bpointe sin chuardaigh sé caomhnóireacht agus comhchoimeád, rud a deonaíodh. Bhí rochtain aige 16 oíche as 33.

Fuair sé trampailín ina theach, sa chaoi go mbeadh cairde a leanaí in ann teacht agus dul ag spraoi leo. Thóg sé ag snámh iad agus chabhraigh sé leo a gcuid oibre baile a dhéanamh. Bhí an feighlí leanaí céanna acu ó bhí an leanbh níos sine 18 míonna d’aois, agus bhí mac a iníne, a bhí ar chomhaois leis an leanbh níos óige, leis an bhfeighlí leanaí seo freisin.

Sa samhradh dúirt máthair na leanaí leis go raibh sí ag bogadh leis na leanaí. Chuir sé seo isteach ar an iníon is sine. “Rud millteach dom a bhí ann,” a dúirt sé. “Tá na leanaí anois i [an baile] faoi chúram au pair Polannach. Tá a mháthair ag obair cúig nó uaireanta sé lá in aghaidh na seachtaine i gCorcaigh, ag fágáil ag a 7 r.n. Tá an bheirt thuismitheoirí i gCorcaigh. Caithfidh mé 300 míle a thaisteal gach seachtain chun na leanaí a fheiceáil. D’éirigh mé as obair chun am a chaitheamh leo. Ní dhéanann sé ciall go bhfuil a dtuismitheoirí i gCorcaigh agus go bhfuil siadsan sa [bhaile seo] le Polannach.

“An t-aon rud a theastaíonn uaim ná go mbeinn in ann an t-am atá uatha a thabhairt dóibh. Dúirt an Breitheamh Dúiche go raibh an rud a rinne sí mícheart agus gur tuismitheoir maith a bhí ionam. Dúirt an duine is sine go bhfuil sí ag iarraidh fágáil agus teacht ar ais go Corcaigh áit a bhfuil a cuid cairde aici. Nuair a thagann siad go Corcaigh bíonn siad i gcomhlúadar a gcairde.”

“Ón lá a rugadh iad chaith mé am ag déanamh rudaí leo.”

Nuair a fiafraíodh dó céard a bhí uaidh anois, dúirt sé: “D’fhéadfaidís teacht chun cónaithe liomsa i gCorcaigh agus bheadh sí in ann iad a fheiceáil tar éis na scoile. D’fhéadfadh sí iad a thabhairt go dtí [an baile] ag an deireadh seachtaine tar éis na scoile agus ar ais ar scoil ar an Luan.”

Mhol abhcóide na máthar leis go mbeadh sé níos fearr do na leanaí a bheith i mbaile timpeallaithe ag mórtheaghlach na máthar, ina dteach féin tar éis na scoile seachas i dteach feighlí leanaí.

*‘Caithfidh mé 300 míle a thaisteal gach seachtain chun na leanaí a fheiceáil. D’éirigh mé as obair chun am a chaitheamh leo’*

Dúirt abhcóide an athar gur aontaíodh an comhchónaíocht ar chomhairle síceolaithe agus rinneadh ordú cúirte de i mBealtaine 2006. Sháraigh an bogadh an t-ordú seo.

Dúirt an mháthair gurb as an gceantar sin di, agus sa samhradh fuarthas amach go raibh ailsce ar a deirfiúr agus shocraigh sí bogadh ar ais ansin. Bhí beirt dheirfiúracha agus deartháir sa bhaile, agus bhí a máthair ina cónaí gar dóibh. “I gCorcaigh ní raibh teaghlach ar bith timpeall orm. Bhí mé i mo chónaí sách fada ón scoil agus bhí go leor taistil ann do na leanaí.”

Dúirt sí gur fhág sí thart ar 7.45 r.n. agus bhí sí ar ais sa bhaile thart ar 6.30-7 i.n., cé go raibh sé níos déanaí uaireanta. Bhí sí ag cuartú post áitiúil. “Is breá leo ansin é. Is breá leo go bhfuil an teaghlach thart agus tá cairde acu ansin. Bhí tionchar mór aige ar an duine is sine nuair a scaramar, ach ní raibh ach 14 mhí ag an duine is óige. Sular bhogamar bhí an duine is sine i gcónaí ag clamhsán de bharr pianta boilg. Ní raibh ceann aici anois le naoi mí, tá sí ag déanamh go hiontach.”

Ag tagairt don fhéidearthacht go mbogfadh na leanaí ar ais go Corcaigh lena athair, dúirt sí: “Tá mé i ngrá leis an dtalamh ar a siúlann mo chuid leanaí. Rud millteach dom a bheadh ann dá bhfágfaidís mé.”

Dúirt an Breitheamh Kenny: “Níl seans ar bith go dtarlódh sin. B’fhéidir go mbeidh ort bogadh go Corcaigh.”

Dúirt an máthair gur bhog sí mar gheall go raibh tacaíocht a teaghlach ag teastáil, mar gheall gur máthair singil atá inti. I Corcaigh bhí na leanaí imithe as an teach ar feadh 12 uair sa lá. Anois bhíodar ag teacht abhaile ón scoil go teach teolaí agus a máthair agus deirfiúracha thart timpeall.

“Baineann sé asat a bheith ag taisteal,” a dúirt an breitheamh.

Dúirt an máthair go raibh sí ag caint le fostóir féideartha faoi bheith ag obair sa cheantar. Mar fhreagra ar abhcóide an athar, dúirt sí go mbíonn sí ag obair óna naoi go dtí a cúig. Bhí sí sa bhaile thart ar 6.30-7 i.n. Chuaigh na leanaí go dtí a leaba thart ar 8.30-9 i.n..

“Mar sin tá 10 n-uaire fiúntacha agat leo in aghaidh na seachtaine,” a dúirt an t-abhcóide. “Nuair a bhíodar i gCorcaigh bheadh an leanbh níos óige lena hathair óna 1 i.n. go dtí an mhaidin dár gcionn. Bheadh níos mó ama lena hathair ná mar atá agatsa ar feadh na seachtaine ar fad. Is é an dara rud is fearr i gcónaí é feighlí leanaí nó au pair a bheith ann. Anois tá am lena athair á dhiúltiú dóibh.”

Dúirt an máthair go bhfaca siad ar feadh sé n-uaire dhá lá in aghaidh na seachtain é.

“Tá níos mó inrochtaineacht cruthaithe agat do do theaghlach ná mar a rinne a n-athair,” a dúirt an t-abhcóide. Dúirt sí freisin nár pléadh ceist an bhogadh i gceann ar bith de 14



chruinniú idirghabhála, tháinig sé aniar aduaidh orthu. “Dá mbeadh d’iníon an-tinn bheifeá uair go leith uaithi. Ní bheadh ceachtar tuismitheoir ar fáil. Sin an cás a chruthaigh tú.

“Rinne tú é seo chun an t-ordú ó Bhealtaine 2006 a shárú. Ar thuig tú gur ordú cúirte a bhí ann? Sháraigh tú d’aon gnó é.”

“Nuair a shocraigh mé bogadh chas mé le [an t-athair] chun é a phlé. Ní raibh sé ag iarraidh é a phlé,” a d’fhreagair an mháthair.

“Is ordú cúirt a bhí ann, comhaontaithe tar éis seachtainí de chruinnithe le síceolaithe. Tá tú ag dul é sin a athrú go haontaobhach gan dul chuig an gcúirt.

Tá fianaise neamhchlaonta ann gur thángthas ar chomhaontú i mí Bealtaine agus sáraíodh go haontaobhach é i mí Iúil. Nach fíor go mbeadh níos mó ama agat agus ag athair na leanaí araon leis na leanaí dá mbeadh an bheirt agaibh i gCorcaigh.”

D’fhiafraigh an breitheamh di an raibh buachaill aici nó an raibh sé i gceist aici pósadh amach anseo. Dúirt sí nach raibh buachaill aici, agus nach raibh pleananna ar bith aici pósadh.

D’éirigh sé chun cinneadh a dhéanamh faoin gcás ar feadh thart ar 40 nóiméad. Nuair a d’fhill sé dúirt sé go bhfanadh na leanaí lena máthair sa bhaile tuaithe.

“Glacaim leis go bhfuil caidreamh maith ag an dá thuismitheoir leis na leanaí. Tá sé tábhachtach go gcoinníonn siad ceangal lena n-athair.

“Rinne mé dianmhachnamh na leanaí a chuir lena n-athair.

Is mar gheall go raibh an mháthair toilteanach dul ag obair go háitiúil go ndeachaidh an cinneadh ina fábhar, agus gur b’shin an fáth go bhfuil sé práinneach di post a fháil. Baineann sé asat a bheith ag tiomáint. Caithfear na bóithre dainséaracha a thógáil san áireamh.

“Beidh rochtain ag an athair gach dara deireadh seachtaine ó 10 r.n. ar an Satharn go dtí 6 i.n. ar an Domhnach. Tá rogha aige na leanaí a bheith leis i gCorcaigh uair amháin gach dá mhí, agus ansin beidh siad leis óna 4 i.n. ar an Aoine go dtí 6 i.n. ar an Domhnach

Fágfaidh an mháthair an teach don oíche Stharn ag an deireadh seachtaine nuair atá an t-athair ann.

“Caithfidh an dá pháirtí caitheamh go sibhialta lena chéile. Ní féidir fadhbanna a phlé os comhair na leanaí. Ní féidir diancheistiú a

dhéanamh orthu. Is í an mháthair an príomhchúramóir, agus tá comhchoimeád i gceist.

“Tógfaidh siad saoire [as baile] gach dara bliain. Ní dóigh liom gur maith an rud é go mbeadh dhá saoire in aghaidh na bliana ag leanaí.

“Níl cead ag cairde fir fanacht thar oíche i dteach na máthair. Déanfaidh mé athbhreithniú ar seo i mí Bealtaine, ag siúl leis go mbeidh an mháthair ag obair go háitiúil faoin am sin. Mura féidir leis an mháthair teacht ar obair oiriúnach b’fhéidir go n-athróidh mé an t-ordú.

“Tá beirt tuismitheoirí den scoth anseo. Bhí tionchar aige orm go bhfuil [an baile tuaithe] chomh maith céanna le Corcaigh ó thaobh leanaí a thógáil. Ach caithfidh an mháthair a bheith ag obair ann.”

Dúirt abhcóide an athar: “Laghdaigh tú rochtain an athar. Tá sé thar a bheith solúbtha. I mí Bealtaine bhí 16 oíche as 33 aige. Anois tá oíche amháin as 14 aige. Tá cairde agus col ceathracha acu i gCorcaigh. Freisin tá tú ag laghdú cén áit ar féidir leis rochtain a bheith aige.”

“Ní féidir leat a bheith ag bogadh leanaí thart an iomarca,” arsa an breitheamh.

Tháinig an cás roimh an mBreitheamh Sean O Donnabhain le hathbhreithniú i Cúirt Chuarda Chorcaí i mí Bhealtaine. Nuair a glaoth é áfach, d’fhógair na páirtithe gur tháinig siad ar chomhaontú chun na horduithe a rinne an Breitheamh Kenny a athrú.

Ba hiad téarmaí na hathruithe ná go mbeadh rochtain ag an athair ar an dá leanbh gach dara deireadh seachtaine óna 6 i.n. ar an Aoine go dtí 6 i.n. ar an Domhnaigh, i gCorcaigh dá mba rogha leis é. Bhí rochtain aige gach Céadaoin tar éis na scoile freisin. Chabhródh an mháthair leis an rochtain seo ina teach.

Le linn na laethanta saoire, bheadh ceithre seachtaine sa samhradh, seachtain amháin um Nollaig agus seachtain amháin um Cháisc ag gach tuismitheoir. Bhí na lár-téarmaí le roinnt go cothrom.

Bhí an t-athair i dteideal cuairt a thabhairt orthu ar a mbreithlá agus lá Nollag, agus d’fhanfaidís leis ó mheán lae ar an 26 Nollag go dtí 2 i.n. ar an 27 Nollag.

Bhí sé i dteideal fianaise a fháil faoi fhostaíocht na máthair chomh luath agus a bheadh sé le fáil chomh maith.

D’íocfadh sé €1,200 in aghaidh na míosa mar chothabháil don dá leanbh.

*‘I mí Bealtaine  
bhí 16 oíche as 33  
aige – Anois tá  
oíche amháin as  
14 aige’*

# Cáineadh tuismitheoirí toisc drochshampla a thabhairt do leanaí

Dúirt breitheamh na Cúirte Cuarda a chuir ordú coimeád a rinneadh sa Chúirt Dúiche ar ceal gur chóir go mbeadh náire ar na tuismitheoirí astu féin. Dúirt an Breitheamh Pat McCartan: “Is tragóideach an rud é nach féidir leo caitheamh go sibhialta lena chéile. Nach stopann sibh chun smaoinemh ar an sampla atá sibh ag tabhairt? Is oraibhse a bheidh na leanaí ag déanamh aithris.

“Níl sé ionaibh fiú céadainmneacha a úsáid ag tagairt dá chéile. Ba chóir go mbeadh náire ar an mbeirt agaibh. Cén sampla a leanfaidh siad nuair a théann siad amach sa saol mór?” a d’fhiafraigh sé.

D’ordaigh breitheamh na Cúirte Dúiche go mbeadh coimeád ag an athair iarrthóra ar an mbeirt bhuachaillí déagóracha agus go mbeadh coimeád ag an mháthair ar an iníon dhéagórach. Bhí na tuismitheoirí ina gcónaí i mbailte tuaithe difriúla. Bhí an triúr leanaí ina gcónaí lena máthair agus iad ar fad ag dul chuig an scoil chéanna. Bhíodh siad ar cuairt ag a athair ag an deireadh seachtaine agus rinne an t-athair argóint sa Chúirt Dúiche go chóir dá mic teacht chun cónaí leis go buan mar gheall go raibh cairde agus imeachtaí spóirtiúla ar siúl acu sa bhaile ina raibh sé ina chónaí.

Rinne an mháthair, ar náisiúnach eachtrannach í, achomharc ar an gcinneadh sin go dtí an Chúirt Chuarda. Bhí sí ag iarraidh go bhfanfadh na socrúithe mar a bhí siad.

Le linn bhriseadh an lóin, chonaic an Breitheamh McCartan na leanaí leo féin ina dlísheomraí agus níos déanaí thug a máthair fianaise go raibh siad ag déanamh an-mhaith ar scoil.

“Is déagóirí iad. Caithfear aire a thabhairt dóibh an t-am ar fad. Teastaíonn maoirseacht uathu. Nuair atá siad in éineacht leis, tá cead acu teacht agus imeacht uair ar bith is mian leo,” a dúirt sí. Dúirt sí leis an mbreitheamh nach raibh sí ag rá go raibh a athair ag déanamh faillí orthu, ach go mbíodh sí sa

bhaile nuair a tháinig siad isteach ón scoil ach amháin dhá lá in aghaidh na seachtaine, nuair a bhí uirthi a bheith ag obair. “Tagann duine éigean isteach dom ar na laethanta sin chun aire a thabhairt dóibh,” a shonraigh sí.

Nuair a dúirt an breitheamh léi go raibh sé ag caint leis na leanaí leo féin agus gurb í an cheist a bhí ann ná an raibh na buachaillí chun dul le bheith lena n-athair agus a gcairde, dúirt an mháthair nach bhfeicfeadh sí ariamh iad dá rachadh siad le bheith ina chónaí lena athair mar gheall nach raibh sí in ann cuairt a thabhairt orthu ansin.

“Níl cead acu an fón póca a chuir ar siúl nuair atá siad leo. Ní féidir liom labhairt leo ag an deireadh seachtaine.” Dúirt sí go raibh mac amháin thar a bheith neamhaibí agus gur theastaigh sí uaidh agus gur theastaigh maoirseacht ón mac eile. “Tar éis a bheith scartha ar feadh ceithre bliana, is leanaí atá trína chéile iad. Tá mé ag iarraidh go ndéanfaí measúnú síceolaíochta.”

Dúirt an Breitheamh McCartan nach raibh sé chun é sin a dhéanamh. “Uair ar bith nach bhfuil rudaí ag dul i gceart dúinn – dlíodóirí, tuismitheoirí – téimid ar thóir síceolaí. Nílím ag iarraidh go mbeidh siad bainteach anseo.”

Thug an t-athair fianaise ansin. “Mothaím gurb é an rud a theastaíonn óna leanaí. Is féidir liom a bheith leo nuair atá mé ag teastáil uathu.” Dúirt sé go raibh sé féinfhostaithe agus go raibh sé in ann fanacht sa bhaile nuair a bhí duine de na leanaí tinn agus a bheith leo. Nuair a dúirt an Breitheamh McCartan leis go mbeadh sé níos fearr dóibh ó thaobh an oideachais de fanacht sa scoil chéanna mar gheall go raibh patrún foghlama ar bun acu, shonraigh an t-athair go ndeachaigh siad ar scoil sa bhaile ina raibh sé cheana agus go raibh imeachtaí spóirtiúla ar bun acu ann. Dúirt sé go bhféadfadh a máthair teach agus féachaint orthu ag imirt a gcluichí. Ach dúirt an breitheamh gur b’shin a cheantar “agus ní labhraíonn tú léi”. D’fhreagair an t-athair:

*‘Ba chóir go mbeadh náire ar an mbeirt agaibh. Cén sampla a leanfaidh siad [bhur leanaí] nuair a théann siad amach sa saol mór?’*

“Cuireadh ordú urchoisc orm ceithre bliana ó shin agus cloím leis. Níl aon bhaint agam léi. Níl mé ann ach do na leanaí.”

Nuair a fiafraíodh de ar ghlac sé leis go raibh na leanaí ag déanamh go maith mar a bhí rudaí faoi láthair, dúirt sé nach raibh eolas ar bith aige maidir leis sin. Dúirt an breitheamh: “Cén fáth nach bhfuil? Is tusa an t-athair agus is féidir leat glaoch ar an scoil.”

Chuir abhcóide an athar isteach ansin ag rá go raibh ordú díbeartha ar an mháthair agus d’fhéadfadh sé nach mbeadh sí ann chun aire a thabhairt dóibh. Dúirt an t-athair go ndeachaigh sí thar lear chun cuairt a thabhairt ar a teaghlach ag fágáil na leanaí faoi chúram

feighlí leanaí. Is trí thimpiste go bhfuair sé amach faoi agus thóg sé na leanaí chun fanacht leis.

Dúirt an Breitheamh McCartan nach raibh aon iachall air na leanaí a bhogadh tar éis labhairt leo. Shocraigh sé rudaí a fhágáil mar a bhí siad le cuairteanna rialta ón athair ag an deireadh seachtaine.

“Dúirt mé go bhfanfadh an méid a dúirt na leanaí liom i mo sheomra rúnda. Mar sin féin, tá mé sásta nach gcuirfidh mo chinneadh as do dhuine ar bith acu an iomarca.” Dúirt sé go bhfillfeadh sé ar an gceist i gceann cúpla bliain. “Nuair atá amhras ann is fearr rudaí a fhágáil mar atá siad.”

# Cuireann breitheamh cás ar atráth chun labhairt le leanbh

*‘Tá leisce orm go mbeadh baint ag leanaí leis seo. Ní cóir iarradh orthu taobh a thógáil más féidir ar chor ar bith é. Ach tagann uair nuair nach bhfuil na páirtithe in ann comhaontú faoi rud ar bith’*

**C**huir an Breitheamh Bryan McMahon cás i gCúirt Cuarda Bhaile Átha Cliath ar atráth chun labhairt le leanbh a bhí mar ábhair agóide maidir le rochtain.

Bhí a hathair ag iarraidh ordú rochtana a athrú, ordú a chuir iachall air bus a fháil go baile thart ar 30 míle ó Bhaile Átha Cliath ar an Satharn chun a bheirt iníonacha, ocht mbliana agus 15 bliana d’aois, a thógáil ar feadh an lae.

*Dúirt abhcóide leis go raibh tréimhse fhada ann ina raibh na leanaí ag fanacht lena n-athair don deireadh seachtaine, ach tharla rudaí leis an leanbh níos sine mí Aibreán roimhe sin agus mar sin d’athraíodh an rochtain.*

Bhí sé ag iarraidh dul ar ais go rochtain thar oíche uair amháin gach coicéise in áit a bheith ag crochadh thart ar phictiúrlanna agus ionaid siopadóireachta ar an Satharn lena leanaí. Bhí an dá pháirtí i gcaidrimh nua agus bhí leanaí óga aige ina chaidreamh féin, agus bhí sé ag iarraidh go gcaithfeadh a iníonacha am leo.

Dúirt abhcóide na mná céile go raibh fadhb leis an rochtain thar oíche. Bhí fadhbanna ag a hiníon leis agus mhol a dochtúir di agus dá hathair dul chuig comhairleoireacht teaghlaigh. “Is bean óg í agus tá a fhios aici céard atá uaithe,” a dúirt sí.

“Ní chuirfeadh leanbh 15 bliana d’aois faoi réir ordú cúirte mura bhfuil sí á iarraidh,” arsa an breitheamh. “Níl deacracht ar bith agam leanbh den aois seo a chuir faoi agallamh chun go bhfeicfidh mé an bhfuil tionchar thar na bearta á chur uirthi. An bhfuil tuarascáil Alt 47 ann? Céard faoin leanbh ocht mbliana d’aois?”

“Tá an dá leanbh an-mhór le chéile,” a d’fhreagair an t-abhcóide.

Ghlac abhcóide an athar leis go raibh fadhbanna ann leis an leanbh níos sine. “Luadh tuarascáil alt 47. Tá costas mór ag baint leo. Ní chreideann mo chliant go bhfuil gá leis.

Tá an-immní air go bhfuil an leanbh níos sine á tharraingt isteach sna fadhbanna pósta. Tá immní air í a thabhairt chun na cúirte agus isteach sa chás agus iarradh uirthi taobh a thógáil.”

Dúirt abhcóide na mná céile go raibh litir ann ó dhochtúir an chailín, a bhí mar dhuine neamhspleách.

“Is é an dearcadh atá agamsa ná nár chóir go mbeadh baint ag leanaí leis an scéal. Ní cóir iarradh orthu taobh a thógáil más féidir é ar chor ar bith,” arsa an Breitheamh McMahon. “Ach tagann uair nuair nach bhfuil na páirtithe in ann comhaontú faoi rud ar bith Tá coimhlint bhunúsach sna mionnscribhinní.

“Tá an iníon beagnach 16 bliana d’aois. Táimid ag labhairt faoi rochtain a bhaineann léi. Tá tagairt á dhéanamh do chás an linbh níos mó agus níos mó sa chóras dlí atá againn. Tá mise den tuairim gur chóir tuairimí an linbh a thógáil san áireamh nuair atá aibíocht áirithe aige nó aici; ní go gcuirfeadh faoi dhiancheistniú iad ach iad a fheiceáil sna dlísheomraí i dtimpeallacht neamhsháraíochta.

“Tá rochtain ar siúl. Níl sé foirfe i súile an fhreagróra. Níl mé ag iarraidh orduithe a dhéanamh a dhéanfadh an scéal níos measa. D’fhéadfainn comhairleacht nó tuarascáil alt 47 a ordú ach tá drogall orm go dtí go labhróidh mé léi.

“Idir an dá linn leanfaidh an rochtain atá ann faoi láthair ar aghaidh.

“Bheinn thar a bheith inmíoch má tá na tuismitheoirí ag úsáid an linbh mar cheithearnach de shórt éigean. Tá sé deacair go leor ar leanaí teacht chun réitigh leis an gcás mar atá sé, go háirithe sna déaga. D’fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag meon a deirfiúr ar an leanbh níos óige. Ba mhaith liom labhairt leis an gcailín lá éigean an tseachtain seo chugainn.”

# Ní féidir le hathair a leanbh a thabhairt chuig an RA

**D**iúltaíodh cead d’athair a leanbh 2½ bhliain go leith d’aois a thabhairt ar saoire chuig an RA fad is a bhí agóid lena iarpháirtí maidir le rochtain gan réiteach. Tháinig an cheist roimh an mBreitheamh Donagh McDonagh ar Chuaird an Iarthar.

Dúirt abhcóide an fhir leis an gcúirt go raibh socrú 50/50 i bhfeidhm faoi láthair. Dúirt sé nach raibh a chliant in ann a bheith sa chúirt ach go raibh an mháthair i láthair. Thug sí na fáthanna a raibh sí ag cur in aghaidh an aistear.

Dúirt sí nach raibh an leanbh an-ghlan nuair a tháinig sí ar ais ó chluairteanna rochtana lena hathair agus uaireanta d’fhill sí in éadaí buachalla.

Bhí beirt leanaí ag an athair le bean eile agus chuaigh an leanbh ar cuairt ag a siblíne lena hathair. Nuair a tháinig sí abhaile bhíodh fearg uirthi agus bhíodh faitíos uirthi go mbuailfí í, a dúirt an mháthair.

Dúirt sí nár thug a hathair bainne foirmle speisialta di a raibh sí (an mháthair) ag tabhairt di, gan chomhaontú, cé gur sheol sí an bainne speisialta in éindí léi. “Bíonn ionfhabhtuithe cliabhraigh aici i gcónaí. Bíonn sí ag tógáil antaibheathach. Diúltaíonn sé táillí dochtúra a íoc.”

“Is é an rud a bhfuilimid ag labhairt faoi ná an féidir léi dul go dtí an RA an tseachtain seo chugainn. An bhfuil gá dul isteach sa mhéid seo ar fad?” a d’fhiafraigh an breitheamh. “Níl do chliant anseo chun a iarratas a dhéanamh,” a dúirt sé le habhcóide an fhir.

“Chuaigh sé chuig an gCúirt Dúiche mar gheall nár tugadh rochtain dó ar feadh ceithre mhí,” a d’fhreagair an t-abhcóide. “Ordaíodh tuarascáil alt 20. Dúirt sé nár chóir go mbeadh srian ar bith ar rochtain do cheachtar de na tuismitheoirí. Bhí an bheirt acu i dteideal an leanbh a thabhairt ar saoire. Rinne an máthair achomharc air sin. Níor tháinig sé Dé Céadaoin seo caite [sa Chúirt Dúiche]. Tá na horduithe inár bhfabhar. Tá sí ag sárú an ordaithe trí dhiúltiú.”

“Níl sí,” a dúirt an breitheamh. “Tá sí ag cuardach ordú cúirte.”

“Rinne mé achomharc mar gheall nach bhfuil mé sásta leis an leibhéal rochtana,” arsa an mháthair. “Ní thugtar na seoltaí a dtógann sé chucu í dom. Tá rudaí sa tuarascáil [alt 20] nach bhfuil ceart. Is í an fhadhb atá agamsa ná nach bhfaighidh sí an cúram a theastaíonn uaithi. Má tá sí tinn thall ansin [sa RA] ní thógfaidh sé chuig dochtúir í. Ní íocfaidh sé as dochtúir. Tá a fhios agam an gnáthamh atá aige. Rachaidh sé ar an mbád farantóireachta, fanfaidh sé thar oíche lena mháthair, ansin tiomáinfidh sé seacht n-uaire go Londain. Beidh sí sa charr an t-am ar fad.”

“Tá ceist amháin le socrú anseo, an turas,” a dúirt an breitheamh. “Socrófar ar chothrom na dóchúlachta é. Ní thabharfaidh mé cead do [an t-athair] an leanbh a thógáil amach as an tír. Ní bheidh athrú ar bith eile ar an rochtain go dtí go mbeidh éisteacht iomlán den achomharc. Ba chóir don dá pháirtí méid áirithe réalachas a thabhairt chun na ceiste seo freisin.”

*‘Má tá [ár iníon] tinn thall ansin ní thógfaidh sé chuig dochtúir í’*

# Ordú do mháthair rochtain a cheadú

*‘Bheadh claonadh ionam gan rochtain gan mhaoirseacht a dheonú ar chor ar bith go dtí go mbeidh mé sásta gurb é barr leasa an linbh é’*

**D**’ordaigh an Breitheamh Miriam Reynolds i gCúirt Chuarda Lár Tíre rochtain faoi mhaoirseacht a cheadú dá leanbh ag athair an linbh. Rinne an bhean agóid in aghaidh an ionaid agus in aghaidh an maoirseoir agus mhol sí rochtain faoi mhaoirseacht in ionad eile níos gaire di, le maoirseoir eile.

Thagair an breitheamh do thuarascáil an oibrí shóisialta a dúirt go raibh an leanbh sásta agus éirmiúil.

Stopadh an rochtain in 2006 tar éis iomarbhá idir tuismitheoirí an linbh, nach raibh pósta. Bhí stair eatarthu a bhí go dona ar fad. Bhain éisteacht níos túisce le ciontú coiriúil in aghaidh an athar de bharr a iompar i leith an mháthair. Ach dúirt an breitheamh nár chuireadh tada ar fáil le tabhairt le fios nár chóir an caidreamh idir an leanbh agus a hathair a fhorbairt.

Dúirt ceann an ionaid áiseanna teaghlaigh inar chas an leanbh agus a hathair le chéile leis an gcúirt go raibh an rochtain ag dul go maith. Am deacair a bhí ann do mháthair an linbh.

Dúirt an mháthair go raibh sé deacair uirthi dul go dtí an ionad mar gheall go raibh uirthi leanbh eile a bhailiú ón scoil san áit a raibh cónaí uirthi, thart ar 25 míle ar shiúl. “Mothaím gur chóir go mbeadh rochtain bunaithe ar an leanbh agus gar don áit a bhfuil an leanbh ina cónaí,” a dúirt sí. “Rinne cara tairiscint rochtain a mhaoirsiú sa [bhaile áitiúil].”

“Tá orduithe déanta sa Chúirt Dúiche agus anseo maidir le rochtain,” arsa an Breitheamh Reynolds. “Le cailín beag caithfidh sé a bheith i dtimpeallacht rialaithe le duine neamhchlaonta. Cén fáth a ndéanann tú agóid in aghaidh Iníon... [ceann an ionaid]?”

“Is é an áit don chuid is mó. Ach tá an chuma air go bhfuil sise i gceannas ar an gcaoi a dtéann an rochtain,” a d’fhreagair an mháthair.

“Tá an chuma ar an scéal gurb é an uair a mhothaigh sí go raibh sé in am do rochtain gan mhaoirseacht gur baineadh an rochtain,” arsa an breitheamh.

“Inné bhí sí ag labhairt leis an Uasal... [an t-athair] agus gan a bheith ag labhairt liomsa,” a dúirt an mháthair.

“Mothaíonn tú go bhfuil an tUasal... i gcumarsáid léi?” a d’fhiafraigh an breitheamh.

“Mothaím,” a d’fhreagair an mháthair.

“Tá an cuma ar an scéal nach bhfuil aon áit eile don rochtain, atá suaimhneach neamhchlaonta,” arsa an Breitheamh Reynolds. “Bheinn claonta gan rochtain gan mhaoirseacht a dheonú ar chor ar bith go dtí gó mbeidh mé sásta gurb é barr leasa an linbh é. Ordaím rochtain faoi mhaoirseacht gach coicís anseo ar feadh dhá uair an chloig. Déanfaidh mé athbhreithniú ar an scéal faoi cheann trí mhí.

“Ba chóir go mbeadh duine in éineacht leis an Uasal ... agus ba chóir dó a theileafón a fhágáil taobh amuigh. Ba chóir don FSS ionad a chuardach atá níos gaire do bhaile [na máthar], agus duine comhaontaithe neamhspleách chun maoirseacht a dhéanamh. Íocfaidh an t-athair €20 i dtreo a costais peitрил ag tabhairt an linbh anseo.”

# Go hAchomair

## Níos mó ama lena hiníon d'alcólach atá ag éirí níos fearr

Chuardaigh alcólach atá ag éirí níos fearr níos mó rochtana ar a hiníon ocht mbliana d'aois go i gCúirt Cuarda an Oirthir, agus d'éirigh leis an iarratas.

Dúirt a habhcóide leis an mBreitheamh Pat McCartan go raibh an bhean ag fáil tacaíochta le fanacht saor ó alcól agus bhí beirt urraí léi ó AA i láthair sa chúirt. Faoi láthair bhí uair amháin rochtain faoi mhaoirseacht lena hiníon in ionad tuismitheora agus linbh in aghaidh na seachtaine, agus bhí sí ag cuardach rochtana níos faide gan mhaoirseacht, le rochtain thar oíche sa deireadh.

Dúirt fear céile na mná, a rinne ionadaíocht thar a cheann féin, go raibh sí fós ag ól, agus go raibh sí ar meisce um Nollaig.

Dúirt sé gur fhág sé a hiníon lena iarbhean chéile uair amháin ach go raibh glaoch faighte aige uair an chloig níos déanaí ó stáisiún na nGardaí áitiúil ag rá gur cuireadh an leanbh amach ón teach agus go raibh a máthair ar meisce.

Dúirt urra ó AA leis an gcúirt go raibh sí (an t-urra) saor ó alcól ar feadh 10 mbliana agus go raibh sí ag fostú na mná sa lóistín a bhí aici. Is post cónaithe a bhí i gceist.

Dúirt an fear céile leis an mbreitheamh gurb í an cheist a chuir a iníon, nuair a fiafraíodh di an rachadh sí ar cuairt chuig a máthair san áit seo, ná cá raibh stáisiún na nGardaí. Ní raibh ceann ar bith sa sráidbhaile.

Dúirt an Breitheamh McCartan leis an bhfear go ndeachaigh an t-urra i bhfeidhm air agus go raibh sé ag moladh go mbeadh sí i láthair ag an gcéad dá chruinniú eile idir an leanbh agus a máthair le go gcuirfeadh an leanbh aithne uirthi. Tharlódh sé seo san ionad ar dtús agus bheadh na céad chruinnithe ar an Satharn óna 2-5 i.n. Ní bheadh tada ag cur bac ar na daoine a bhí i gceist a gcuid socrúithe féin a dhéanamh.

“Ní bheinn ag súil go mbeadh leanbh thart ar duine a bhí ag ól,” a dúirt sé.

## Leasaíonn Breitheamh téarmaí toilithe

D'iarr an Breitheamh Donagh McDonagh ar lánúin athmhachnamh a dhéanamh ar théarmaí socraithe a chomhaontaigh na páirtithe maidir le hiarratas a bhí roimhe ar Chuaird an Iarthair.

Phós an cúpla i 1978 agus bhí beirt chlainne orthu, a bhí naois ina 20aidí agus nach raibh ag brath orthu níos mó. Ní raibh seans ar bith ar athmhuintearas agus ba é an fear iarrthóir an cholscartha, a d'aontaigh a bhean chéile leis.

Nuair a iarradh air téarmaí an chomhaontaithe a mhíniú, dúirt abhcóide an fhir go raibh a chliant ag cuardach ordaithe chun áras an teaghlaigh a chlárú ina ainm féin amháin, tar éis íocaíocht de €33,000 lena bhean chéile. Ghlacadh sé an morgáiste beag a bhí fós le híoc air féin. Luacháladh an teach ar €150,000.

“Mar sin i gcomhair fiacha €50,000 faigheann sé an teach?” a d'fhiafraigh an breitheamh.

“Sea,” a d'fhreagair an t-abhcóide. “Tá iarratas aige ar iasacht do €62,000 thar 15 bliana sa chaoi go mbeidh sé in ann iasacht cairr agus roinnt costais eile a íoc chomh maith leis an morgáiste.

Beidh sé á íoc go dtí go mbeidh sé 68 bliain d'aois. Níl aon ordú cothabhála á chuardach.”

Dúirt abhcóide na mná céile: “Tá slí bheatha aici agus tá sí i gcaidreamh nua.”

“Ritheann sé liom nach mórán é €33,000 i gcomparáid le luach an tí,” arsa an Breitheamh McDonagh.

Glaodh an bhean chéile agus dúirt sí go mbeadh sí sásta le €33,000, a mbeadh €3,000 dó ag dul don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil. Dúirt sí go raibh sí ag obair agus i gcaidreamh nua.

“Ceapaim go bhfuil €30,000 éadrom. Déarfaim aon trian den luach glan a bheadh mar dháileadh cothrom,” a dúirt an breitheamh. “Domsa is soláthar ceart a bheadh ann sa chás seo, is é sin, €45,000. Ceapaim gur soláthar ceart a bheadh ann.”

Tharraing na páirtithe siar chun machnamh a dhéanamh ar an méid a dúirt an breitheamh, agus d'fhill siad ag comhaontú ar €45,000 do pháirt na mná céile sa teach. Rinneadh ordú cúirte den mhéid seo.

# Cás níos casta de bharr míchumas linbh

**D**'ardaigh dlíthí tuata dhíod árais an teaghlaigh, athrú i socruithe rochtana agus athrú in íocaíochtaí cothabhála i gcás inar deonaíodh idirscaradh breithiúnach agus ina raibh colscaradh á chuardach anois. Bhí leanbh amháin faoi mhíchumas agus da bhrí sin bhí an cheist níos casta.

Dúirt an fear céile leis an mBreitheamh Bryan McMahon i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath gur phós an lánúin i 1983 agus gur cheannaigh siad áras an teaghlaigh i 1994. Rugadh a gcéad leanbh i 1996 agus leanbh eile trí bliana níos déanaí.

Bean tí lán aimseartha a bhí sa bhean chéile san am seo agus choinnigh sí mic léinn chun cur le hioncam an teaghlaigh. Bhog sé amach as áras an teaghlaigh in 2001 tar éis caidreamh suirí a bheith aige. Thosaigh a bhean chéile imeachtaí idirscartha bhreithiúnaigh in 2003.

Bhí morgáiste de €80,000 ar an teach, a ndearnadh luacháil de €250,000 air. Sna himeachtaí idirscartha bhreithiúnaigh bhí sé i gceist go bhfanadh bean chéile agus leanaí an fhir ann go dtí nach mbeadh na leanaí cleithiúnach níos mó, agus ansin go ndíolfaí é agus na fáiltais a roinnt. Ní raibh aon ordú ann. Bhí sé ina chónaí i gcóiríocht ar cíos anois.

Dúirt an fear gur cuireadh comhairle dhlíthiúil air ar dtús ach nach raibh sé in ann íoc as a thuilleadh. Fuair sé méid áirithe cabhrach ó ghrúpa a dhéanann ionadaíochta ar aithreacha neamhphósta agus idirscartha agus ó chara leis a bhí ina abhcóide.

Nuair a d'fhiafraigh an breitheamh dó céard a bhí uaidh dúirt sé go raibh sé ag iarraidh ordú go ndíolfaí an teach nuair nach mbeadh na leanaí cleithiúnach níos mó ionas nach mbeadh air filleadh ar an gcúirt faoi cheann 11 bhliain. Bhí sé ag íoc an mhorgáiste agus árachas an tí agus bhí sé ag iarraidh sciar 55 faoin gcéad den díolachán. Bhí a bhean chéile ag tabhairt aire do chothabháil an tí.

Chomh maith leis an morgáiste, bhí sé ag íoc €70 in aghaidh na seachtaine mar chothabháil ar an mbeirt leanaí a bhí sé ag iarraidh a

laghdú. Bhí ardú ar an morgáiste ó 2005. Bhí sé ina chónaí in árasán le seomra codlata amháin agus bhí sé ag iarraidh ceann le dhá sheomra codlata le go bhféadfadh na buachaillí fanacht leis.

Bhí sé ag iarraidh socruithe rochtana difriúla freisin, ina measc go bhféadfadh na leanaí fanacht thar oíche i dteach a thuismitheoirí faoin tuath. Rinneadh líomhain in aghaidh an athar go raibh sé ag baint mí-úsáid as an mbuachaill níos sine ach rinne an bord sláinte fiosrúchán agus cruthaíodh nach raibh aon bhunús leis.

D'fhiafraigh abhcóide na mná céile an raibh caidreamh suirí aige le duine de na mic léinn teanga, agus dá bharr nár cheadaigh an scoil teanga do mhic léinn fanacht sa teach níos mó. Chuir sé seo isteach ar ábaltacht na mná céile a cuid a shaothrú. Dúirt an fear céile nach raibh aon fhadhb leis sin tar éis dó bogadh amach.

Dúirt an t-abhcóide freisin nach raibh a bhean chéile in ann dul i mbun obair lánaimseartha de bharr mhíchumas an linbh níos sine. Dúirt an fear céile go raibh sí in ann mic léinn a bheith aici. Dúirt an t-abhcóide go raibh sé róluath ordú a dhéanamh maidir le díol áras an teaghlaigh, mar gheall nach raibh cinnteacht ann faoi neamhspleáchas an linbh níos sine.

Dúirt an bhean chéile go raibh beirt mhúinteoirí ag an leanbh níos sine agus cúntóir ranga. Bhí gnáthamh rialta thar a bheith tábhachtach dó. Ní raibh a fhios aici cé mhéid cúraim a bheadh ag teastáil uaidh amach anseo.

Ag tagairt don rochtain, dúirt só go raibh inní ar an scoil de bharr iompraíocht ghnéasaithe an bhuaichalla. Bhí deacrachtaí ag an mbord sláinte lena bhfiosrúcháin mar gheall ar a mhíchumas. Ní raibh sí sásta le rochtain thar oíche i dteach an tseanathair.

Dúirt sí go raibh sí ag saothrú thart ar €520 in aghaidh na míosa trí mhac léinn a choinneáil, agus go raibh sí ag íoc as a bhia ón méid seo. Ba mhaith léi ardú sa chothabháil de €10 in aghaidh na seachtaine.

*'Tá sibh ag oibriú amach cúrsaí rochtana eadraibh ar bhealach inmholta. Tá meas bunúsach agaibh ar dhearcadh an duine eile. Is rud dearfach é seo do na leanaí'*



Ina mbreithiúnas, dúirt an Breitheamh McMahon go raibh sé ag iarraidh béim a leagan air nach raibh na difríochtaí idir na páirtithe rómhór.

“Is seasaimh mheasartha atá glactha ag an dá pháirtí. Níl an bhean chéile ag cuardach €120 in aghaidh na seachtaine, níl seisean ag iarraidh é a laghdú go €10. An t-aon cheist atá ann maidir le rochtain ná an seanathair. Tá sibh ag oibriú amach cúrsaí rochtana eadraibh ar bhealach inmholta. Tá meas bunúsach agaibh ar dhearcadh an duine eile. Is rud dearfach é seo do na leanaí agus do chás deacair an bhuachalla níos sine go háirithe.”

Ag deonú forairthne colscartha, dúirt sé go raibh na páirtithe ina gcónaí scartha óna chéile ar feadh ceithre bliana agus nach raibh seans réasúnta ar bith ar athmhuintearas.

Ag déanamh cinneadh ar sholáthar ceart do na céilí, bhí air alt 20 den Acht 1996 a choinneáil i gcuimhne, agus aird a bheith aige ar an mbreithiúnas roimhe seo a bhí níos lú ná ceithre bliana ó shin.

Maidir le cumas tuillimh, is bean tí a bhí sa bhean chéile an chuid ba mhó dá saol, agus choinnigh sí mic léinn le chur lena ioncam. Bhí na riachtanais airgid ar eolas agus ní raibh duine ar bith ag seachaint a ndualgas. Is gnáthdhaoine a bhí iontu a raibh sé ag fáil deacair orthu maireachtáil taobh istigh dá n-ioncam. Bhí an dá pháirtí sna 40aidí, rud a bhí bainteach lena saol oibre agus le féidearthacht na mná céile dul ar ais ag obair.

I dtéarmaí sláinte fhisiciúil agus mheabhrach, an rud ba shuntasá faoin gcás ná riocht an bhuachalla níos sine, a leag ualach trom ar na tuismitheoirí.

Bhí an méid a cuireadh isteach sa phósadh ar eolas. Bhí roinnt scaireanna ag an bhfear céile ina fhostaíocht agus nuair a aibéidh siad, chabhródh sé leis cóiríocht a chur ar fáil dó féin.

Maidir le cumas tuillimh na céillí, dúirt an breitheamh gur chuir an bhean chéile ar leataobh ón saol oibre í féin chun aire a thabhairt do na leanaí, rud a bhí le moladh. Maidir le hiompar, dúirt sé go raibh míniú ar bhriseadh suas an pósadh cloiste aige. Cé nach raibh an gortú “mór soiléir”, ní raibh amhras ar bith ach go raibh sé ann.

Ag tagairt do riachtanais chóiríochta na bpáirtithe, dúirt sé go raibh riachtanais na mbuachaillí ar eolas. Bhí an fear céile ina

chónaí in árasán le seomra leapa amháin agus bhí sé i dteideal árasáin le dhá sheomra leapa a thoilmhianú. Chuirfeadh a chuid scaireanna ar a chumas gluaiseachtaí a dhéanamh sa treo sin.

Ag rialú ar cheist na cothabhála, dúirt sé tar éis ioncam an fhir a mheas nach mbeadh aon athrú ag tarlú. Dhéanfadh sé an cheist a nascadh leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí, leis an gcéad mhéadú le tarlú i 2008.

Ar cheist na rochtana, dúirt sé nach raibh aon chruthúnas os comhair na cúirte d’fhaillí ar bith ón seanathair, ach bhí sé soiléir go raibh faitíos agus eagla ar an mbean roimhe. “Caithfidh mé meas a bheith agam ar an tuairim, fiú amháin má tá sí míreasúnach. Cé go bhfuil sí den tuairim seo, bheadh sé díreireach díomsa ‘thar oíche’ a ordú. Bheadh níos mó dochair ná maitheasa á dhéanamh agam.

“Is eol dom go mbeidh sé seo deacair ar an bhfear céile iarrthach. Ach tá an samhradh buailte linn, agus na tráthnónta fada. Is eol dom ó thaithí nach bhfuil an fhulaingt atá ag duine 75 bliain d’aois do leanaí óga iontach. Nílím ag cáineadh duine ar bith anseo.”

Ag tagairt d’áras an teaghlaigh, dúirt sé nach raibh mórán á lorg ag duine ar bith. Bhí ordú ag teastáil ón bhfear céile go ndíolfá an teach nuair nach mbeadh na leanaí cleithiúnach a thuilleadh. Bheadh 11 bhliain i gceist anseo, agus b’fhéidir 14. Mura dtiocfadh biseach ar an mbuachaill níos sine, d’fhéadfadh tréimhse níos faide a bheith i gceist.

“An féidir le duine ar bith a thuar cén caidreamh a bheidh ag duine ar bith in 11 nó 14 bliana? D’fhéadfadh duine éigin an Lotto a bhuanachan.” Dhearbhaigh sé an t-ordú a tháinig roimhe seo, a dúirt go bhféadfadh an bhean agus na leanaí cónaí in áras an teaghlaigh go dtí nach mbeidís cleithiúnach a thuilleadh.

Thug sé cead do na páirtithe iarratas a dhéanamh ar orduithe, má bhí athruithe suntasacha ar bith ina gcuid cúinsí.

*‘Níl an fhulaingt atá ag duine 75 bliain d’aois do leanaí iontach’*

# ‘Rinne mé soláthar maith dóibh ... ansin d’imigh mé leis an ólachán’

Tá praghas an láithreáin do teach soghluaiste ag teastail ó fhear mar a scair den teach teaghlaigh €220,000 le linn imeachtaí colscartha ar an gCuard Thuaisceartach os comhair an Bhreithimh John O’Hagan.

Phós an lánúin i 1972 agus bhí 11 leanbh acu, agus mhair 10 leanbh. Tá an duine is óige 20 anois. Chónaigh beirt acu, agus leanbh le duine amháin díobh, leis an mháthair. Scar an lánúin i 1997.

Dúirt an bhean gur thug a hathair láithreán an tí teaghlaigh dóibh go gairid tar éis dóibh pósadh. Ba sheirbhíseach poiblí a bhí inti, ach b’éigean di éirí as an obair nuair a phós sí. D’éirigh a fear céile tugtha don ól agus bhí sé dífhostaithe d’fhormhór an ama. Iarradh air áras an teaghlaigh a fhágáil i 1997.

Níor lorg sí aon chothabháil uaidh toisc gur chreid sí go gcuirfeadh an fhadhb ólacháin cosc air an t-airgead a íoc léi. “D’airigh mé níos sláine le híocaíochtaí ón rialtas,” a dúirt sí. Thóg sí €30,000 ar iasacht ón gcomhar creidmheasa chun na leanaí a chur ar coláiste agus chun an teach a athchóiriú. Ní raibh aon mhorgáiste ann agus bhí sí anois ag obair.

Chuir a hathair £5,000 i dtreo chostas thógáil an tí. Nuair a iarradh uirthi an bhféadfadh sí morgáiste de €20,000 go dtí €50,000 a fháil chun méid áirithe a íoc lena fear céile dá leas sa teach, dúirt sí nár shíl sí go mbeadh a leithéidí indéanta.

D’iarr an Breitheamh uirthi ansin an bhféadfadh aon chuid dá leanaí cuidiú agus dúirt sí nár theastaigh uaithe brú ar bith a chur orthu.

Dúirt abhcóide an fhir chéile: “Tá sé ina chónaí i dteach soghluaiste i láthair na huair. Níl uaidh ach píosa talún chun an teach soghluaiste a chur air. Thóg sé an teach sna laethanta luath. Ar an drochuair, rug an t-ólachán greim air. Tá caidreamh maith aige lena chuid mac. Tá athmhuintearas áirithe tarlaíthe eatarthu.”

“Níor labhair mé leis le 10 mbliana,” a dúirt an bhean chéile.

Dúirt an fear céile gur sholáthraigh sé go maith don teaghlach sular rug an t-ólachán air. Bhí sé tar éis oibriú sa gheilleagar dubh agus a chuid airgid dífhostaíochta tugtha aige dá bhean chéile, ag coinneáil aon airgid a thuill sé. Thóg sé an teach le cúnaimh ó fhear eile. Bhí costas £12,000 ag baint le tógáil an tí i 1976. “Ó 1976 tríd na 1980í, bhí mé ar airgead dífhostaíochta. Rug an t-ólachán orm.”

Nuair a iarradh air cad a bhí uaidh anois, dúirt sé láithreán agus teach nua soghluaiste, ar a mbeadh costas beagnach €50,000.

“Thug sé an t-airgead dífhostaíochta dom,” a dúirt an bhean chéile. “Bhí sé ag tógáil ballaí agus tithe bó agus bhí sé á ól sin. Naoi n-uaire as 10, chuaigh mé chun an t-airgead dífhostaíochta a bhailiú agus rinne mé a shíniú a bhrionnú chun na billí a íoc agus ní raibh dóthain ann riamh.”

“Níl aon dabht ach go bhfuil an pósadh críochnaithe,” a dúirt an breitheamh. “Is deimhin liom nár íocadh aon chothabháil cheart le Bean... di féin agus don 10 leanbh le 10 mbliana anuas agus níos mó is cosúil. An meastachán a bheadh agam ná tuairim is 17 bliana, suim níos mó ná €200,000.

“Tá a chuid ceangail dóite ag an Uasal... Rinne Bean... na leanaí a thógáil aníos. Thóg sí iasachtaí móra amach chun iad a chur tríd an gcoláiste.

“Forálann an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) cad atá le cur san áireamh. Céard a shílím atá mar scair réasúnta don Uasal ... ag tógáil san áireamh gur dhiúltaigh sé dá fhreagrachtaí? Ar shlí amháin – dada. Tá an claonadh ionaim, áfach, rud éigin a thabhairt dó. Measaim gur chóir suim de €30,000 a íoc leis an Uasal... Ina dhiadh sin, ba chóir áras an teaghlaigh ina iomláine a aistriú go dtí Bean...”

Dheonaigh sé an colscaradh, agus chuir sé an cás ar atráth go dtí an chéad suí eile chun féachaint an bhféadfadh an bhean an €30,000 a fháil trína leanaí nó tríd an gcumann foirgníochta. Murarbh fhéidir teacht ar an gcomhshocrú seo, dúirt sé go mbeadh sé ag treorú go ndíolfaí áras an teaghlaigh.

*‘Níl aon dabht ach go bhfuil an pósadh críochnaithe. Is deimhin liom nár íocadh aon chothabháil cheart le Bean... di féin agus don 10 leanbh le 10 mbliana anuas agus de bhreis air sin is cosúil go bhfuil a chuid ceangail dóite ag ... an Uasal...leo’*

# Cúltortann straitéis ar fhear céile

**T**hóg An Breitheamh Pat McCartan ar an gCuardir Oirthearach stiúir cáis san áireamh nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoi roinnt de na sócmhainní in iarratas ar idirscaradh breithiúnach a bhí ag dul ar aghaidh le fada. Bhí frithéileamh ar neamhniú déanta ag an bhfear céile, ach bhí tréigean déanta aige ar an éileamh seo.

Dúirt abhcóide na mná céile gur seirbhíseach poiblí é an fear céile le tuarastal maith agus teidlíocht phinsin atá suntasach. Bhí úinéireacht aige ar dhá shealúchas lasmuigh d'áras an teaghlaigh, agus teach sa Spáinn, agus bhí os cionn €800,000 i gcuntas bainc a bhí caltha ag ordú cúirte. Bhí comhlacht forbartha tógála feidhmithe ag na páirtithe le linn an phósta fada a bhí acu.

Dúirt sí go raibh dliteanais chomh maith, a chuimsíonn costais an cháis cúirte, a d'eascair ó dhlíthíocht idir é féin agus a chuid leanaí aosacha. Dhiúltaigh a cliant aon scair sa dliteanas seo. Bhí a bhean ag lorg roinnt 50/50 ar na sócmhainní i bhfoirm áras teaghlaigh agus an teach is gaire den dá theach, ina raibh a hiníon ina cónaí. Ní raibh an teach seo faoi eire ag morgáiste, agus bhí sé ar an gceann is luachmhaire den dá shealúchas infheistíochta. D'fhéadfaí a iarmhéid a chnádadh ó na sócmhainní caltha.

Dúirt abhcóide an fhir chéile go raibh dliteanais shuntasacha ag a cliant. Chomh maith leis na costais dlí, bhí €500,000 aimsithe aige chomh maith óna scair sa chomhlacht forbartha tógála a dhíol, agus níor íoc sé cáin ar bith ar an idirbheartaíocht seo. Bhí gá aici le comhairle chuntasóra a lorg ar mhéid an dliteanais cánach agus méid iomlán na ndliteanas. Bhí colscaradh á lorg aige anois chomh maith.

Cheadaigh an Breitheamh McCartan dhá lá do na páirtithe leis na figiúirí a scrúdú.

Nuair a atosáíodh an cás, dúirt an bhean chéile gur phósadar i 1979 agus go raibh cúigear leanaí acu, duine amháin atá fós cleithiúnach agus ag déanamh na hArdeistiméireachta. Shonraigh sí an

rannpháirtíocht a bhí aici sa ghnó tógála ina ndearna sí ábhair a sheachadadh agus na hoibrithe a íoc, nuair a bhí a fear céile ag obair.

Dúirt abhcóide an fhir chéile gur theastaigh uaithi ceisteanna a ardú faoi iompar an iarratasóra maidir le síniú seiceanna agus ionsaithe líomhanta ar a cliant.

Dúirt an Breitheamh McCartan: “D’oscail tú an cás ar an mbunús nach raibh aon deacracht ag do chliant le roinnt 50/50. Níl an t-iompar ag teacht leis an méid sin.”

“Ní raibh mé críochnaithe an lá sin,” a dúirt sí. “Dúirt mé nach raibh aon ábhar agóide agam do 50/50 chomh fada agus go rabhamar soiléir maidir leis na dliteanais.”

“Cén chaoi a mbaineann an stair agus iompar leis an seasamh a chuir tú chun tosaigh?” a d'iarr an breitheamh.

“Tá treoracha agam ó mo chliant. Deir sé gur mhian leis maireachtáil faoi shíocháin. Tá ceisteanna eachtracha i gceist. Rinneadh ionsaí a chur ina leith. Rinne tríú páirtí ionsaí air agus creideann sé go raibh a bhean chéile freagrach as an ionsaí seo. Ní dhéanfaidh An Chúirt Dúiche déileáil leis an méid seo go dtí go ndéanann an chúirt déileáil leis an idirscaradh.”

Dúirt sí go raibh frithéileamh ar neamhniú déanta ag an bhfear céile. Rinneadh tuairiscí síceolaíochta maidir leis an dá pháirtí a choimisiúnú. Dhiúltaigh sé íoc astu ansin agus rinne sé an t-iarratas a thréigean.

“Dúirt an fear céile gur chlis ar an bpósadh i mí Dheireadh Fómhair 2003, ach go raibh deacrachtaí ó ocht mí isteach sa phósadh. Deir sé go raibh tú [leis an mbean chéile, a bhí fós i gclár na mionn] faoi chúram síceolaí agus gur bhain do bheirt dheartháireacha mí-úsáid asat agus gur tháinig athrú ollmhór ort ar oíche an phósta, agus gur úsáid tú siarchoinneáil an ghnéis mar arm. Bhí sé gafa agat i bpósadh toisc go raibh tú torrach.”

“Bhí sé ag an-éilitheach go minic,” a dúirt an bhean chéile. “Bhí gnéas uaidh de ló is d'oíche, cibé acu mise torrach nó gan a bheith, agus oíche amháin dúirt mé leis faoi mo bheirt dheartháireacha agus ina dhiaidh sin rinne sé

*‘Bhuail sé [na leanaí] ar feadh a saoil. Nuair a bhí sé breoite, d’impigh mé orthu dul chun é a fheiceáil, agus dúradar ar fad, glaoigh orm nuair atá sé marbh’*

*‘Bhí imeachtaí an lae inniu atá mar chúis aiféala go hiomlán gan ghá’*

bagairt i gcónaí go ndéarfadh sé le gach duine faoi mo dheartháireacha. Níor stop sé riamh den chaint faoi mo chlann. Ní raibh mise ag iarraidh go scaoilfí gach rún os comhair an tsaoil ...”

Bhris an bhean chéile síos, agus cuireadh stop leis an tsraith ceisteanna seo.

Nuair a iarradh uirthi ar dhiúltaigh sí oibriú lasmuigh den teach, dúirt sí go raibh cúigear leanaí aici, agus ceathrar a bhí faoi bhun cúig bliana d’aois ag tráth amháin. “Bhí 25 acra againn. Bhínn ag baint an fhéir, chuile rud.”

Nuair a iarradh uirthi ar shínigh sí seiceanna ar chuntas an fhir chéile, dúirt sí: “Bhí an-dúil aige dul go Lourdes agus nuair a théadh sé go Lourdes gach bliain, d’fhág sé seiceanna sínithe dom chun an pá a íoc agus mar sin de. D’úsáid mé na seiceanna bliain amháin chun athchóiriú a dhéanamh ar an teach.”

Nuair a iarradh uirthi faoina chaidreamh leis na leanaí, dúirt sí: “Bhuail sé iad ar feadh a saoil ar fad. Nuair a bhí sé breoite, d’impigh mé orthu dul chun é a fheiceáil, agus dúradar ‘Glaoigh orainn nuair atá sé marbh.’ Ní fios cé mhéid uair a dúirt mé [ag ainmniú an mhic is sine] gur thit sé ó chrann. Chuir sé iachall air urlár an fhoirgnimh sin a scuabadh go dtí gur shreabh an fhuil óna chuid lámha.”

D’ardaigh abhcóide an fhir chéile an cheist gur thiontaigh sí na leanaí i gcoinne an athar agus shéan sé gur bhuail sé iad.

“Más amhlaidh a tharla, cén fáth nach ndeachaigh tú chuig an mbord sláinte agus na heachtraí a thuairisciú?”

“Ba chóir go mbeadh sin déanta agam,” a d’fhreagair an bhean chéile. “Tharla sé.”

Rinneadh cuntasóir an fhir chéile a ghlaogh ansin agus dúirt sé go raibh a chuid dliteanas suntasach. Chomh maith le costais dlí os cionn €200,000, bhí thart ar €700,000 le híoc aige leis na Coimisinéirí Ioncaim, toisc go mbreathnófaí ar an €500,000 a íocadh dá scair sa chomhlacht tógála mar ioncam don bhliain sin, agus bheadh cáin ar an idirbheartaíocht dá réir, le hús agus piónóis. Theip air chomh maith cáin gnóthachtan caipitiúil a íoc ar shealúchas eile.

Dúirt cuntasóir a ghlaogh abhcóide na mná céile go mbeadh cáin gnóthachan caipitiúil, agus ní cáin ioncaim, dlite don airgead a tuilleadh ó dhíol na scaire sin sa chomhlacht. Bheadh an tsuim seo i bhfad níos lú ná mar a cuireadh in iúl.

Thug an fear céile fianaise ansin agus dúirt

sé nár theastaigh uaidh riamh a bheith sa riocht seo. Rinne sé iarracht cuidiú lena bhean leis an bhfadhb a bhí aici. Nuair a iarradh air ar bhuail sé a chuid leanaí, dúirt sé: “B’fhéidir gur thug mé corrbhuille neamhdhíobhálach dóibh nuair a rinneadar rud a bhí as bealach.”

Dúirt sé chomh maith gurb í an bhean chéile a mhol an t-iompar a chúisigh cás sibhialta lena leanaí aosacha.

“Táimid ag tabhairt faoi seo toisc gur thug tú treoracha sonracha do do chomhairle,” a dúirt an breitheamh. “D’fhéadfaí é ar fad a sheachaint.”

“Tá sí ag iarraidh mé a chrá,” a dúirt an fear céile. “Tréimhse dheacair a bhí i gceist. Is trua gur thit cúrsaí amach mar atá anois.”

Nuair a bhí breithiúnas á thabhairt aige, dúirt an Breitheamh McCartan gur iarratas ar cholscaradh a bhí i gceist leis an gcás anois. Ní raibh aon aighneas ann faoi na páirtithe a bheith scartha óna chéile. Bhí acmhainní leordhóthanacha ann chun ceadú don dá pháirtí maireachtáil go compordach. Bhí leanbh cleithiúnach amháin, agus an phríomhcheist a bhí ann ná roinnt na sócmhainní.

Ag tús an cháis, ní raibh tagairt ar bith déanta do go mbeadh an stair thruamhéileach mar thoisic sa chás seo.

“Tharla rud éigin idir sin agus anois. Bhí imeachtaí an lae inniu atá mar chúis aiféala go hiomlán gan ghá. Seo próiseas atá tagtha aniar ar an Uasal... [an fear céile].”

Dúirt sé gur aontaigh na páirtithe gur cheart roinnt 50/50 a bheith i gceist. An cheist a bhí ann ná cibé ar chóir na costais dlí ag eascairt ón gcás sibhialta leis na leanaí aosacha, agus an dliteanas cánach, a fhorchur ar an mbean chéile.

“Is trua gur scaoileadh le rúin phríobháideacha anseo. Sin an chúis go gcloisimid na rudaí seo ar bhealaí príobháideacha, agus is féidir leis an mbean chéile an chúirt a fhágáil leis an eolas seo.”

Ag tagairt do chostais dlí an cháis sibhialta, níor chreid sé ag tráth ar bith gur cúisíodh an díobháil trí spreagadh na mná céile. Níor tugadh faoin mbean chéile riamh leis an éileamh seo. Thosaigh na himeachtaí reatha in 2004.

“Má bhí rúinne fírinne sa líomhain sin, bheadh sí tar éis teacht chun solais san Ard-Chúirt in 2004. Táim cinnte go mbeadh sé tar éis brath ar an dearbhú sin má bhí fírinne ar bith ann. Níl amhras ar bith orm, os rud é nár

tháinig na cúrsaí seo chun solais go dtí inniu, gur chóir go mbeadh na costais air siúd agus air siúd amháin.

Ag tagairt do cheist na cánach, duirt sé nár tháinig an cuntasóir isteach sa chás go dtí déanach ar aghaidh agus go raibh a chuid iompair le moladh. Bhí athbhríocht, áfach, ag baint le sonraí an chomhaontaithe maidir leis na scaireanna a aistriú agus níor cloíodh go hiomlán leis na téarmaí. Ní raibh an dliteanas cánach soiléir agus ní raibh sé cosúil ar bhealach ar bith leis an méid a bhí an fear céile ag iarraidh go gcreidfeadh sé.

“Is feidir an argóint a dhéanamh gur aimsigh an dá pháirtí na sócmhainní seo uile agus gur chóir na costais agus brabúis a tabhaíodh eatarthu a roinnt eatarthu.

“Cibé ar bith, le hiompar [an fhir chéile] le linn na n-imeachtaí seo agus an bealach a threoraigh sé do na haturnaetha an cás a stiúradh, agus a iompar féin i dtreo na leanaí agus le linn an phósta, táim chun cinneadh a thabhairt i gcoinne an fhir.”

D’aontaigh sé le hiarratas na mná céile go n-aistreofaí áras an teaghlaigh chuici agus go ndéanfaí an morgáiste a urscaoileadh ó na cistí atá ar taisce. Bhí an polasaí dearlaice de

€35,000 le roinnt eatarthu. Bhí an sealúchas is luachmhaire agus is cóngaraí den dá infheistíocht le haistriú chuici. Bhí an tríú sealúchas Éireannach agus an sealúchas Spáinneach le dul ag an bhfear céile, chomh maith le hiarmhéid an airgid.

Sholáthródh an socrú seo teach don bhean agus sealúchas óna bhféadfadh sí ioncam a fháil. Bheadh dóthain airgid ag an bhfear céile óna bhféadfaí teach a sholáthar agus na dliteanas a bhaint amach. Bheadh pinsean an-chompordach aige agus é ag dul ar scor. D’ordaigh sé go n-íocfaí €300 in aghaidh na seachtaine leis an mbean chéile agus leanbh cleithiúnach go dtí scor an fhir chéile agus roinnt an phinsin 50/50 idir é féin agus a bhean.

D’iarr abhcóide an fhir chéile an bhféadfaí athrú a dhéanamh ar leas an chéile sa phinsean, ag sonrú go raibh imní air faoina shábháilteacht.

“Tá faitíos air go bhfaighfear réidh leis? Ní féidir,” a dúirt an Breitheamh McCartan.

Dheonaigh sé orduithe urchoisc frithpháirteacha i gcoinne an dá pháirtí le cinntiú go seachnóidís a chéile, agus d’ordaigh sé do gach páirtí a gcuid costais féin a íoc.

*‘Ag tógáil iompar  
na n-imeachtaí  
seo san áireamh...  
Táim chun  
cinneadh a  
dhéanamh i  
gcoinne an fhir’*

## Éileamh adhaltranais tréigthe tar éis lá amháin fianaise

D’éist an Breitheamh Harvey Kenny le lá amháin fianaise i gCúirt Chuarda Chorcaí nuair a luaigh an fear céile adhaltranais liomhanta na mná céile mar fhorais d’idirscaradh breithiúnach. Rinneadh an cheist a shocrú an lá dar gcionn.

Dúirt an fear gur phós an lánúin i 1992 agus go raibh triúr leanaí acu, a bhí anois ocht, cúig agus trí.

“Bhí caidreamh iontach againn ar feadh na mblianta fada,” a dúirt sé. “Tar éis don chéad leanbh teacht ar an saol, bhí rudaí difriúil. Bhí gá leis an leanbh a bheathú gach dhá uair agus ceadaíodh chun an ospidéal an leanbh. Bhí sí [a bhean chéile] traochta tar éis an toirchis agus bhí sé nádúrtha go bhfanfaí san ospidéal leis an leanbh.”

Rugadh an dara leanbh dhá bhliain ina dhiadh sin.

“Ní rabhamar ag déanamh níos fearr nó níos measa ná aon lánúin eile ag an uair sin. Rugadh an tríú leanbh i 2004. Is tréimhse dheacair a bhí i gceist. Bhí beirt leanaí óga againn cheana féin. Bhíomar ag tógáil tí. Bhí an dúlagar iarbheirthe tugtha faoi deara agam cheana. Ag breathnú siar, feicim go raibh dúlagar iarbheirthe uirthi agus gur éirigh rudaí níos fearr nuair nach raibh na leanaí chomh cleithiúnach.”

Dúirt sé gur chodlaíodar i seomraí difriula le linn an tríú toircheas. “Bhí an caidreamh eadrainn ag fulaingt. Dúirt an bheirt againn rudaí nach rabhamar ag iarraidh le linn na mblianta, ach ní fhaca mé rud ar bith neamhghnách leis.”

*‘Níl aon amhras orm, ach mura raibh tríú páirtí, go mbeadh ár bpósadh fós ann agus níos treise ná riamh’*

D’aithin sé go raibh gá ag a bhean le háis lasmuigh den teach, agus thug sé spreagadh di dul sa tóir ar chaitheamh aimsire lasmuigh, a tháinig i bhfoirm fostaíochta ar bhonn páirtaimseartha. Ní raibh aon fheabhas mór le sonrú sa chaidreamh pósta. Bhí sé fíorghnóthach ag obair agus sna tráthnónta bhíodh sí amuigh ag dul sa tóir ar a caitheamh aimsire agus bhí sé sa bhaile leis na leanaí.

In 2005, thapaigh sé deis dul thar lear dá chomhlacht ar feadh roinnt seachtainí. Nuair a d’fhill sé, thit sé ina chodladh thuas staighre leis na leanaí. Dhúisigh sé ag 11 in chun guthanna a chloisteáil thíos staighre agus dlúthmhalartú idir a bhean agus fear lenar oibrigh sí. Nuair a thug sé aghaidh uirthi, d’admhaigh sí go raibh “caidreamh” aici leis an gcomhghleacaí.

Dúirt sé go ndeachaigh a bhean go comhairleoir treorach pósta léi féin. D’fhreastalaíodar ar dhá sheisiún le chéile i dtús báire, ach ní fhaca sé go raibh pointe ar bith leis. D’fhostaigh sé imscrúdaitheoir príobháideach a chomhairligh go mbeadh faireachas iomlán an-chostasach. Cheannaigh sé gléas taifeadta digiteach agus rinne sé taifead ar ghlaonna teileafóin a chruthaigh, ina thuairim, an caidreamh adhaltranais.

Dúirt a bhean leis ansin go raibh an pósadh críochnaithe go cinnte agus bhog sé amach go teach a thuismitheoirí i dtús báire. Bhí sé anois ag roinnt tí le ceathrar fear eile. Dúirt sé gur oibrigh a bhean chéile sna tráthnónta ag an deireadh seachtaine, chomh maith le lár na seachtaine.

“Airím gur féidir liom cúram a sholáthar do na leanaí ag an deireadh seachtaine. Bíonn siad ar scoil i rith an lae. Déanann sé ciall di a scéth a ligean ag an deireadh seachtaine agus domsa a bheith ann [leis na leanaí]. Tá na leanaí an-mhór liom.”

Nuair a iarradh air an raibh dearcaí difriúla ag a bhean agus aige féin i leith na leanaí, dúirt sé: “Táim ag iarraidh go mbeidh siad mar chomhluadar ag a chéile. Thógfainn chun na leapa iad san oíche agus bhínn ag imirt cluichí leo sular imíodar a chodladh. Bheadh sí níos déine faoin am codlata agus codladh ina gcuid seomraí féin.”

Dúirt sé gurbh fhiú €800,000 áras an teaghlaigh, le morgáiste de €75,000. Bhí an bheirt acu ag obair. Dá ndíolfadís áras an teaghlaigh, bheadh dóthain airgid don bheirt acu le teach a cheannach. Dá roinnfí an

coimeád leanaí 50/50, ní bheadh gá ar bith le cothabháil agus d’fhéadfaidís costais na leanaí a roinnt.

Ag freagairt d’abhcóide na mná céile, d’aontaigh sé go raibh deacrachtaí ann go luath sa phósadh. Nuair a iarradh air an raibh sé ráite aige léi nach raibh sé ag fanacht ach ar son na leanaí, dúirt sé: “Bíonn argóintí ag gach lanúin.” D’aontaigh sé go raibh deacrachtaí an phósta chomh hollc i 2004 gur mhol sé go mbogfadh sé amach. Déanadh cur síos ar argóintí sonracha maidir le turais chun na pictiúrlainne agus deireadh seachtainí ar saoire.

“Tá tú ag bunú an [iarratais] seo ar adhaltranais,” a dúirt an abhcóide.

“Níl sé. Tá sé bunaithe ar chliseadh an phósta,” a dúirt an breitheamh.

“Ina áit sin,” a d’fhreagair an abhcóide, ag tagairt do na forais dhifriúla ar idirscaradh breithiúnais.

“Teastaíonn uainn a fháil amach conas is fearr déileáil le todhchaí na leanaí,” a dúirt an Breitheamh Kenny. “Táimid imithe mórthimpeall an tí le cúrsaí adhaltranais agus cén scannán le tagairt dó.”

‘Níl aon amhras orm, ach mura raibh tríú páirtí go mbeadh ár bpósadh fós ann agus níos treise ná riamh’, a dúirt an fear céile.

D’aontaigh sé nach bhfaca sé a bhean chéile i dteagmháil ghnéasach leis an bpáirtí eile, ach dúirt sé go raibh fianaise thaifeadta aige.

“B’fhéidir go labhródh na páirtithe le chéile thar oíche,” a dúirt an Breitheamh Kenny. “Tá an t-ádh leo áras teaghlaigh ar fiú €800,000 é a bheith acu. Dá ndíolfáí é, d’fhéadfaidís dhá áras teaghlaigh mhodhúla eile a cheannach. D’fhéadfadh Bean... a bheith ar an gcúramóir príomhúil. D’fhéadfadh ceann de na tithe a bheith gar do scoil na leanaí. D’fhéadfaí aontú ar chúrsaí rochtana. An cheist amháin a bheadh ann ná cothabháil. Tá na ceisteanna seo ar m’intinn. An bógaí sa rud ar fad seo ná líomhain an adhaltranais. Murar tharla seo, b’fhéidir go mbeidís tar éis teacht ar chomhaontú, agus cuirim béim ar b’fhéidir.

“Ní maith liom bheith ag éisteacht na gcásanna seo, ní miste liom a rá. Tá an pointe déanta ag an gcoscheistiú nach raibh aon chruthúnas de chaidreamh collaí ann. An cruthúnas é an taifeadadh? Ní hamhlaidh a bheadh fíor i dtrial choiriúil. Ach anseo?”

Dúirt abhcóide an fhir chéile gur chuir taifeadadh ar chomhrá in iúl, go raibh caidreamh collaí ann i mí Iúil. Dúirt abhcóide

na mná céile gur tharla seo tar éis an phróisis eadrána ina raibh iarracht á dhéanamh réiteach a fháil ar ghnóthaí airgeadais, nuair a bhí an pósadh cheana féin cliste.

Dúirt an bhean chéile go raibh an pósadh i dtrioblóid ó 2001 i leith. Dúirt sí go raibh a fear céile as baile go minic. Bhídís ag argóint faoina gcuid leanaí. “Bhíodh sé ag teacht isteach ón obair le milseáin nuair a bhí mise ag iarraidh iad a bheathú le feoil agus glasraí. Bhíodh dinnéir úra á ndéanamh aige le prátaí amháin.

“Ar mhórán ócáidí, bhínn thíos staighre os comhair na teilifíse, torrach agus ag caoineadh, agus bhíodh sé thuas staighre leis an leanbh is sine.”

Dúirt sí nach raibh caidreamh collaí eatarthu ach dhá uair le linn tréimhse 14 mhí. Chodlaíodh sé leis na leanaí. “Ní fhéadfainn labhairt leis. Ní bhíodh sé ag labhairt liomsa. Théad sé seo ar aghaidh ar feadh seachtaine. Bhíodh argóint eile ansin.”

Dúirt sí gur chomhairligh sí lena dochtúir i 2004 a dúirt go raibh beagán dúlagair uirthi agus mhol sé di freastal ar chomhairleoir. Nuair a dúirt sí lena fear céile, dhiúltaigh sé dul mar lánúin.

In 2005, dúirt sí le cara fireann léi cad a bhí ag tarlú. “D’éist sé. Bhí meas aige ar an méid a bhí le rá agam. D’éirigh mé an-mhór leis.

Phógamar agus thugamar barróg dá chéile. Tá sé fíor gur thug sé [an fear eile] barróg mhór dom nuair a bhí m’fhear céile sa teach. Ní raibh aon chaidreamh collaí.”

Chuir sí stop leis an gcaidreamh seo ar feadh scaithimh ag súil go bhfeabhsódh an pósadh, ach ní hamhlaidh a tharla.

Chuardar tríd an bpróiseas eadrána ansin agus thosaigh sí á fheiceáil in athuair ina dhiadh sin, ach fós ní raibh caidreamh gnéasach ar bith. Thosaíodar caidreamh gnéasach nuair a bhog an fear céile amach as an teach in 2006. “Go dtí an tráth sin, d’airigh mé ar eagla go mbeimis athaontaithe ag tráth ar bith, bheinn ábalta a rá nach raibh caidreamh collaí agam le fear eile.”

Dúirt an Breitheamh Kenny go scrúdódh sé an cás arís amárach, ach thug sé spreagadh do na páirtithe na ceisteanna a fhiosrú thar oíche.

Lá arna mhárach, dúirt abhcóidí na beirte go raibh an cás socraithe ar bhunús an idirscartha bhreithiúnaigh toisc gur chlis ar an bpósadh, bhí an teach le díol leis na fáltais á roinnt 55/45 i bhfábhar na mná céile, bheadh comhchoimeád leanaí le sceideal rochtana, agus bheadh €250 ina aghaidh na seachtaine á íoc ag an bhfear céile i gcothabháil leanúnach dóibh. Dhéanfaí na sócmhainní a bhí fágtha a roinnt.

# Ag glanadh an riaráiste ar Chuaird Lár na Tíre

Tá moill i gcásanna a chloisteáil mar thréith rialta sna gearáin faoin gcóras dlí teaghlaigh. Aontaíonn na hoifigigh cúirte, breithimh agus cleachtóirí ar fad gur annamh a bhíonn dóthain ama cúirte ann chun cinntiú go ndéileáiltear le gach cás go pras.

Cibé ar bith, b'fhéidir nach bhfuil an easpa ama cúirte ar an aon chúis amháin go dtógann sé tamall fada sula n-éistear le cásanna dlí teaghlaigh. Bhí seachtain speisialta dlí teaghlaigh sceidealta do Chuaird Lár na Tíre i mí Eanáir, ach fós níor éisteadh le líon cásanna a bhí liostáilte don tseachtain sin.

Bhí fiche naoi cás liostáilte le héisteacht thar tréimhse ceithre lá, agus tógadh iarratas amháin *ex parte* (gan páirtí amháin a bheith i láthair) chomh maith. Faoi dheireadh na seachtaine, bhí 15 curtha ar atráth agus rinneadh déileáil le 14, agus a socraítear don chuid is mó i rith na seachtaine.

Thug an Breitheamh Con Murphy foláireamh ón tús: “Is seachtain speisialta dlí teaghlaigh atá anseo. Seo uair na cinniúna do chách. D’fhéadfadh rud ar bith a chuirtear ar atráth ón liosta dlí teaghlaigh seo a bheith ag leanúint ar aghaidh go síoraí.”

D’iarr abhcóide amháin go gcuirfí a chás ar atráth toisc go raibh a chliant, a chónaigh i Sasana, tar éis méala tobainn a fhulaingt, agus go mb’éigean dó freastal ar an tsochraid.

“Tógann sochraid i Sasana lá amháin,” a dúirt an Breitheamh. “Cen lá?”

D’iarr sé ar an abhcóide filleadh níos déanaí sa tseachtain chun an cás a lua agus féachaint an féidir leanúint leis, ach nuair a bhí sé seo luaite, dúradh nach raibh sé réidh agus go raibh am ag teastáil chun na doiciméid a scrúdú a bhí díreach aimsithe.

Bhain cás eile le hachomharc ar ordú Cúirte Dúiche ag diúltú rochtana d’athair ar a chuid leanaí. Ní raibh an t-achomharc réidh toisc go raibh tuairiscí síciatracha ullmhaithe don chúirt agus nach raibh rochtain ag saineolaí ar thaobh an athar orthu fós. Bhí ordú cúirte riachtanach maidir le rochtain mar seo, a deonaíodh, agus cuireadh an cás ar atráth chun ceadú don saineolaí na tuairiscí a scrúdú.

I gcás idirscartha bhreithiúnaigh, dúirt abhcóide an fhir chéile go raibh a chliant fíormhíshásta go rabhtas ag leanúint leis an gcás, toisc go raibh súil aige go gcloisfí an cás níos déanaí. Bhí sé sean agus drochshláinte air, agus ní raibh sé sásta lena chuid ionadaíochta dlíthiúla, toisc gur athraíodh an t-abhcóide a bhí aige. Thug an fear fianaise go raibh sé ráite ag an DG atá aige go gcuirfeadh cás cúirte strus air. Dúirt a iníon chomh maith nach raibh a hathair sásta leis an gcás ag dul ar aghaidh.

Bhí idirscaradh breithiúnach lorgtha ag an mbean chéile sa chás in 2001, agus bhí mórán atrátha. Dúirt a habhcóide go raibh sí réidh leanúint leis an gcás.

“Níl fáth ar bith nach leanfaí leis an gcás Dé hAoine,” a dúirt an Breitheamh Murphy.

“Bhreathnaigh mé ar na pléadálacha agus is cúis iontais dom go bhfuil 12 finné ann. Ní fheicim cén gá atá leo.”

“An mbeidh abhcóide m’athar ann?” a d’iarr an iníon.

“Bíonn fadhb i gcónaí le habhcóide, d’fhéadfadh sé a bheith gnóthach áit éigin eile. Tá an tseachtain seo leagtha amach chun déileáil le cásanna conspóideacha. Leanfar ar aghaidh leis an gcás maidin Aoine,” a d’fhreagair an breitheamh.

Nuair a rinneadh an cás a ghlaoch ar an Aoine, dúradh leis an gcúirt go raibh socrú déanta.

Rinneadh dhá chás eile a chur ar atráth go dtí mí Márta toisc nach raibh follasú iomlán i gceist. “Ní fiú mórán follasú, mura bhfuil rud éigin i bhfolach ag páirtí amháin nó an páirtí eile,” a dúirt an Breitheamh Murphy. “Tá gá ann idirdhealú a dhéanamh idir cásanna ina bhfuil seo ag tarlú agus cásanna nach bhfuil.”

“Aontaím,” a dúirt an t-abhcóide. “An deacracht atá ann uaireanta ná, nuair a thugtar treoracha daingne, caithfear cúram leantach a dhéanamh ina leith.”

I gcás eile, rinneadh atráth a lorg, agus deonaíodh é, toisc go raibh an freagróir díreach tagtha amach ó ionad athshlánaithe.

Socraíodh cás idirscartha bhreithiúnaigh amháin nuair a bhí cásanna eile á bplé,

*‘Is seachtain speisialta dlí teaghlaigh atá anseo. Seo uair na cinniúna do chách.*

*D’fhéadfadh rud ar bith a chuirtear ar atráth ón liosta dlí teaghlaigh seo a bheith ag leanúint ar aghaidh go síoraí.”*



laghdaíodh na téarmaí i bhfoirm scríbhinn agus rinneadh riail chúirte astu. Bhain an cás le lánúin a raibh beirt leanaí acu a bhí fásta aníos agus thart ar €1.8 milliún de shealúchas eatarthu, a chuimsigh áras an teaghlaigh. Aontaíodh gur chóir go mbeadh áras an teaghlaigh agus sealúchas eile ag an mbean chéile, agus choinneadh an fear céile aon trian den sealúchas agus thart ar 26 acra talún. Bheadh cnapshuim de €50,000 á íoc aige chomh maith in ionad cothabhála.

Bhain cás inar mhair cainteanna ar feadh mórán uaireanta le lánúin a bhí ag maireachtáil i bhfochair a chéile agus a raibh leanbh acu. Seo an cás deireanach a bhí liostáilte don lá sin, agus mar sin níor éisteadh le cás ar bith eile. Cuireadh an éisteacht ar atráth ag 11.15 r.n. Déardaoin agus fógraíodh socrú ag 3 i.n. Bhí €50,000 le híoc ag an mháthair leis an athair dá shuim sa teach inar chónaíodar, agus bhí €500 le híoc aige gach Nollaig ar feadh 10 mbliana dá mhac, gan dochar do cheart na máthar cothabháil a lorg dá mac sa Chúirt Dúiche.

Bhain cás eile a thóg roinnt uaireanta, le tuismitheoirí cailín 17 bliana d'aois a bhí tar éis tús a chur le caidreamh le fear 37 bliain d'aois nuair a bhí sí 16. Lorg na tuismitheoirí cúnaimh na gcúirteanna le go bhfillfeadh sí abhaile, ag éileamh go raibh a leas agus a sábháilteacht i mbaol. Bhí na tuismitheoirí ag lorg ordú cúirte i gcoinne an fhir, ag cur iallach air an cailín a chur ar ais faoi choimeád na

dtuismitheoirí. Bhí an cailín mar pháirtí fógra sa chás seo, agus bhí a cuid ionadaíochta dlítiúla féin aici.

Tár éis comhráití fadálacha, aontaíodh gur chóir dí-áitiú a dhéanamh ar na horduithe roimhe seo i gcoinne an fhir agus go n-íocfadh na tuismitheoirí éarlais agus cíos ar árasán dá n-iníon sa bhaile áitiúil. D'aontaigh an fear nach bhfanfadh sé san árasán seo agus nach dtabharfadh sé cuairt ach uair amháin in aghaidh na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine. Bhí uaireanta le haontú ag an gcailín agus na tuismitheoirí ina mbuailfidís le chéile ansin. Bhí an cailín chun leanúint lena cuid oideachais agus bhí tuairiscí le haimsiú ag a tuismitheoirí faoina dul chun cinn agus tinreamh. Cuireadh an cás ar atráth le hathbhreithniú i mí Dheireadh Fómhair.

An chéad chás a éisteadh leis ná iarratas *ex parte* ar dhearbhu tuismíochta. Dúirt bean óg leis an gcúirt go bhfuair a hathair, feirmeoir baitsiléara, bás go tobann agus é díthiomnach. Bhí sí ar an neasghaol a bhí aige. Bhíodh sé ag caitheamh an lae ar fad nó cuid den lá lena máthair, comharsa leis, agus roinnt blianta ó shin bhí tástáil DNA déanta ag an iníon a chruthaigh go raibh sí mar iníon aige. Is cosúil go bhfuil gach seans go raibh mac aige chomh maith. Bhí caidreamh maith aici lena hathair.

Dúirt sí go raibh an dearbhú tuismíochta uathí chun a bheith mar bhansceadóir ar a eastáit, agus dheonaigh an Breitheamh Murphy.

## Go hAchomair

### ‘Seo chomh críochnúil agus a éiríonn rudaí’

Sampla coitianta de cholscaradh toilithe ná ceann a dheonaigh an Breitheamh Bryan McMahon i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath.

Tháinig an lánúin os comhair na cúirte mar dhlíthithe pearsanta agus dúirt an fear céile gur phósadar i 1965. Bhí ochtar leanaí acu, an duine is óige a bhí anois 32. Bhíodar ar fad ina mbeatha agus sláintiúil. Bhí an dá pháirtí anois ar scor.

Scaradar óna chéile thart ar 15 bliana ó shin. Bhí idirscaradh breithiúnach acu an tráth sin agus bhí comhairle dlí faighte ag an mbeirt acu. Rinneadh orduithe ag rialú a gcuid gnóthaí ag an tráth sin. Dúirt an bbean chéile gur chónaigh sí sa

teach a bhí gan mhorgáiste. Dúirt an Breitheamh McMahon ós rud é go raibh na coinníollacha sásaithe maidir leis an lánúin a bheith ag cónaí scartha óna chéile, nach raibh féidearthacht athmhuintearais agus na horduithe a rinneadh le linn idirscartha, bhí sé oiriúnach go ndéanfaí foraithe colscartha a dheonú. Níor ordaíodh athrú ar bith ar chúrsaí pinsin.

“Seo chomh críochnúil agus a éiríonn rudaí,” a dúirt an Breitheamh McMahon. “Bhí sibh pósta uair amháin. Sa dhlínse seo, ciallaíonn sé sin má tharlaíonn athrú mór i bhur gcúinsí, d’fhéadfadh ceisteanna faoi chothabháil fós teacht aníos tríd an bhfíric stairiúil. Má éiríonn duine agaibh breoite, nó má bhuann sibh an Lotto, ba chóir daoibh teagmháil a dhéanamh le haturnae.”

## Go hAchomair

### Scartha agus ó chéile – ach ní fada go leor

Rinneadh tástáil ar an gcoinníoll gur chóir do lánúin a bheith ag cónaí “scartha agus ó chéile” ar feadh ceithre bliana, i gcás cúirte os comhair an Bhreithimh Bryan McMahon i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath níos luaithe sa bhliain seo.

Lorg an lánúin go dtiontófaí imeachtaí idirscartha bhreithiúnaigh isteach in imeachtaí colscartha, le toiliú.

Rinneadh an fear a ghlaoch agus dúirt sé go raibh cúigear leanaí acu; bhí an duine is óige beagnach 20. Dúirt sé go rabhadar scartha ó 2001 sa mhéid nár roinneadar seomra leapa. Bhí a bhean chéile tar éis bogadh amach ón teach mí Aibreáin roimhe sin.

Nuair a iarradh air an raibh béilí acu le chéile, d’fhreagair sé: “Ó am go ham.” Nuair a iarradh air an ndeachadar amach go sóisialta, dúirt sé: “Leis an gclann, sea.” Nuair a iarradh air an rabhadar sibialta lena chéile, d’fhreagair sé: “Sea, réitimid go maith le chéile.”

“Ar mheas tú féin go raibh tú fós i gcaidreamh pósta?” a d’iarr a abhcóide, agus d’fhreagair sé: “Cineál.”

Ag an bpointe seo, rinne an breitheamh idirghabháil ag rá: “Téigh ar ais go dtí idirscaradh breithiúnach.”

Dúirt abhcóidí an dá pháirtí go raibh comhaontú ar fhad an idirscartha agus cuireadh an cás ar atráth ar feadh sosa bhig.

Nuair a atosáíodh, d’iarr abhcóide an fhir chéile ar an mbreitheamh éisteacht ar a laghad le fianaise na mná céile, rud a rinne sé.

Nuair a iarradh uirthi cén uair agus cén fáth ar chlis ar an bpósadh in 2001, dúirt sí: “Thit mé i ngrá le bean eile. Bhí caidreamh

gnéasach agam léi. Chlis ar an bpósadh ag an pointe sin. Bhog mé go Corcaigh léi. Ocht mí ina dhiadh sin, fuair sí bás a bhí mar chúis bróin. Bhog mé ar ais go Baile Átha Cliath, ach ní dhearna mé gnáthchaidreamh pósta a atosú.

“Is lespiach mé. Nílím ag dul ar ais go dtí fear. Bhí caidrimh lespiacha eile agam chomh maith. Tá m’fhear céile agus na leanaí eolach ar na cúrsaí seo. Táimid i seomraí leapa difriúla. Ní raibh sé inacmhainne agam bogadh amach.

“Ní hamhlaidh go rabhamar ag troid gach 15 nóiméad nuair a bhí na leanaí thart. Dá mbeinn ag cócaireacht do na leanaí agus dá mbeadh sé thart, d’fhéadfadh sé greim a ithe. Dá mbeadh a chuid níocháin sa chiseán le nithe gach duine eile, chuirinn sa mheaisín níocháin iad.”

D’iarr an Breitheamh McMahon conas mar a íocadh na billí agus dúirt sí go raibh cárta don leictreachas acu agus chuir an bheirt acu airgead air. D’íoc an fear céile an morgáiste agus roinneadar na billí grósaeireachta.

“Mairimid saolta iomlán difriúil,” a dúirt sí. “Bímse thuas staighre ar an ríomhaire le mo bhanchara.”

Ag tabhairt a chinnidh, dúirt an Breitheamh McMahon nach raibh dóthain fianaise go raibh an lánúin tar éis cónaí scartha agus óna chéile ar feadh ceithre bliana lena measfaí iarratas ar cholscaradh.

Dhátaigh sé tús an idirscartha go dtí mí Aibreáin 2006 agus chuir sé an cás ar atráth ag déanamh ordaithe ar idirscaradh breithiúnach go dtí mí Aibreáin, nuair a bheadh bliain imithe.

### Cáinteann bean chéile mar nár úsáid sí a cuid scileanna

D’ísligh fear céile an méid a bhí á íoc aige ar iarmhéid an mhorgáiste ar áras an teaghlaigh tar éis iarratais ar an mBreitheamh Raymond Groarke i gcúirt ar an gCuaird Iartharach.

Bhí an fear ag íoc €1,440 sa mhí dá bheirt leanaí chomh maith le morgáiste, ar a raibh €20,000 fós le híoc. “Níl aon iarracht á dhéanamh ag an mbean chéile freagróra chun

## Go hAchomair

fostaíocht a aimsiú a cheadódh laghdú sa chothabháil,” a dúirt an t-abhcóide. Níor theastaigh óna chliant ach leath an iarmhéid amháin a íoc.

Bhí an dá pháirtí cáilithe go gairmiúil. Bhí gnó ag an bhfear céile ina ghairm agus bhí gairm ag an mbean chéile roimhe seo sa tseirbhís phoiblí. Bhí iarrachtaí déanta aici le déanaí dhá ghnó seirbhíse a bhunú, ach bhí teipthe orthu, dar leis an t-abhcóide a bhí aici.

“Airimid nach bhfuil aon spreagadh ann di dul amach ag obair,” a dúirt abhcóide an fhir chéile. “Is é glanioncam mo chliant do 2006 ná €68,000. Tá sé ag íoc morgáiste áras an teaghlaigh de €490 in aghaidh na míosa, beagnach €20,000 i gcothabháil, móide costais oideachais, móide VHI, móide a mhorgáiste féin.”

Dúirt an Breitheamh Groarke go raibh sé ar intinn aige an cheist a athrú ionas go n-íocfadh an fear céile €14,000 den mhorgáiste atá le híoc, agus go n-íocfadh an bbean chéile

díreach faoi bhun €7,000. Dúirt an t-abhcóide a bhí aici go nglacfadh sí leis an rialú seo mura mbeadh athbheithnithe breise ar bith ann.

“Ní féidir liom sin a rá,” a dúirt an Breitheamh Groarke. “Ní cheadaíonn an dlí dom an méid sin a rá. Tá se indéanta i gcónaí ag ceachtar den dá pháirtí filleadh in athuair.”

Ag tabhairt a rialaithe, dúirt sé: “Tá an cas seo ar eolas go maith agam. Bhí Bean ... faoi dhualgas an méid is fearr a bhaint amach di féin sa todhchaí. Tá mórán scileanna aici. Tá dualgas ar an Uasal ... soláthar do na leanaí. Tá dualgas uirthi freisin.

“Ar chúiseanna maithe nó dona, ní raibh sí ábalta a cuid scileanna a úsáid go hiomlán. Tá an tUasal ... i dteideal a chuid díomá a chur in iúl, agus dá réir i dteideal go maolófaí an t-ualach atá air. Molaim na horduithe a athrú agus má íocann sé €14,000 den mhorgáiste, ní bheidh aon dualgais bhreise air maidir leis na cúrsaí sin.”

### ‘Teastaíonn colscaradh uait? Déanta’

Rinne an Breitheamh Pat McCartan cinneadh faoi chás d’uireasa an abhcóide a tháinig chun na cúirte tar éis a cliant.

Tháinig an cliant isteach sa chúirt sa Chuard Oirthearach ag rá go raibh a aturnae agus abhcóide áit éigin i bhfoirgneamh na cúirte. “Tóg an mionn ar aon nós,” a dúirt an breitheamh. “Teastaíonn colscaradh uait?”

“Sea,” a dúirt an bbean. Dúirt sí gur phós sí i 1998, go raibh leanbh amháin aici agus raibh sí scartha le breis agus ceithre bliana. Rinneadh teagmháil lena fear céile faoi na himeachtaí, ach ní raibh sé i láthair.

“Deonaim colscaradh de bhun Alt 5 (1) d’Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996. Aon rud eile?” a d’iarr an breitheamh

“Tá,” a d’fhreagair an bbean. “Tá ceist an phas. Ní féidir liom teagmháil a dhéanamh leis chun a shíniú a fháil do phas don leanbh.”

“Tá go maith. Ordú ag fáil réidh le toiliú an athar don phas. Slán,” a dúirt an Breitheamh McCartan.

Ag an bpointe seo, bhrostaigh abhcóide na mná isteach sa chúirt, ag rá go raibh sí ag seasamh don chliant seo.

“Tá sé déanta,” a dúirt an breitheamh.

“Gan láithreas ar bith?” a d’iarr an t-abhcóide.

“Bhí sí anseo. Dúirt sí go raibh a aturnae áit éigin.”

“Bhí ceisteanna faoi phas,” a dúirt an t-abhcóide.

“Tá sé déanta,” a dúirt an breitheamh.

“Má bhog sí an t-iarratas í féin tabharfaidh mé an mionteagasc ar ais,” a dúirt an t-abhcóide.

# Gach Rud Réitithe i gCorcaigh

Déanann **Carol Coulter** próifiliú ar an dara Cúirt Chuarda is gnóthaí atá ag déileáil le dlí teaghlaigh, a d'éist i 2005 le 10 faoin gcéad de gach iarratas dlí teaghlaigh na Cúirte Cuarda agus d'achomhairc na Cúirte Dúiche


**S**an eagrán roimhe seo de *Cúrsaí Dlí an Teaghlaigh*, thugamar “sracfhéachaint” ar chásanna ar cuireadh críoch leo i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus rinneamar scrúdú ar na horduithe a rinneadh. Ba cholscarthaí iad mórán a bhí bunaithe ar thoiliú idir an dá pháirtí, le 10 faoi gcéad amháin den uimhir iomlán ag dul go dtí éisteacht iomlán agus cinneadh cúirte.

An dara Cúirt Chuarda is gnóthaí ag déileáil le dlí teaghlaigh ná Corcaigh, a d'éist in 2005 (an bhliain dheireanach a bhfuil figiúirí ar fáil di) le 10 faoi gcéad de gach colscaradh, idirscaradh breithiúnach, iarratas ar neamhniú agus iarratas na Cúirte Dúiche. San eagrán seo, rinneamar an cleachtadh céanna a stiúradh do Chúirt Chuarda Chorcaí, ag scrúdú na dtaifead cúirte maidir le cásanna a chríochnaigh i mí Dheireadh Fómhair.

Tá taifid Chorcaí a scrúdaigh mé difriúil ó na cinn i mBaile Átha Cliath, mar sna cásanna i mBaile Átha Cliath chuir mé scrúdú ar thairfid an ríomhaire (nuair a rinneadh taifead ar chásanna le mionorduithe) le scrúdú ar “thoilithe” níos sonraithe atá sa chomhad leis na cásanna a socraíodh tar éis idirbheartaíochta. Bhí comhaid pháipéir sna cásanna ar fad i gCorcaigh. I bhformhór na gcásanna, ina raibh orduithe coimhdeachta (sa bhreis ar an mbuncheist), bhíodar seo cuimsithe sa chomhad. I bhformhór na gcásanna, cibé ar bith, ní raibh na pléadálacha (na hargóintí tosaigh atá curtha ar aghaidh ag an dá pháirtí) ar an gcomhad, agus dá réir ní raibh cúlra an cháis ná pointe tosaigh na bpáirtithe taifeadta.

Bhí coicíos tiomanta don dlí teaghlaigh i gCorcaigh an mhí sin, agus níor shuigh ach cúirt amháin, faoi cheannas an Bhreithimh James O'Donohue, i gcomparáid le dhá shuí cúirte lánaimseartha agus ceann amháin páirtaimseartha i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Bhí caoga cás diúscartha sa choicíos sin. Idirscarthaí breithiúnacha a tréigeadh a bhí i bpéire, agus bhí imeachtaí colscartha le tógáil ina n-áit, toisc go raibh an riachtanas scartha iomchuí ceithre bliana sásaithe. Den 48 a bhí fagtha, colscarthaí a bhí

**Figiúr 1** Fad na bpóstaí a chríochnaíonn le colscaradh/idirscaradh breithiúnach



**Iomlán: 48**

- Níos lú ná cúig bliana
- 6-10 mbliana
- 11-15 bliana
- 16-20 bliain
- 21-25 bliana
- 25-30 bliain
- 31-35 bliana

**Nóta:** Idirscaradh breithiúnach amháin áit ar mhair an pósadh níos lú ná cúig bliana

i 40 agus idirscarthaí breithiúnacha a bhí sna hocht gcinn eile. Ní dhearnadh cinneadh ar aon achomhairc Cúirte Dúiche, iarratais chaomhnóireachta, neamhnithe, dearbhuithe tuismíochta nó ceisteanna mar iad sa mhí sin.


Rinneadh na 48 ar fad a shocrú, ach ní chiallaíon seo go raibh an socrú i gcónaí cairdiúil. Cuireann cuid de na téarmaí mórán neamhréiteach in iúl roimh an socrú, leis an gcomhad ag taifeadadh roinnt láithreas agus, i gcásanna áirithe, rúin ar fhollasú.

D'fhreastail mé chomh maith ar Chúirt Chuarda Dlí Teaghlaigh Chorcaí déanach an bhliain seo caite. Chonaic mé patrúin cásanna á gcur ar atráth nuair a bhí idirbheartaíochtaí ar bun. D'oscail cásanna eile sa chúirt, éisteadh le fianaise áirithe agus cuireadh an cás ar atráth ansin, uaireanta roinnt babhtaí, nuair a bhí idirbheartaíochtaí ar bun, go minic ag críochnú i dtéarmaí socraithe. Chuaigh cásanna áirithe go héisteacht iomlán agus cinneadh cúirte. Is éasca a shamhlú gur lean socruithe a baineadh amach i mí Dheireadh Fómhair an patrún céanna, sa chás seo ag baint amach ráta socruithe 100 faoin gcéad.

Cuireadh tús le formhór na gcásanna (33) in 2006, le 13 iarratas déanta in 2005. Chuaigh dhá chás siar go dtí 2004.


Mar a bhí fíor i mBaile Átha Cliath (Eagrán 1), ní raibh aon aoisghrúpa forlámhach amháin i measc na ndaoine sin a chuir críoch lena bpósadh trí idirscaradh bhreithiúnaigh nó

colscaradh. Réimsigh fad an phósta ó níos lú ná cúig bliana (idirscaradh breithiúnach amháin) go dtí os cionn tríocha bliain, leis an ngrúpa is mó amháin (11) le sonrú i lánúin a bhí pósta 21-25 bliain.



## Idirscarthaí breithiúnacha

Nuair a chliseann ar phósadh, is minic do lánúin idirscaradh breithiúnach a lorg, toisc gur féidir seo a lorg tar éis bliana de bheith scartha, i gcomparáid le colscaradh, nuair atá scaradh de cheithre bliana ar a laghad as an gcúig bliana roimhe sin riachtanach. Ciallaíonn sé seo go mbíonn lánúin páirteach in dhá shraith imeachtaí – idirscaradh breithiúnach, nuair a dhéileáiltear le gnóthaí ag baint le háras an teaghlaigh, cothabháil, cúrsaí airgeadais eile agus coimeád agus na leanaí. Fágann seo an bealach do cholscaradh ina mbíonn téarmaí an idirscartha bhreithiúnaigh go minic ionchorpraithe isteach i dtéarmaí an cholscartha. Uaireanta, bíonn clásal cuimsithe san idirscaradh breithiúnach go soláthróidh an

**Figiúr 3 Leanaí: Caomhnóireacht**

**Líon iomlán na gcásanna a bhain le leanaí cleithiúnacha: 27**

- Comhchoimeád, gan aon príomhtheach cónaithe sonraithe
- Comhchoimeád, príomhchónaí leis an mháthair
- Caomhnóireacht ag an mháthair amháin
- Caomhnóireacht ag an athair amháin
- Leanbh amháin le gach aon tuismitheoir

socrú an bunús do cholscaradh níos déanaí agus gur socrú “iomlán agus críochnúil” atá i gceist maidir le cúrsaí airgeadais idir an dá pháirtí.

Baineann sé as ocht d’idirscarthaí breithiúnacha le leanaí cleithiúnacha. I gcúig cinn, aontaíodh comhchoimeád, agus cónaí príomhúil leis an mháthair. Sa séú cás, bhí an leanbh 18 agus in oideachas lánaimseartha, ag cónaí leis an mháthair, agus ní raibh coimeád nó rochtain luaite. Ní raibh aon leanaí in dhá chás. I ngach cás, nuair a bhí rochtain luaite sonraíodh go raibh aontú le déanamh, le huaireanta sonracha luaite. Níor cuireadh in iúl i gcás ar bith go raibh toradh difriúil lorgtha ag an dá pháirtí i dtús báire.

Réimsigh an chothabháil ó €1,000 in aghaidh na míosa do bheirt leanaí go dtí €65 in aghaidh na seachtaine do mhac léinn, a bhí le laghdú dá mbeadh obair aige le linn an tsamhraidh. I dtrí chás eile, nuair a bhí beirt leanaí i ngach cás, sheas an chothabháil ag €125, €190 agus €200 in aghaidh na seachtaine faoi seach. Ní raibh cothabháil céilí á híoc i gcás ar bith.

Aistríodh áras an teaghlaigh chuig an mbean chéile ar íocaíocht suime i dtrí chás, agus chuig an bhfear céile, ar íocaíocht suime chomh

maith, in dhá chás. Níor aontaíodh aistriú ar bith i gcás amháin, ach bhí na leanaí le cónaí in áras an teaghlaigh leis an mháthair. San dá chás a bhí fágtha, ní dhearnadh tagairt ar bith d’áras an teaghlaigh.

Aontaíodh dhá ordú coigeartaithe pinsin, agus aistriú amháin ar theidlíocht pinsin.

Tréith ar leith d’fhoraitheanta idirscartha bhreithiúnaigh déanta trí thoiliú, ná gur chuimsigh sé as ocht gcás, clásal socraithe “iomlán agus críochnúil”, ag sonrú go raibh na socruithe airgeadais a aontaíodh críochnúil.

## Colscaradh

Bhí sé suimiúil gur socraíodh formhór na gcásanna colscartha gan mórán orduithe breise, a thugann socruithe cairdiúla le fios. I leath de na 40 colscaradh a deonaíodh le toiliú, bhí idirscaradh breithiúnach in áit cheana féin, agus iompraíodh téarmaí an idirscartha isteach sa socrú colscartha agus déanadh riail chúirte astu. Cuimsíodh ocht déag toiliú idirscartha breithiúnacha mar seo sna comhaid cholscartha, agus in dhá chás rinneadh tagairt dóibh, ach níor cuimsíodh iad sa chomhad.

I seacht gcinn de na cásanna colscartha a bhí fágtha, is iad na horduithe amháin a rinneadh sa bhreis ar an bhforaithe colscartha, ná ordú ag múchadh cearta comharbais na bpáirtithe go frithpháirteach (ordú 18(10) mar atá aithne air). I gcuid acu seo, bhí téarmaí scartha in áit, ach níor tagraíodh dóibh ná ní dhearnadh rialacha cúirte astu. Tá seans, lena chois sin, gur lean na colscarthaí seo blianta fada idirscartha, nuair a bhí saolta neamhspleácha bunaithe ag na páirtithe, agus go rabhadar ag iarraidh críoch foirmeálta a chur lena bpósadh.

Sa 13 cás a bhí fágtha, áit nach raibh toiliú idirscartha bhreithiúnaigh in áit, cuimsíodh idir dhiúscairt áras an teaghlaigh, cheisteanna sealúchais eile, agus leanaí. In dhá chás, díoladh an teach agus roinneadh na fáltais 50/50 idir na céilí, i gceann amháin aistríodh é in dhá ainm, agus bhí trí chás den fhear céile agus an bhean chéile ag ceannach scaire an chéile eile. I gceithre chás, bhí orduithe airgeadais eile, a chuimsigh ceann amháin inar roinneadh méid suntasach sealúchais.

## Leanaí

Tá mórán díospóireachta againn go poiblí faoina dtarlaíonn do leanaí i gcomhthéacs an

chliste sa phósadh. Is cosúil go ndéileáiltear leis na gnóthaí is conspóidí má agus nuair a dhéanann an lánúin idirscaradh breithiúnach a lorg, ar féidir a dhéanamh bliain tar éis don phósadh cliseadh. Nuair a lorgtar colscaradh, caithfidh an lánúin a bheith scartha ar feadh ceithre bliana ar a laghad, agus d'fhéadfadh gnóthaí maidir le leanaí a bheith réitithe don chuid is mó.

Sna 19 cás colscartha nuair a déileáiltear le ceist na leanaí, aontaíodh comhchoimeád in 11cás. In ocht gcinn díobh seo, bhí cónaí príomhúil an linbh leis an mháthair, agus rinneadh péire a atreorú chun na Cúirte Dúiche, agus fágadh an cinneadh faoi mhianta an linbh i gcás amháin. I gceithre chás de na hocht gcinn a bhí fágtha, roinneadh cónaí an linbh agus/nó rochtain go cothrom idir na tuismitheoirí, nó chónaigh leanaí áirithe le gach tuismitheoir. In dhá chás, chuaigh coimeád chuig an mháthair amháin, agus in dá chás eile chuig an athair amháin.


Níor tugadh le fios an cúlra a bhain le coimeád aonair, seachas comhchoimeád, agus níor cuireadh in iúl coimeád sna comhaid ach, bunaithe ar chásanna a bhfuil freastal déanta agam orthu, cuireann sé in iúl easpa rannphairtíochta go minic ar pháirt an tuismitheora eile i saol an linbh roimh an gcolscaradh.

### Ceisteanna airgeadais

Íocadh cothabháil go ginearálta le leanaí, ach is annamh a íocadh í le céile cleithiúnach. I 17 cás, aontaíodh íocaíocht na cothabhála, a chuimsigh trí chás inar aontaíodh cothabháil céilí áirithe. Ar ndóigh, d'athraigh na méideanna ag brath ar acmhainní an teaghlaigh, ach thit se go ginearálta sa raon €400-€500 in aghaidh an linbh sa mhí. I gcásanna áirithe bhí sí chomh beag le €20, cibé ar bith. Ní raibh aon chás de mháthair ag íoc cothabhála leis an athair. D'fhéadfadh leibhéil bheaga cothabhála a chur in iúl go bhfuil socruithe áirithe a shonraíonn go bhfuil sciar suntasach ama á chaitheamh ag an athair leis na leanaí.

Rinneadh naoi n-ordú airgeadais eile, a bhain go minic le cnapshuim. Cé go ndearnadh 16 ordú coigeartaithe pinsin, ní raibh ach naoi gcinn ainmniúil. Bhí áras an teaghlaigh diúscartha i 25 cás, é á dhiol agus na fáltais roinnte i gceithre cinn. I 15 cás, cheannaigh an

**Figiúr 4** Áras an teaghlaigh




**Curtha ar aghaidh: 29**

- Aistriú go dtí an bhean chéile (tar éis suim airgid a íoc)
- Aistriú go dtí an fear céile (tar éis suim airgid a íoc)
- Díolta agus roinnte
- Bhí teach ag gach aon duine acu

bhean chéile leas an fhir chéile sa teach, agus i sé chás, cheannaigh an fear céile leas na mná céile. Sa chuid eile de na cásanna, chónaigh an lánúin i gcóiríocht ar cíos, bhí a gcuid tithe féin acu cheana, nó ní raibh tagairt ar bith d'áras an teaghlaigh.

'Séard a thagann chun cinn ó na 48 cás, atá diúscartha i gCorcaigh i mí amháin d'éisteachtaí dlí teaghlaigh, ná go bhfuil paraiméidir leathana ann ónar socraíodh ceisteanna a tháinig aníos ó chliseadh an phósta ar deireadh.

**Figiúr 5** Pinsin agus sócmhainní eile



**Curtha ar aghaidh: 25**

- Cuid den phinsean aistriú
- Ordú coigeartaithe pinsin ainmniúil
- Sócmhainní airgeadais eile leithdháilte

# D'fhéadfadh bean chéile filleadh chun na cúirte don dara greim

Cén uair nach bhfuil socrú ‘iomlán agus críochnúil’ ina shocrú iomlán ná críochnúil? Déanann Carol Coulter achoimriú ar bhreithiúnas Ard-Chúirte le déanaí ón **mBreitheamh Uasal Abbott**

I gcás colscartha le toiliú, iarradh ar an Ard-Chúirt cé chomh ceangailteach agus a bhí clásal “iomlán agus críochnúil” agus cibé an bhféadfadh ceann de na páirtithe sa chás seo, an bhean chéile sa chás seo, filleadh ar na cúirteanna in athuair chun an “dara greim” a fháil toisc athrú i gcúinsí airgeadais nó nach bhféadfadh.. Thug an Breitheamh Uasal Henry Abbott a rialú níos luaithe an bhlian seo.

## Na fíricí

Phós an lánúin i 1979 agus bhí cúigear leanaí acu, agus aosaigh iad ar fad anois. Bhíodar colscartha i 2000 le téarmaí an chomhaontaithe idirscartha maille leis an ordú colscartha. Léigh cuid de mar seo: “Tá na téarmaí seo mar shocrú iomlán agus críochnúil ar gach aighneas agus éilimh ag agus idir na páirtithe leis seo agus tá siad aontaithe le machnamh d’iarratas ar fhoraithe colscartha.”

Coicíos níos déanaí, mhéadaigh sócmhainní an fhir chéile go mór nuair a dhíol sé comhlacht ar a raibh sé mar stiúrthóir air agus ina scairshealbhóir suntasach de. Ag an am, chuir an socrú in iúl an réasúnaíocht airgeadais – is é sin go raibh deacrachtaí ag an gcomhlacht. D’éiligh an bhean chéile nach raibh forálacha airgeadais an tsocruithe leordhóthanach leis na hacmhainní a bhí anois ar fáil, agus nach raibh an chothabháil i gcomhréir níos faide le hacmhainní an fhir chéile.

Rinne sí iarratas chun na hArd-Chúirte ar athrú san ordú cothabhála go híocaíocht bhliantúil de €48,500, a chuimsigh €12,500 do na leanaí a bhí anois cleithiúnach, agus nach mbeadh iníoctha nuair a bheidís ina n-aosaigh.

Rinne sí méadú san íocaíocht cothabhála a lorg, agus/nó cnapshuim, agus/nó méadú bliantúil i méid na cothabhála.

## An rialú

Rinne an chúirt a bhreith i dtosach an raibh an t-údarás acu ordú cnapshuime nua a dheonú agus/nó ordú nua cothabhála éagsúil. Bhain léirmhíniú ar fhorálacha an Achta Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) ag rialú an fhaoisimh coimhdí (gnóthaí breise le foraithe an cholscartha) leis na cúrsaí seo.

Mheas an chúirt go sonrach na himpleachtaí sa chás seo den bhreithiúnas i  $T \nu T$ , nuair a shonraigh an Chúirt Uachtarach, cé nach bhfuil aon fhoráil do cholscaradh “glanbhriste” inár reachtaíocht, níor cuireadh cosc ar ghlanbhriseadh, go háirithe nuair a bhí aontú ag na páirtithe, le buntáiste na comhairle dlí, maidir le socrú críochnúil a bhí inchurtha le glanbhriseadh. Rinneadh an argóint sa chás seo go gcaithfeadh an chúirt suntas a thabhairt do chlásal “socraithe iomlán agus críochnúil”, toisc gur aontaigh na páirtithe go mbeadh seo mar chuid den socrú.

Ar an taobh eile de, rinneadh an argóint go raibh sé ar intinn ag toghthóirí na hÉireann, nuair a vótáileadar do nós imeachta colscartha nach soláthródh glanbhriseadh, filleadh chun breis faoisimh a aimsiú dá dtiocfadh na cúinsí aníos a bhí barántaithe. Cé go gcuireann an cás dlí inmhianaitheacht maidir le “glanbhriseadh” in iúl i gcúinsí áirithe, agus nuair a cheadaíonn acmhainní na beirte amhlaidh, ní raibh na téarmaí seo éigeantach.



Shoiléirigh an Breitheamh Abbott foinse bhunreachtúil Acht 1996, a shonraíonn “má tá agus má tá amháin” soláthar ceart déanta do bhaill chleithiúnacha an teaghlaigh gur féidir colscaradh a dheonú. Tá “orduithe coimhdeacha” mar atá aithne orthu fiorthábhachtach dá réir, agus tá “soláthar ceart” mar choinníoll le go ndéanfar colscaradh a dheonú. B’fhéidir nach dtarlóidh seachadadh an “tsoláthair chirt” go dtí tráth éigin sa todhchaí, agus bhí iliomad bealaí trína bhféadfaí soláthar ceart a dhéanamh.

D’aithin sé dhá “shraith leathan faoisimh” san Acht, lenar luaigh sé “straitéiseach” agus “tíunadh fineálta”. Dúirt sé i dtéarmaí leagain amach inmheánaigh an Achta gur chosúil go raibh ailt 12-18 (lasmuigh de 17) soláthraithe do “roghanna leathana straitéiseacha” maidir le faoiseamh nuair a bhí “soláthar ceart” á mheas. D’fhéadfaí mórán de na roghanna seo a athrú ar an iarratas faoi alt 22 an Achta, a sholáthraíonn d’athruithe sna horduithe.

Soláthraíonn an tAlt seo, dar leis an mBreitheamh Uasal Abbott, do “thíunadh fineálta seachas roghanna straitéiseacha.”

“I gcomhthéacs an cháis seo,” a dúirt sé ina bhreithiúnas, “tá sé le sonrú go gceadaíonn 22 (1) athrú ar ordú íocaíochtaí tréimhsiúla (nó ordú cothabhála mar atá aithne orthu) ach ní cheadaíonn sé d’athrú ar ordú cnapshuime murach go bhfuil an t-ordú ag soláthar d’orduithe íocaíochtaí cnapshuime trí ranníocaíochtaí, nó go bhfuil riachtanas maidir le híocaíocht ranníocaíochtaí mar seo a shlánú.”

Ag breathnú ar fheidhmiú ginearálta na reachtaíochta, chuir sé béim nár cheart léirmhíniú a dhéanamh ó pheirspictíocht na gcásanna le “hacmhainní leordhóthanacha” amháin.

“Tá sé éasca cásanna a shamhlú ina mbeadh socrú colscartha aontaithe ag beirt shaothróirí agus go bhfaighfidís amach go raibh a gcuid acmhainní lagdaithe agus éagothroime mhór i gceist, agus dea-ádh nó amhantar do dhuine eile. Chomh fada agus atá mo chuimhne, níl sé ag teacht ar chor ar bith le nádúr faoisimh na reachtaíochta agus an riachtanas bunreachtúil atá mar bhunús ag an ábhar céanna go ndéanfaí soláthar ceart do pháirtithe i gcás mar seo, ní fhéadfadh an chúirt faoiseamh a sholáthar do ghéarchéim trí iarratas ar chnapshuim a dheonú, fiú amháin nuair nár chuimsigh an foraithe

colscartha bunaidh nó socrú ordú d’fhaoiseamh mar seo.”

Sa chás a bhí roimhe, cé go raibh na hacmhainní substaintiúil, ní rabhadar “leordhóthanach” agus chuaigh an chnapshuim a bhain, go príomha chun cóiríocht a sholáthar don bhean agus leanaí cleithiúnacha. Bhí sí ag brath go mór, dá réir, ar na híocaíochtaí cothabhála chun maireachtála.

“Tá mé den tuairim dá réir nach mbaineann réasúnaíocht na n-acmhainní leordhóthanacha sa Chúirt Uachtarach i *T v T* leis an gcás seo agus le gach rud eile mar an gcéanna, níl údarás na cúirte seo chun ordú cnapshuime a dheonú cailte amháin toisc soláthar an ordaithe cnapshuime,” a dúirt sé.

Cibé ar bith, ní bhfuair sé seo réidh leis an gceist cibé an mbeadh forlámhas ag an gclásal “socraithe iomlán agus críochnúil” ar údarás na cúirte sa chás seo. Cuimsíonn clásail mar seo iarracht ag páirtithe cinnteacht a bheith acu agus glanbhriseadh iomlán nó páirteach, agus ní raibh cúis ar bith nach mbainfeadh sé seo le cásanna ina bhfuil acmhainní teoranta chomh maith le cásanna na n-acmhainní leordhóthanacha. Ba chóir clásal “socraithe iomlán agus críochnúil” a mheas i dtéarmaí an tsoláthair chirt faoin mBunreacht agus faoin Acht.

Dúirt sé gur shíl sé nach bhféadfadh an chúirt ordú eile a dhéanamh ar fhoráil – íocaíocht cnapshuime sa chás seo – a forghníomhaíodh agus a tugadh faoi, agus ba chóir do “iomlán agus críochnúil” an chúirt a eisiáimh ón ordú seo a athrú.

Níor chóir dó baint, cibé ar bith, le híocaíocht thréimhsiúil nó foráil eile go bhféadfaí a athrú agus a fheidhmiú sa todhchaí, murach go raibh forálacha ar leith ag soláthar go sonrath do sholáthar comhroghnach seachas an ceart ar athrú a lorg.

Dá réir seo, fuair sé go raibh údarás ag an gcúirt an t-ordú íocaíochtaí tréimhsiúla (cothabháil) a athrú i bhfabhar na mná céile, cé go raibh clásal “socraithe iomlán agus críochnúil” sa chomhaontú.

# Lánúin gan a bheith ábalta gnáthchaidreamh pósta a bheith acu

Deonaítear foraithe neamhnithe i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath ag an **mBreitheamh Doirbhile Flanagan** i gcás ina dteipeann ar an lánúin tuiscint a fháil ar cad atá i gceist le pósadh

Dheonaigh an Breitheamh Doirbhile Flanagan foraithe neamhnithe i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath i mbreithiúnas forchoimeáda. Rinne an bhean chéile airbheartaithe an t-iarratas mar gheall ar easpa aibíochta na bpáirtithe ag am an phósta, agus neamhábalacht an iarratasóra agus an fhreagróra iontráil i ngnáthchaidreamh pósta agus é a chothú

## Na fíricí

Phós an lánúin i 1993 agus ní raibh leanaí ar bith acu. Chónaíodar in árasán agus bhí morgáiste acu.

Bhí an t-iarratasóir ar an duine is óige de chúigear leanaí. Rinne sí a hoideachas iarbhunscoile a chomhlánú, ach chaith sí a cuid ama sa rang feabhais. Ar fhágáil na scoile di, d'fhreastail sí ar ionad Athshlánaithe inar bhuail sí leis an bhfreagróir. Bhí sí fostaithe go leanúnach ó d'fhág sí an scoil.

Bhí an freagróir ar an seachtú duine as 12 leanaí. Bhí deacrachtaí foghlama aige, agus fadhb urlabhra aige chomh maith agus bhí sé ag freastal ar ionad Athshlánaithe, áit ar bhuail sé leis an iarratasóir. Bhíodar 17 agus 18 faoi seach nuair a bhuaileadar le chéile. Tharla suirí na beirte i dteach an iarratasóra go príomha. D'oibrigh sé tar éis dó ionad Athshlánaithe a fhágáil, ach bhí sé dífhostaithe i láthair na huaire.

Bhí an freagróir ag iarraidh an t-iarratasóir a phósadh, ach bhí a máthair ina choinne. Ar deireadh, tharraing sí siar agus thug sí cead dóibh. Bhí an lánúin ag siúl amach le chéile le seacht mbliana agus geallta le dhá bhliain sula phósadar.

I dtús báire, chónaíodar i gcóiríocht ar cíos ach cheannaíodar arásán trí scéim chíoscheannaigh an údaráis áitiúil, agus le

cúnamh ó mháthair an iarratasóra, a sholáthraigh cnapshuim. Ní raibh an freagróir rannpháirteach i gcinntí airgeadais agus dúradh leis i gcónaí cad iad na cinntí a bhí déanta agus ghlac sé leo. Cuireadh na coigiltis a bhí ag an lánúin óna gcuid ama sa chóiríocht ar cíos isteach san árasán chomh maith.

Chuidigh máthair an iarratasóra le hathchóirithe ar áras an teaghlaigh. Choinnigh sí súil ghéar ar na gnóthaí airgeadais. Ghlac an t-iarratasóir leis seo. Thug an freagróir airgead don iarratasóir agus d'íoc sí na billí.

Rinneadh scúdaitheoir leighis, an Dr Draper, a cheapadh. Chreid sé nach raibh tuiscint ag an bhfreagróir ar cad a bhí i gceist le pósadh. Níor raibh tuiscint ag an iarratasóir ag an am, ach bhí sí níos aibí anois.

Chuir sé agallamh ar an iarratasóir agus ar an mháthair faoi dhó agus ar an bhfreagróir uair amháin. Fuair sé go raibh deacrachtaí foghlama ag an iarratasóir agus go raibh sí faoi dhúshlán intleachtúil. Bhí an fhorbairt mhothúchánach a bhí aici níos moille ná mar a thabharfadh an aois atá aici le fios. Bhí caidreamh cleithiúnach idir an t-iarratasóir agus a máthair.

Bhí mórán deacrachtaí ag an bhfreagróir iontráil i gcaidreamh pósta agus é a chothú. Ní raibh na scileanna aige chun caidreamh mar seo a fhorbairt.

Ní dhearna na srúdaitheoir leighis iniúchadh ar ghnóthaí airgeadais leis na páirtithe agus níor phléigh sé ceist na leanaí leo.

## An rialú

Dúirt an breitheamh go mba dlí socraithe a bhí i gceist, agus cé go raibh fianaise shaineolach a tugadh sna himeachtaí ó scrúdaitheoir leighis a bhí ceaptha ag an gcúirt le tógáil san áireamh, bhí cinneadh le déanamh ag an gcúirt, bunaithe ar an bhfianaise, cibé ar chóir an foraithe a

dheonú nó nach cóir. Chreid an Breitheamh Flanagan go raibh deacrachtaí le hiontaoibh an Dr Draper maidir leis an méid a bhí ráite ag an iarratasóir agus ag an mháthair. Bhí an t-iarratasóir curtha faoi agallamh aige faoi dhó, ach níor cuireadh agallamh ar an bhfreagróir ach uair amháin. In ainneoin sin, bhí conclúidí an dochtúra le tógáil san áireamh.

Bhí sí sásaithe chomh maith sna háiteanna a bunaíodh go raibh easpa ábaltachta ag an dá pháirtí iontráil i ngnáthchaidreamh pósta agus é a chothú, gurbh fhéidir le páirtí amháin brath ar a (h)easpa ábaltachta féin agus gan gá a léiriú gur shéan an céile eile an conradh pósta. Bhí an Breitheamh Flanagan sásaithe go raibh an dá pháirtí neamhábaltá iontráil isteach i

ngnáthchaidreamh pósta agus é a chothú. Ní raibh tuiscint iomlán ag an bhfreagróir ag an cad a bhí i gceist le pósadh, agus seans nach bhfuil fós.

Ní raibh an ábaltacht ag an iarratasóir déileáil le hanabaiocht an fhreagróra.

Dá bhfágfaí acu féin cúrsaí, tá gach seans go mbeadh deireadh tagtha leis an gcaidreamh idir an dá pháirtí níos luaithe.

Dheonaigh an breitheamh foraithe neamhnithe. An cheist amháin a bhí fágtha ná a gcuid leasa faoi seach in áras an teaghlaigh agus shocraigh sí dáta níos déanaí chun éisteacht le fianaise ar an gceann seo.

## Ní bunús pósta mí-úsáid drugaí agus fonn cabhrach

Fuarthas go raibh toiliú iomlán, saor agus cruinn le pósadh as láthair i mbreithiúnas a thug an **Breitheamh Terry O’Sullivan**

Bhain cás neamhnithe, a bhí sceidealta d’éisteacht trí lá ar an gCuaird Oirthearach os comhair an Bhreithimh Terry O’Sullivan, le lánúin a raibh acmhainní suntasacha acu. Nuair a d’oscail an chúirt ag 10.30 r.n., cibé ar bith, dúradh go raibh comhráití ar bun agus lean cainteanna go dtí 3.30i.n. san iarnóin.

Nuair a shuigh an chúirt, dúirt abhcóide na mná céile: “Tá gnóthaí aontaithe idir an dá pháirtí atá foghabhálach leis na gnóthaí atá os comhair na cúirte. ‘Is é an cuspóir atá leis ná a bheith cothrom leis an dá pháirtí. Bhí ionadaíocht [ag an mbean chéile] tríd an gcás ar fad agus tá téarmaí dréachtaithe aici maidir le gnóthaí airgeadais. Tá treoir tugtha dom nach mbeidh sí páirteach sna himeachtaí.”

Dúirt abhcóide an fhir chéile ansin go raibh sí ag déanamh iarratais ar fhoraithe neamhnithe, ina ndeachaigh na páirtithe trí “shearmanas airbheartaithe pósta” in 2001. Dhéanfadh sí an argóint nach raibh an ábaltacht ag an iarratasóir iontráil i ngnáthchaidreamh pósta agus é a chothú, agus gurbh amhlaidh a bhain leis an bhfreagróir chomh maith. Bhí ceist ann cibé acu ar thug an t-iarratasóir toiliú iomlán, saor agus cruinn, nó nár thug. Tháinig an cheist seo aníos

don fhreagróir chomh maith.

Bhí ceist ann chomh maith cibé acu ar thuigeadar cad a bhí i gceist le pósadh nó nár thuig. Bhí stair de mhí-úsáid alcóil agus drugaí ag an bhfreagróir.

### Na fíricí

Dúirt an fear céile iarrthach gur rugadh agus tógadh é i sráidbhaile beag faoin tuath i dteach fosctha agus sona. Nuair a bhí sé naoi nó 10, rinneadh iarracht é a fhuadach. D’fhág seo go raibh sé fíor-eaglach don chuid eile dá óige agus isteach sna déaga. Bhí a chuid tuismitheoirí níos cosantaí dá thoradh seo.

Tharla a chuid oideachais tríú leibhéal i gcoláiste trí leibhéal áitiúil, seachas i mBaile Átha Cliath, ar thug sé cuairt air ach nár fhan sé ann riamh, ag fanacht sa bhaile i gcónaí. I 1999, bhuaill sé leis an bhfreagróir, a bhí ina cónaí in árasán i mBaile Átha Cliath. Thosaigh sé caidreamh léi agus d’fhan sé san árasán thart ar oíche amháin in aghaidh na seachtaine.

Fuair sé amach go raibh go leor fadhbanna ina saol. Bhí a cuid tuismitheoirí scartha agus bhí sí ina cónaí léi féin ó aois 16. D’úsáid sí alcól agus

drugaí ó aois óg agus bhí buachaill aici a bhí ina andúileach drugaí. Rinne gaolta fireannaigh mí-úsáid ghnéasach a bhaint aisti agus d'oibrigh sí mar bhean chomórtha (escort).

D'éirigh sé an-mhór léi agus shíl sé go bhféadfadh sé cuidiú léi. D'éirigh sí cleithiúnach air. Lean sí ag baint mí-úsáide as alcól agus drugaí, agus léirigh sí luascthaí ghiúmair, iompraíocht mhearbhloch agus ionsaitheacht. Ceadaiódh go hospidéal síciatrach í do mhí-úsáid substaintí ar feadh cúig nó sé seachtaine, ach rinne sí na nósanna céanna a athosú nuair a scaoileadh amach í. Bhí uaireanta ann nuair a chuaigh sí ar iarraidh agus nach bhféadfaí teagmháil a dhéanamh léi, agus chuireadh sí glaoch air ansin ag caoineadh agus bheadh air tiomáint thart, á coinneáil ar an bhfón agus iarracht á dhéanamh aige í a aimsiú.

Oíche amháin nuair a bhí sí “ar mhuinte na muice” d'iarr sí air í a phósadh, agus d'airigh sé gur cheart dó “dul leis an tairiscint seo”. Bhí súil aige cuidiú léi agus í a stiúradh go saol a bhí níos cobhsaí. Nuair a bhí sí in ísle brí, labhair sí faoin bhféinmharú, agus dúirt sí go síoraí nach raibh tada aici gan é. Dúirt sé gur airigh sé faoi bhagairt go ndéanfadh sí díobháil di féin nó lámh a chur ina bás féin, murar aontaigh sé lena tairiscint í a phósadh.

D'ól sí ar lá na bainise agus bhí tuairim aige gur thóg sí cóicín chomh maith, mar d'aithin sé a cuid iompraíochta. D'ól sí go trom ar mhí na meala agus d'aimsigh sí cóicín ó fhear a bhí ag obair sa bheár. Thart ar seacht mí tar éis an phósta, tháinig sé abhaile agus bhí an teach i ndorchadas agus an bhean sa leaba ar meisce. Chuaigh sé amach. Lean sí go beár é níos déanaí agus bhuaíl sí ar an gceoligeann é le gloine. Ceadaiódh ansin í chuig Ionad Rutland. Seo an chéad uair gur shoiléirigh saineolaithe dó faoin riocht ina raibh sí agus gur beag seans a bhí ann go mbeadh caidreamh eatarthu sa todhchaí.

Tar éis di Ionad Rutland a fhágáil, chaith sí mórán ama le cairde a bhí déanta aici nuair a bhí sí ann agus dúirt sí leis nár thuig sé. D'fhág sé in 2005.

Dúirt an Dr Gerard Byrne, srúdaítheoir leighis na cúirte, go raibh scrúdú déanta aige ar an dá pháirtí. Rinne sé athrá ar chuntas an fhir den chaidreamh eatarthu agus dúirt: “Is fear é a raibh fíorbheagán eolais aige ar réim na breoiteachta [a bhean]. Thóg sé ról air féin mar thacaíocht mhothúchánach di. D'imir sí an ról sin. Ní raibh aon oibiachtúlacht faoi chaighdeán an chaidrimh.”

Dhearbhaigh sé cuntas an fhir chéile dá andúil agus cóireáil. Nuair a iarradh air an mbeadh tionchar ag an riocht ina raibh sí ar a hábaltacht le toiliú, dúirt an Dr Byrne: “An spreagadh a bhí aige ná cúram a sholáthar agus aire a thabhairt di.” Nuair a iarradh air an raibh éigeantas i gceist, dúirt sé: “Bhí tionchar mór ag na bagairtí uathí lámh a chur ina bás féin.”

“An mbeadh tionchar aige seo ar a ábaltacht diúltú do mheabhraíocht an phósta?” a d'iarr sé.

D'fhreagair sé: “Bheadh. Ba phósadh é nár cheart a bheith tarlaithe, ag an tráth sin ar a laghad. Má bhíodar le pósadh, ba chóir go mbeadh sé tarlaithe tar éis tréimhse shuntasach tar éis di stopadh ag úsáid drugaí agus ina raibh tuiscint aici ar nádúr an chaidrimh.” Dúirt sé gur fhulaing sí ó “mhí-úsáid ilsubstaintí” a bhí i bhfad níos géire ná an mí-úsáid substaintí atá coitianta.

Bhí sé sásaithe go raibh dóthain fáthanna chun an pósadh a neamhniú, ag sonrú gur chaidreamh fíorshuaithe a bhí i gceist.

Níor tugadh aon fhianaise ar son na mná.

## An rialú

Rinne an Breitheamh O'Sullivan cinneadh sa chás *O'S agus O'S*, nuair a déanadh cur síos ar an riocht “cuibhriú mothúchánach”.

Dúirt sé dá mbeadh ceachtar den dá fhoras ar neamhniú i láthair – easpa toilithe iomlán, saor agus cruinn nó neamhábaltacht ag ceachtar páirtí nó an bheirt iontráil isteach i ngnáthchaidreamh pósta agus é a chothú – go bhféadfaí ansin an pósadh a neamhniú.

Rinne sé achoimre, ag rá: “Caithfear teacht chuig an gconclúid nach raibh toiliú iomlán, saor agus cruinn.” Tacaíodh leis sa tuairim sin le *O'S agus O'S*. Ní raibh sé riachtanach a mheas cibé an bhféadfadh na páirtithe pósadh a chothú toisc go raibh an foras toilithe dóthanach.

Bhí mórán cloiste aige chomh maith faoi shonraí leighis na mná céile a chuir in iúl nach bhféadfadh sí toiliú iomlán, saor agus cruinn a thabhairt don phósadh. Bhí sé ag deonú neamhniú dá réir, ar na forais go raibh easpa toilithe ar pháirt ceachtar den dá pháirtí. Ní dhearna sé aon ordú maidir le costais.

# Pinsin?

## Níl gá le scaoll


Nuair a théann rudaí mícheart le horduithe coigeartaithe pinsin, is féidir leis na torthaí a bheith turraingeach don tairbhí. Míníonn Ombudsman na bPinsean **Paul Kenny** conas na gaistí a sheachaint

Tá difríocht iad orduithe coigeartaithe pinsin (OCP) agus orduithe athraithe sealúchais a úsáidtear chun sealúchas an teaghlaigh a dháileadh in imeachtaí colscartha agus idirscartha. I gcásanna idirscartha, déantar na horduithe faoi alt 12 d’Acht an Dlí Teaghlaigh, 1995, foráil atá cóipeáilte in alt 17 d’Acht Dlí an Teaghlaigh (Colscaradh) 1996.

Tá coinníollacha speisialta ag teastáil chun déileáil le pinsin mar shealúchas teaghlaigh. Tá úinéireacht go dlíthiúil ag iontaobhairthe na scéime ar phinsin, agus ní ag ball teaghlaigh. Tá reachtaíocht ag teastáil chun ceadú – nó iallach a chur ar – iontaobhairthe sochair scéime pinsean a íoc le daoine nach bhfuil ina dteideal faoi rialacha na scéime; agus go minic, chun cumhachtaí lánroghnacha dáilte na n-iontaobhairthe a sháru faoi ionstram iontabhais. Déanann na hAchtanna maolú d’iontaobhairthe ar dhliteanas neamhchomhlíonta le rialacha na scéime nó le hAcht na bPinsean, 1990, a raibh forfheidhmiú OCP mar thoradh air.

Airíonn cleachtóirí dlí teaghlaigh agus breithimh áirithe go bhfuil siad cráite ag orduithe coigeartaithe pinsean. Tá tuairimí seo roinnte ag bainisteoirí pinsean, iontaobhairthe agus riarthóirí scéime. Cé go bhfuil ailt ábhartha na nAchtanna iad féin dréachtaithe ar bhealach atá réasúnta intuigthe, nuair a thagtar chuig an bpointe ina chaithfear OCP a dhréachtú agus a fhorfheidhmiú, is cósuil go mbaineann Murphy’s Law le fórsa breise ná mar atá le sonrú i gceachtar de na hAchtanna thuasluaite.

Airíonn go bhfuil sé seo mistéireach agus corraitheach: mistéireach, toisc nár cheart dó a bheith chomh deacair sin; corraitheach, toisc go mbíonn na torthaí be bharr earráide turraingí don tairbhí beartaithe. Creidim go dtarlaíonn deacrachtaí áirithe díreach toisc go bhfuil an focal “pinsean” i gceist, focal a mhúsclaíonn scaoll, is cosúil, i ndaoine a bhfuil slánchéill acu.



Ionas go dtuigimid cad a imíonn ar seachrán, b’fhéidir go mbeadh sé úsáideach a mheas cad atá le tarlú de ghnáth.

### Cad ar chóir tarlú

Is é cuspóir na bhfaoiseamh éagsúil atá ar fáil sna cúirteanna faoi Achtanna an Dlí Teaghlaigh ná cumasú don chúirt, chomh fada agus is indéanta, soláthar do thacaíocht airgeadais an dá pháirtí d’iarratas ar idirscaradh nó colscaradh. Cuimsíonn cearta pinsean cuid de shealúchas an teaghlaigh, atá indáilte ar an mbealach céanna le sócmhainní eile. I dtéarmaí luacha airgid, is féidir leo a bheith tábhachtach – uaireanta níos luachmhair ná áras an teaghlaigh. Uaireanta, b’fhéidir go mbeidís ar an tsócmhainn shuntasach amháin atá le dáileadh.

Go ginearálta, cibé ar bith, níl OCP chomh coitianta le tábhacht na sócmhainní a bhaineann agus a bheadh tugtha le tuiscint. B’fhéidir go bhfuil seo le brath toisc go bhfuil eaglar ar dhaoine roimh phinsin go ginearálta, nó toisc go

*Go minic, is féidir sócmhainní pinsean, nuair a chinntítear a luach, a thrádaíl i gcoinne sócmhainní eile*

*Caithfear iarratas  
ar OCP faoi  
shochair  
theagmhasacha a  
dhéanamh laistigh  
de bhliain ón  
bhforaithne  
colscartha nó  
idirscartha agus,  
nuair a dhéantar  
é, níl aon dul siar*

mb'fhéidir nach dtuigeann cleachtóirí go hiomlán conas mar a oibríonn scéimeanna pinsean. Cibé ar bith, airim go minic, le sócmhainní pinsean, nuair a chinntítear a luach, gur féidir iad a thrádáil i gcoinne sócmhainní eile – “Coinnigh tusa an teach agus coinneoidh mise an pinsean” – d'fhéadfaí a rá.

Is féidir le OCP tionchar a bheith acu ar dhá chineál teidlíochta – sochair scoir agus “sochair theagmhasacha”. Cuimsíonn sochair scoir, don chuspóir seo, aon rud atá iníochta nuair a théitear ar scor nó tar éis scoir – pinsin, cnapshuimeanna agus sochair na gcleithiúnaithe ar bhás tar éis scoir. ‘Siad na “sochair theagmhasacha” na cinn atá iníochta ar bhás roimh scor, cibé cnapshuimeanna nó pinsin na gcleithiúnaithe atá i gceist. Is féidir OCP a bhfuil éifeacht acu ar phinsin a dhéanamh ag tráth ar bith agus, mura bhfuil sé srianta ag ordú cúirte eile, é a athrú ag tráth ar bith le linn shaolré bhaill na scéime. Caithfear iarratas ar OCP faoi shochair theagmhasacha a dhéanamh laistigh de bhliain ón bhforaithne colscartha nó idirscartha agus, nuair a dhéantar é, níl aon dul siar

Tá an fhoclaíocht san OCP tábhachtach. Caithfidh na cinn a bhfuil tionchar acu ar shochair scoir “sochair theagmhasacha” a ordú,

atá scríofa le tagairt do thréimhse shonrach agus céatadán sonrach. D'fhéadfadh gur tréimhse ar bith nach déanaí ná an dáta foraithne a bheadh i gceist leis an tréimhse shonrach – d'fhéadfadh gur tréimhse iomlán ballraíochta na scéime a bheadh i gceist, nó fad an phósta, nó cibé achar. Is féidir leis an gcéatadán sonrach a bheith chomh mór le 100 faoin gcéad.

Mar sin, ordú tipiciúil a bheadh i gceist ná go bhféadfaí treorú d'iontaobhaithe na scéime 50 faoin gcéad de shochair, abair, a íoc leis an iarratasóir a fabhraíodh le linn na 10 mbliana ag críochnú le dáta an cholscartha. Cuirtear ordú le tionchar ar shochair theagmhasacha in iúl mar chéatadán den sochar atá iníochta ar bhás.

Is féidir le tairbhí OCP a chlúdaíonn sochair scoir, iarratas a dhéanamh a luach a aistriú go socrú pinsean eile dá gcuid féin. I scéim ranníocaíochta atá sainithe, is féidir le hiontaobhaithe na sochair a aistriú gan toiliú an tairbhí. Leanann sochair nach n-aistrítear ar aghaidh le bheith rannpháirteach mar ghnóthachtain infheistíochta. I scéimeanna sochair atá sainithe, leanann siad ar aghaidh go rannpháirteach le méaduithe de thoradh athruithe sa tuarastal inphinsin; ach ní ó sheirbhís nó feabhsuithe sa todhchaí i dtéarmaí na scéime.

## An chéad ghaiste

Mar sin, céard a tharlaíonn de ghnáth, agus cén áit a dtéann rudaí mícheart?

Tagann an chéad ghaiste nuair a iarrtar eolas ar iontaobhaithe na scéime faoina gcuid teidlíochtaí pinsean. Caithfear seo a sholáthar de réir na dTreoirí faoi Acht na bPinsean 1990, go mb'fhéidir nach bhfuil taithí ag cleachtóirí áirithe air. Uaireanta, bíonn an fhaisnéis a sholáthraítear míchruinn agus neamhiomlán. Is féidir le hiontaobhaithe míthuiscint cad atá á iarraidh. (Tugann na Rialacháin Nochtaithe Faisnéise ceart do bhaill agus daoine eile ar fhaisnéis shonrach áirithe. Mura bhfuil sé soiléir go mbaianeann an t-iarratas le caingean dlí teaghlaigh, d'fhéadfadh go mbeadh an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán nó neamhábhartha.)

Is féidir le hiontaobhaithe, agus daoine eile, bréag a insint nó caint sheachantach a dhéanamh. Tá cás feicthe agam nuair a dúirt faisnéis a thug ag iontaobhaí (gaol le ball scéime atá anois éagtha) nach raibh sé “ag fáil sochair ar bith” lasmuigh dá thuarastal. Mhionnaigh sé dhá mhionnscribhinn ar an ábhar céanna. Sa chás seo, is cosúil go bhfuil teidlíocht shuntasach. Tá “litir mhianta” chomh maith atá sínithe go haibheartaithe ag an mball, go bhféadfadh a bheith bréagach. I gcás eile, rinne faisnéis a thiomsaigh sainchomhairleoirí pinsean, teidlíocht an bhaill a ghanniontráil go mór.

Fadhb eile atá ann ná dréachtú an ordaithe. Go minic, tarlaíonn sé seo ar chúl clúdaigh litreach tar éis idirbheartaíochtaí idir achchóidí. Bhí fiordhíomá ar ghearánaí amháin leis an teip ar ordú chun teagmhas báis a iar-fear céile (anois éagtha) roimh scor a chlúdach – cé gur iarr a Fógra Tairisceana ordú chun seo a chúdach.

Sheol gearánaí eile dhá dhréachtordú chugam a bhí ullmhaithe ag atunaetha a fear céile. Rinne sí gearán nach raibh sí ag fáil íocaíochta ar bith. Thit sé amach gur chlúdaigh orduithe bás an iar-fhir céile, roimh agus tar éis scoir, ach níor áiríodh an teagmhas go mairfeadh sé chun an pinsean a bhailiú! Ar a laghad, is féidir léi iarratas a dhéanamh chun ceann de na horduithe a mhodhnú.

Ní OCP a bhí in ordú cúirte eile, cé go raibh an tsuim ar thagair sé dó tagtha ó theidlíocht phinsin. Níor cuireadh seo in iúl

d'iontaobhaithe na scéime (cé go ndearnadh é a sheirbheáil orthu). Thagair sé d'íocaíocht €10,000 as teidlíocht neamhaitheanta de €24,000. Tar éis iniúchta, tháinig sé chun solais go raibh sé beartaithe gur OCP a bheadh i gceist – agus nach raibh teidlíocht chéile an bhaill faoi na rialacha €24,000, ach €36,000 (nó €52,000 má chuaigh sé ar scor toisc drochshláinte, mar a bhí fíor anseo). Bhí an dá pháirtí ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce, agus b'éigean dóibh dul go deireadh na scuaine sula bhféadfaidís cead a lorg iontráil in athuair. Idir an dá linn, dhiúltaigh an t-iontaobhaí, atá intuigthe, aon íocaíocht a dhéanamh le duine ar bith.

Bhí ordú eile faoi shochair scoir dréachtaithe go foirfe, bunaithe ar thréimhse shonrach agus céatadán sonrach. Cibé ar bith, tógadh aicearra agus úsáideadh an fhocláíocht chéanna san ordú ag clúdú sochair theagmhásacha, nach bhfuil aon srian maidir le thréimhse shonrach ag teastáil ann. Tá an sochar báis anseo, mar atá i bhformhór na scéimeanna, bunaithe ar sheirbhís sa todhchaí chomh maith le seirbhís atá déanta, agus b'éigean do na hiontaobhaithe rún an ordaithe a léirmhíniú chomh maith agus a bhféadfaidís, tar éis bhás an bhaill.

Fadhb eile ná orduithe atá deartha chun cosaint a sholáthar do theidlíochtaí pinsean. Is cosúil go bhfuil comhdhearcaidh ann nach bhfuil ordú “NEAMHNI” éifeachtach faoin reachtaíocht. An cleachtas atá ann ná orduithe a tharraingt aníos ag sonrú mionmhéideanna – cosúil le .0001 de shochar a fabhraíodh i lá amháin – agus ag cur cosc dá réir ar athrú ar bith san ordú sa todhchaí. Is seift thútach í seo, a mhéadaíonn raon na hearráide, agus d'fhéadfaí leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht seo.

## Pinsin na hEarnála Poiblí

D'aimsigh mé gearán faoi theip maidir le OCP a sheirbheáil ar chor ar bith. Tá an scéim san earnáil phoiblí, agus tá an roinn rialtais ag lorg comhairle dlí, toisc nár aimsíodh an t-ordú go dtí bás bhall na scéime. Bhí fios ag an tairbhí go raibh an t-ordú déanta, ach ní fhéadfadh sí a aturnaí a fháil len é a sheirbheáil; rinneadh é a sheirbheáil ar deireadh tar éis idirghabhála uaim féin.

Tá mórchúram ag teastáil le pinsin na hearnála poiblí, mar d'fhéadfadh níos mó ná scéim amháin a bheith i gceist. Go coitianta, tá péire ann – scéim aoisliúntais, a chlúdaíonn pinsean

*‘Tarlaíonn dréachtú an ordaithe go minic ar chúl clúdaigh litreach’*

pearsanta agus aisce scoir, agus aisce bháis – agus scéim na gcéilí agus na leanaí, a chlúdaíonn pinsin atá iníoctha le cleithiúnaigh, ar bhás le linn seirbhíse agus ar bhás tar éis scoir araon. Is féidir leis na dátaí iontrála do scéimeanna difriúla a bheith éagsúil.

I réimse an rialtais áitiúil, a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe an FSS chomh maith, soláthraíonn scéim amháin na sochair ar fad. D'fhéadfadh scéimeanna earnála poiblí eile a bheith ann oná bhféadfadh, nó nach bhféadfadh, sochair a bheith aistrithe, agus d'fhéadfadh scéim a bheith ann chomh maith do ranníocaíochtaí deonacha breise le hiontaobhaithe/riarthóirí ar leith. Cé go leanann formhór na scéimeanna earnála poiblí an patrún leathan céanna, tá eisceachtaí áirithe ann, cosúil leis na Fórsaí Cosanta.

Cuimsíonn fadhbanna a fheictear go rialta san earnáil phoiblí iarrachtaí chun pinsin na gcéilí a íoc le leanaí, agus a mhalairt – iarracht (neamhrathúil) atá sa dara ceann chun sochair a theorannú do leanaí in aontas ar bith ina

dhiadh sin. Déileáileann na scéimeanna go cothrom le gach leanbh.

Tá cáipéis úsáideach agus sonraithe ag an Roinn Airgeadais ar OCP agus pinsin na seirbhíse poiblí – níor chóir do chleachtóir ar bith tabhairt faoi na scéimeanna seo gan an cháipéis seo.

Go ginearálta, ba chóir tabhairt faoi OCP go cúramach. Is ábhar speisialtóra atá i gceist leo. D'fhéadfadh gur airgead atá caite go maith an costas a bhaineann le comhairle speisialtóra. Toisc ardluach na sochar, is féidir leo fadhbanna móra a chruthú má théann rudaí mícheart – fadhbanna a d'fhéadfadh leanúint ar feadh an tsaoil go bunúsach.

*(Déan teagmháil le hOmbudsman na bPinsin ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 nó seol ríomhphost chuig [info@pensionsombudsman.ie](mailto:info@pensionsombudsman.ie))*